


RIALACHAS AGUS FEIDHMÍOCHT

	page		page
Bord an Ospidéal	3	Síciatracht	44
Grúpa Feidhmeannach Bainistíochta	3	Éigeandáil	45
Foireann Comhairleoireachta	4	Míochaine Thimpistí agus Éigeandála	
Dlíthiúil & Baincéireacht	5	Stiúrthóireacht Seirbhísí Cliniciúla	
TUARASCÁLACHA CORPARÁIDEACHA	6	LabMed	48
Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh		Histeapaiteolaíocht, Haemateolaíocht (lena n-áirítear Ailse)	
Réamhra ón gCathaoirleach		Diagnóisic Móilíní/Míochaine Aistrithe), Micribhitheolaíocht (lena n-áirítear MRSA/TB Ref Labs) Imdhíoneolaíocht, Ceimic Cliniciúil	
BUAICPHOINTÍ FEIDHMÍOCHTA	12	DiagIm	55
Príomhthoirteanna Gníomhaíochta		Iomháu Diagnóiseach (X-gnatha)	
TUARASCÁLACHA RANNÁN CORPARÁIDEACH	17	ORIAN	56
Ráitis agus Tuarascáil Airgeadais		Obrádlanne, Aonad Máinliachta Lae, An tAonad Dianchúraim/An tAonad Ardspleáchais, Aonad Soláthairtí Steirileacha Ospidéal (HHSU) Seirbhísí Anaetéisí	
Iníúchadh Inmheánach			
Acmhainní Daonna			
Seirbhísí Eolais agus Bainistíochta			
Bainistíocht Ábhar			
Sláinte Saothair			
TUARASCÁLACHA RANNÁN NA SEIRBHÍSÍ	27	Seirbhísí Tacaíochtaí Cliniciúla	
Stiúrthóireachtaí Cliniciúla		SCOpe	58
CResT	28	Teiripe Urlabhra agus Teanga, Obair Shóisialta Mhíochaine, Cothú Cliniciúil, Teiripe Shaothair, Físitheiripe	
Cairdeolaíocht, Míochaine Riospráide, Máinliacht Chardatórascach, Cúram Maolaitheach, Cógaseolaíocht & Teiripic, Máinliacht Shoithíoch (i dtrasdul)		Cógaseolaíocht	62
HOPe	32	Seirbhísí Cógaseolaíochta Cliniciúla	
Haemateolaíocht, Oinceolaíocht Míochaine agus Radaíochta, An Lárionad Náisiúnta um Aistriú Smeara i nDaoine Fásta Trasphlandú, An Lárionad Náisiúnta um Staidéir Theachtaidh Dhúchasaigh		Lárionad Náisiúnta um Eolas ar Chógas	64
MedEL	36	An tIonad um Ardtheiripithe Cliniciúla	
Míochaine do Dhaoine Scothaosta		Fisic Míochaine agus Bithinnealtóireacht	65
SaMS	38	Seirbhísí Tacaíochta Ginearálta	67
Deirmeolaíocht, Inchríneolaíocht, G.U.I.D.E, Géinicéolaíocht, Néareolaíocht, Oftailmeolaíocht, Réamaiteolaíocht, Úireolaíocht, Néaraifiseolaíocht Chliniciúil		Lónadóireacht, Póirtéireacht, Slándúil, Seirbhísí Teicniúla, Séiplíneacht, Bainistíocht Fuinnimh, Seirbhísí Comhshaoil, Coinneáil Tí, Seirbhísí Linéadaigh	
GEMS	41	Altranas	70
ochaine agus Máinliacht Ghastráistéigeach, Míochaine Ghinearálta lena n-áirítear Heipiteolaíocht, Máinliacht Ghinearálta, ENT		An tAonad Forbartha um Chleachtadh Altranais An tIonad d'Oideachas Altraí	
TRAUMA (san eolas)	43	Gníomhaíochtaí Oideachasúla	72
Aonad na nDónna/Máinliacht Phlaisteach agus Atógála, Máinliacht Mhascaille, An tAonad Ordátondach agus Scoilte, Máinliacht Ortaipéideach. leathanach		Insitiúid Haughton Ionad Iarchéime William Stokes	
		TUARASCÁLACHA CHLÁIR RANNÓIGE	75
		An Clár Tionsnaimh Cháilíochta Pleanáil agus Coimisiúin	
		Foilseacháin	79



COMHALTAÍ BHORD AN OSPIDÉIL

An Tollamh Tom Mitchell

Cathairleach Bhord an Ospidéil ó
Aibreán 2002

M MacGuinness, Uasal

Bainisteoir Altraí Cliniciúla

An Bardasach M. Donnelly

An Dochtúir F. O’Kelly

Liachleachtóir ginearálta
AN DOCHTÚIR F. O’KELLY

S.G Watson, Uasal

Dlíodóirí Matheson Ormsby
Prentice

An Tollamh J. Feeley

Lia Ginearálta Comhairleach

An Dochtúir P.W.N Keeling

Ceaptha ag an Aire

M. McGennis

T.D.

An Dochtúir J.B. Walsh

Dochtúir Seanliachta Comhairleach

An Dochtúir P. Browne

Haemaiteolaí Comhairleach

An Comhairleoir G. Keegan

An Tollamh J. Scott

Coláiste na Tríonóide

An Tollamh J. Murray

Ollamh Staidéar Gnó, TCD

EXECUTIVE MANAGEMENT GROUP

I. Carter, Uasal

Leas-Phríomhfheidhmeannach /
Bainisteoir Oibríúchán

An Dochtúir L. Barnes

Stiúrthóir Cliniciúil, Stiúrthóireacht
SaMS

An Dochtúir Prakash Madhavan

Cathairleach Fhoghrúpa Téarma
Máinliachta

An Dochtúir J. Kennedy

Cathairleach Fho-Ghrúpa na
Lianna

An Dochtúir B. White

Stiúrthóir Cliniciúil, Lab Med

An Dochtúir J.B Walsh

Stiúrthóir Cliniciúil. Stiúrthóireacht
MedEl

J. O’Brien, Uasal

Oifigeach Príomhfheidhmeannach
(Cathairleach)

An Dochtúir P. Freyne

Stiúrthóir Cliniciúil, Stiúrthóir
Diaglm

An Tollamh S. McCann

Stiúrthóir Cliniciúil, Stiúrthóireacht
Hope

M. O’Hagan, Uasal

Bainisteoir Lucht Oibre Míochaine

B. Fitzgerald, Uasal

Stiúrthóir Airgeadais

P. Carolan, Uasal

Bainisteoir Ábhar

An Tollamh L. Clancy

Stiúrthóir Cliniciúil, Stiúrthóireacht
Crest

E. Hardiman, Uasal

Stiúrthóir, Seirbhísí Altranais

An Dochtúir P.W.N Keeling

Stiúrthóir Cliniciúil, Stiúrthóireacht
GEMS

P. Plunkett, Uasal

Stiúrthóir Cliniciúil, Stiúrthóireacht
Éigeandála

An Tollamh M. Cullen

Cathairleach, Bord Míochaine

D. Aberdeen, Uasal

Ceannasaí Pearsanra

J. Deegan, Uasal

Bainisteoir, Seirbhísí Tacaíochta
Ginearálta

FOIREANN COMHAIRLEOIREACHTA

An Dochtúir M Abrahams, Anaestéisí
An Dochtúir L Barnes, Deirmeolaí
An Dochtúir M Barry, Cógaseolaí Cliniciúil
JC Beirne, Uasal, Máinlia Béil agus Macsaille
An Dochtúir C Bergin, Galair Ionfhabhtaíocha
D Borton, Uasal, Máinlia Ortaipéideach
T Boyle, Uasal, Máinlia
F Brady, Uasal, Máinlia Béil agus Macsaille
An Dochtúir F Brett, Néaraipiteolaí
An Dochtúir PV Browne, Haemaiteolaí
An Dochtúir G Canny, Péidiatraí
H Cassidy, Uasal, Oftailmeolaí
An tOllamh L Clancy, Lia Riospráide
An Dochtúir E Conneally, Haemaiteolaí
An tOllamh D Coakley, Dochtúir Seanliachta
An Dochtúir S Connolly, Néaraifhiseolaí
An Dochtúir P Crean, Cairdeolaí
An Dochtúir B Crowley, Micribitheolaí
An tOllamh M Cullen, Inchríneolaí
An Dochtúir C Cunnane, Réamaiteolaí
An Dochtúir C Cunningham, Dochtúir Seanliachta
An tOllamh PA Daly, Oinceolaí Míochaine
An Dochtúir N Dowd, Anaestéisí
An Dochtúir M Doran, Réamaiteolaí
P Eadie, Uasal, Máinlia Plaisteach
An Dochtúir C Fagan, Anaestéisí
An tOllamh J Feely, Lia Ginearálta
An tOllamh C Feighery, Imdhíoneolaí
G Fenelon, Uasal, Máinlia Ortaipéideach
An Dochtúir JB Foley, Cairdeolaí
An Dochtúir L Fox, Anaestéisí
An Dochtúir PJ Freyne, Raideolaí
An Dochtúir E Gaffney, Histeapaiteolaí
An Dochtúir U Geary, Comhairleoir Éigeandála
An Dochtúir M Gill, Síciatraí
R Grainger, Uasal, Úireolaí
An Dochtúir M Griffin, Histeapaiteolaí/Cíteapaiteolaí
An tOllamh D Hollywood, Radaiteiripeoir
An Dochtúir N Hughes, Anaestéisí
An Dochtúir A Irvine, Deirmeolaí
An Dochtúir PWN Keeling, Gaistrentreolaí
An Dochtúir E Keenan, Síciatraí
An Dochtúir D Keane, Cairdeolaí
An Dochtúir J Keane, Lia Riospráide
An tOllamh D Kelleher, Ollamh Míochaine
An Dochtúir J Kennedy, Oinceolaí Míochaine
An Dochtúir M Keogan, Raideolaí
An Dochtúir B Kirby, Deirmeolaí
An Dochtúir RJ Kirkham, Anaestéisí
G Kronn, Uasal, Máinlia Fiacla
An Dochtúir B Lawless, Anaestéisí
An Dochtúir B Lawlor, Sícigeiriatraí
D Lawlor, Uasal, Máinlia Plaisteach
An Dochtúir E Lawlor, Haemaiteolaí
T Lynch, Uasal, Úireolaí
An Dochtúir M Mac Evilly, Anaestéisí
An tOllamh SR McCann, Haemaiteolaí
An Dochtúir D McCoy, Anaestéisí
An Dochtúir C McCrory, Anaestéisí
An Dochtúir R McDermott, Raideolaí
T McDermott, Uasal, Úireolaí
An Dochtúir N McEniff, Raideolaí
E McGovern, Uasal, Máinlia Cardatóracsach
An Dochtúir E McGuinness, Cnáimhseoir/Lia Ban
Comhairleach E McKiernan, Uasal, Ortadóntóir
An Dochtúir S McKiernan, Gaistrentreolaí
G McMahan, Uasal, Comhairleoir Éigeandála
An Dochtúir E McNamara, Micribitheolaí
An Dochtúir M McMenamin, Histeapaiteolaí
DP McShane, Uasal, Máinlia Cluas, Sróine agus Scornaí
P Madhavan, Uasal, Máinlia Soithíoch
An Dochtúir JM Meaney, Raideolaí
An Dochtúir G Mellotte, Neifreolaí
An Dochtúir C Merry, Galair Ionfhabhtaíocha
An Dochtúir STK Miller, Raideolaí
An Dochtúir MP Molloy, Raideolaí
D Moore, Uasal, Máinlia Soithíoch
An Dochtúir J Moriarty, Anaestéisí
An Dochtúir F Mulchay, Lia Úraiginitíúil
An Dochtúir TE Mulvihill, Micribitheolaí
An Dochtúir RP Murphy, Néareolaí
An Dochtúir S Nicholson, Histeapaiteolaí
An Dochtúir B Nolan, Haemaiteolaí
J Nolan, Uasal, Inchríneolaí
An Dochtúir S Norris, Gaistrentreolaí
An Dochtúir DS Ó Briain, Histeapaiteolaí
An Dochtúir K O'Byrne, Oinceolaí Míochaine
An Dochtúir B O'Connell, Micribitheolaí

An Dochtúir F O'Connell, Míochaine Riospráide
An Dochtúir H O'Connor, Lia Ban
M O'Connor, Uasal, Oftailmeolaí
An Dochtúir M O'Donnell, Máinlia Plaisteach
An Dochtúir A O'Dwyer, Síciatraí Idirchaidrimh
An Dochtúir F O'Higgins, Anaestéisí
An tOllamh J O'Leary, Ollamh Paiteolaíochta
An Dochtúir A Ó Marcaigh, Haemaiteolaí Péidiactrach
An Dochtúir D O'Riordan, Lia Ginearálta
An Dochtúir J O'Riordan, Haemaiteolaí
An Dochtúir L Ó Sioráin, Lia
An Dochtúir C O'Sullivan, Oinceolaí Radaíochta
An Dochtúir E O'Sullivan, Anaestéisí
D Orr, Uasal, Máinlia Plaisteach
PK Plunkett, Uasal, Comhairleoir Éigeandála
RD Quill, Uasal, Máinlia Ginearálta
An Dochtúir JMT Redmond, Néareolaí
An tOllamh J Reynolds, Ollamh Máinliachta
An Dochtúir T Ryan, Anaestéisí
An Dochtúir P Scanlon, Anaestéisí
An Dochtúir T Schnittger, Anaestéisí
An Dochtúir P Scully, Síciatraí

An Dochtúir D Shanley, Síciatraí
An Dochtúir B Silke, Lia Ginearálta
An Dochtúir OP Smith, Haemaiteolaí
H Smyth, Uasal, Máinlia Ortaipéideach
An Dochtúir M Staines, Síciatraí
R Stephens, Uasal, Máinlia Ginearálta
An Dochtúir B Stuart, Lia Ban
An tOllamh C Timon, Máinlia Cluas, Sróine agus Scornaí
An Dochtúir M Toner, Paiteolaí Béil
M Tolan, Uasal, Máinlia Cardatóracsach
An Dochtúir C Traynor, Anaesthetist
An Dochtúir E Vandenberg, Haemaiteolaí
An Dochtúir P Vaughan, Anaesthetist
An Dochtúir JB Walsh, Dochtúir Seanliachta
An Dochtúir MJ Walsh, Cairdeolaí
An Dochtúir R Watson, Deirmeolaí
An Dochtúir B White, Haemaiteolaí
An Dochtúir GF Wilson, Raideolaí
An Dochtúir V Young, Máinlia Cardatóracsach

BAINCÉIREACHT DHLÍTHIÚIL

Iníúcháirí

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 1

BAINCÉIRÍ

Banc na hÉireann
85 Sráid San Séamas
Baile Átha Cliath 2

Permanent TSB
16-17 Faiche an Choláiste
Baile Átha Cliath 2

Comhairleoirí Dlí

Dlíodóirí A agus L Goodbody,
An Lárionad Idirnáisiúnta um Sheirbhísí
Airgeadais
Cé an Phoirt Thuaidh
Baile Átha Cliath 1

Mc Cann Fitzgerald,
2 Plás Mháistir an Phoirt
Duga Theach an Chustaim
Baile Átha Cliath 2

Bróicéirí Áracháis

Marsh Ireland Ltd,
10-11 Plás Laighean Theas
Baile Átha Cliath 2



Chairman
Professor
Tom Mitchell

RÉAMHRÁ ÓN GCATHAOIRLEACH

Bliain dhúshlánach eile a bhí sa bhliain a chuaigh thart ag ospidéal na hÉireann mar gheall ar an éiginnteacht a bhain le cúrsaí maoinithe agus an brú méadaithe ar acmhainní na n-ospidéal. D'ainneoin laghdú 5.6% sa chéad dul síos i bhfíorthéarmaí ar dheontas an ospidéal, chuir Ospidéal Naomh Séamas 2003 isteach gan easnamh a tharraingt air féin agus gan áiseanna ar bith a dhúnadh nó gearradh siar ar sheirbhísí. Ní gan iarracht mhór a baineadh an méid sin amach, agus theastaigh bainistíocht sciliúil agus comhoibriú den scoth ó phobal iomlán an ospidéal. Ar son an Bhoird ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an lucht bainistíochta agus leis an bhfoireann as a dtiomantas maidir le tús áite a thabhairt do chúram othar agus as ualach breise a ghlacadh chun a chinntiú go bhféadfaí leibhéal agus cáilíocht na seirbhísí a chothabháil.

Cé go raibh cúrsaí deacair i 2003, ní mór aird a dhíriú ar roinnt éachtaí suntasacha a baineadh amach. Leanadh ar aghaidh le háiseanna fisiciúla agus bonneagair ghinearálta an ospidéal a chur chun cinn. Críochnaíodh Céim 1H, leis an ionad mór cóirithe lae do mháinliacht agus míochaine, taobh istigh den bhuiséad agus tugadh dúinn é i mí Bealtaine. Táthar ag leanacht ar aghaidh ar bhonn dian le hidirbheartaíochtaí maidir le maoiniú do na háiseanna agus táthar ag súil go n-osclófar iad gan mórán moille.

Faoi dheireadh, aimsíodh maoiniú don síneadh ar an Rannóg Éigeandála i rith 2003 agus tá an tionscadal sin le críochnú go luath i 2005.

Ullmhaíodh treoracha sonraithe do thógáil mhórchodanna de Chéim II den Phlean Forbartha mar aon le haonad speisialtóireachta leapacha chun cóiriú leighis a chur ar fáil do haemifile agus heipitíteas C. Is iad sin na hardtosáíochtaí caipitiúla do 2004.

Cuireadh leis an stór trealaimh freisin i 2003. Ábhar mór imní a bhí anseo le blianta beaga anuas mar gheall

ar deireadh a bheith curtha le maoiniú a bheith curtha ar fáil go sonrach do threalamh. Aimsíodh acmhainní chun an dara scanóir CT a cheannach agus chun an tSeirbhís Bhainistíochta Íomhá Comhtháthaithe, a bhfuil mórtábhacht léi, a inshealbhú. Tá moladh ar leith ag dul do scileanna foighdeacha idirbheartaíochta an Phríomhoifigigh Fheidhmeannaigh, John O'Brien, as an airgead a aimsiú chun na ceannaigh sin a dhéanamh.

Cuireadh Straitéis Chorporáideach nua i gcríoch do na blianta 2004-2009 i rith na bliana. Tionscadal mór a bhí ann ina raibh comhairliúchán forleathan laistigh den ospidéal agus le pobail áitiúla. Is cáipéis thábhachtach í an tuarascáil seo a leagann amach go soiléir luachanna agus tosaíochtaí an ospidéal, an bhéim a chuireann sé ar chúram othar, a cheangal do riachtanais an phobail áitiúil agus a thiomantas chun úsáid a bhaint as na hacmhainní eisceachtúla atá aige mar ospidéal mór teagaisc agus taighde chun ceannasaíocht a thabhairt maidir le heolas agus cóiriú leighis nua a ghineadh thar réimse speisialtóireachtaí.

Tá an t-ospidéal ag obair go fuinniúil agus go cruthaitheach chun ionaid láidre de cháilíocht idirnáisiúnta a fhorbairt i réimsí cosúil le Cúram Ailse, Ag Dul in Aois, Haemaiteolaíocht agus Galair Chardashoithíochta agus leanann sé air de bheith ag cuardach féidearthachtaí comhpháirtíochta a d'éascódh bunú Lárionaid um Shláinte Acadúil den scoth leis na háiseanna agus t-uasmhéid saineolaithe cliniciúla agus taighdeoirí a bheadh in ann seirbhísí den cháilíocht idirnáisiúnta is airde a sholáthar. De réir mar a théann an rialtas ar aghaidh chun sochaí eolais a chruthú, ní mór go mbeadh áit lárnach ag eolaíocht mhíochaine ina straitéis, agus go mbeadh acmhainní daonna agus poitéinseal taighde in Éirinn nach sáródh éinne eile. Sa chás sin, bheadh riachtanas ag baint le Lárionad mór de Stádas Idirnáisiúnta, faoi mar a shamhlaíonn lucht Ospidéal Naomh Séamas.

Idir an dá linn tá fadhbanna bunúsacha eile ann nach féidir a chur ar an méar fhada. An éiginnteacht a

bhaineann le maoiniú a eascraíonn go príomha as an teip chun bunús cionroinnte an ospidéal a dhaingniú agus chun na príomhthiománaithe costais a thabhairt san áireamh atá bunaithe ar mhéid agus ar an teicneolaíocht. Ní amháin go bhfuil siad ag cothú anró, ach tá siad ag méadú ar fhadhbanna as a dtiocfaidh costais níos mó sa todhchaí. Léiríonn an teip maidir le maoiniú a sholáthar chun foirgintí nua a oscailt, foirgintí a bhfuil infheistíocht de mhéideanna móra caipitiúla déanta iontu agus atá ag teastáil go géar chun an brú ar áiseanna a bhfuil róphlódú orthu cheana a éascú, léiríonn an teip sin an praghas atá á íoc as polasaithe a chuireann teorainn mhíreasúnta ar leibhéal seirbhísí agus costas.

Ach is í an fhadhb is práinní a bhaineann le seirbhísí ospidéal ná an ganntanas leapacha ar fud an chórais, rud atá mar chosc ollmhór ar chúram éifeachtach d'ardcháilíocht d'othair. Is é an líon míshásúil leapacha an phríomhchúis atá leis an róphlódú othar i Rannóga Éigeandála, a mbíonn othair a chaithfear a chur isteach san ospidéal fágtha iontu mar nach mbíonn leapacha ar bith ar fáil sna bardaí. Is é an phríomhchúis freisin é maidir le máinliacht thoghaí a bheith curtha ar athló nó ar ceal, rud atá mar chúis mhór imní don oiread sin daoine.

Cuirtear go mór ar fad leis an nganntanas leapacha go foriomlán mar gheall ar ghanntanas eile in áiseanna athshlánaithe agus chúraim fhadthéarmaigh, rud a chiallaíonn go gcoinnítear othair nach dteastaíonn géarchúram uathu níos mó san ospidéal níos faide ná mar is gá. Cur amú mór is ea an easpa comhordnaithe i soláthar seirbhísí d'othair a dteastaíonn cúram leathnaithe uathu, ach ní géarchúram, agus tá géarghá le réiteach ar an neamhéifeachtúlacht seo.

Tá cúis dóchais ann go rachfar i ngleic leis an bhfadhb seo agus leis na lochtanna maoinithe níos leithne agus go dtiocfaidh leasuithe eile ar eagrú seirbhísí ospidéal atá de dhíth as na hathbhreithnithe a choimisiúnaigh an tAire le déanaí. Tréimhse dhúshlánach atá roimh an

ospidéal sna blianta beaga atá romhainn mar a dhíríonn sé ar fhorbairtí nua agus ar cheiliúradh ar thrí chéad bliain de sheirbhísí chúram sláinte ar an láthair i 2004/2005.

Thomas N. Mitchell,
Cathaoirleach.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2003

PRÍOMHFHEIDHMEANNACH

Tá an-áthas orm an tuarascáil forbhreathnaithe seo ar fheidhmíocht agus forbairt an Ospidéil i rith 2003 a chur i láthair.

CEISTEANNA CORPARÁIDEACHA

Cosúil le blianta eile, dhírigh bainistíocht agus feidhmíocht an phríomhfheidhmiúcháin do 2003 ar éachtaí i leibhéal pleanáilte an tseachadta seirbhísí taobh istigh de chreat na n-implínte airgeadais agus caighdeáin leagtha i bPlean Soláthróra an Ospidéil. Agus ní den chéad uair a bhí toradh feidhmíochta don bhliain thar a bheith creidiúnach.

Tharla níos mó gníomhaíochtaí sa réimse thábhachtach seirbhísí arís ná mar a bhí pleanáilte agus ná mar a tharla blianta roimhe seo i ngach cás. Sháraigh gníomhaíocht bhunlíne othair in-tí na leibhéil mheasta le 6%. Mhéadaigh innéacs othair in-tí cásmheascáin an ospidéil chomh maith i rith 2003, rud a thomhasann leibhéal castachta na ngníomhaíochta. D'fhan othair san ospidéal 10.94 lá ar an meán. Lean an patrún maidir le leibhéal iomarcach úsáidte a claráíodh i mblianta roimhe seo ar aghaidh in 2003 le ráta gaolmhar 94.74% taifeadta don bhliain. Tá tionchar diúltach aige seo ar sheirbhísí d'othair ar go leor bealaí, iontráil roghnach phráinneach a chur ar ceal agus moill nach féidir glacadh leis a chruthú in othair atá ag fanacht le dul isteach sa Roinn Éigeandála a aistriú go leapacha othair in-tí. Mar a tuairiscíodh roimhe seo, tá tionchar dáiríre ag an gcás seo ar chaighdeán i dtéarmaí sábháilteachta agus cúraim d'othair. Sa chomhthéacs ginearálta seo, bhí an-áthas ar an Ospidéal 74 leaba breise a oscailt i rith 2003 a cuireadh ar fáil faoi choimirce réamhchéim an Rialtais leapacha urraithe a mhéadú sa Chóras Sláinte. San áireamh sa soláthar seo bhí 12 leapa speisialaithe a raibh géarghá leo i Haemateolaíocht/Oinceolaíocht (6 leaba) agus Dianchúram (6 leaba) mar aon le 62 aonad leapacha ginearálta. Tugadh 59 de na leapacha breise ginearálta chun tacaíocht a thabhairt d'fheidhm Éigeandála an Ospidéil agus chun feidhmiú mar Aonad Measúnachta

Géarmhíochaine (AMAU). Tá sé seo deartha chun a chinntiú go bhfaighfear an úsáid is fearr agus an leas is fearr d'othair as méid méadaithe leapacha. Teastaíonn an méid leapacha d'othair in-tí in Ospidéal Naomh Séamus a mhéadú chun é a éascú dó riachtanais ghaolmhara othar a chomhlíonadh i gceart. Mar sin féin, tá an cás maidir le géarchumas othar a bhfuil a ngéarchúram críochnaithe acu agus a dteastaíonn cóiríocht chónaitheach uathu i láthair níos oiriúnaí ach nach féidir a scaoileadh amach mar gheall nach bhfuil na saoráidí sin oiriúnach nó nach bhfuil siad ar fáil mar a chéile i gcónaí agus go deimhin faighte níos measa atá sé. In 2003, cuireadh moill ar os cionn 130 othar scaoilte amach ag an ospidéal ar feadh tréimhse sách fada agus bhí 107 fós le réiteach ag deireadh na bliana. Tá an cheist bunaithe anois mar an ghné is mó a shrianann feidhmiú ordaithe an Ospidéil. Níl sé seo inmharthana sa todhchaí agus teastaíonn idirghabháil dírithe ar leigheas forránach. Chomh maith le bheith ina ghné is suntasaí don fheithemh le leapacha in-tí sa Roinn Éigeandála, cealú roghnach agus othair lae agus méadú ar an liosta feithimh, tá tionchar dáiríre aige ar sprid na foirne agus ar chothú scileanna agus cruthaíonn sé neamhéifeachtaí móra costas don Ospidéal. Tá sé riachtanach tabhairt faoin gcás go hionsaitheach agus é a réiteach in 2004.

Chríochnaigh an tOspidéal tionscnamh an-rathúil maidir leis an liosta feithimh d'othair in-tí in 2003. Mar thoradh air sin bhí siad seo a leanas:

- Cóireáil 1730 cás ag Ospidéal Naomh Séamus
- Cóireáil 360 cás san Earnáil Phríobháideach faoi chúram an Chiste Náisiúnta Ceannacháin Cóireála (NTPF)
- Cóireáil 171 cás in Ospidéal Naomh Séamus faoi chúram an Chiste Náisiúnta Ceannacháin Cóireála (NTPF)
- Laghdú ar an líon iomlán ag feitheamh ó 1089 go 994 (9%)
- Gach othar ag feitheamh os cionn sé mhí a thógáil den liosta feithimh d'othair in-tí (seachvótáil ar amanna feithimh)

Bhí baint amach an spriocheartais ag an Ospidéal agus ag an Rialtais gan aon othar a bheith ag feitheamh os cionn sé mhí ar chóireáil

Chief Executive
John O'Brien

faoi dheireadh 2003 thar a bheith sásúil.

Chuidigh an NTPF go mór leis an Ospidéal an méid sin a bhaint amach. Is léir go bhfuil an tOspidéal ag brath go hiomlán ar mhaoiniú a fháil go leanúnach ar an liosta feithimh ón Roinn Sláinte & Leanaí chun é a éascú an staid sa réimse seo a choinneáil.

Sháraigh gníomhaíocht lae na leibhéil phleanáilte le 27% in 2003. Ba é an méadú bliain ar bhliain ná 12%. Tá soláthar forbraíochta san ospidéal deartha chun feabhas mór a chur ar fheidhmíocht sa réimse seo in 2004. Is ábhar imní i gcónaí na hamanna feithimh d'ísothair nua. Leanfaidh an soláthar deartha chun tuiscint a fháil ar an gcúis leo seo a bhunú agus na roghanna chun iad a réiteach ar aghaidh in 2004.

Tugann torthaí iomlána fianaise do chomh gnóthach is atá an tOspidéal i gcónaí. Cuireann sé seo an-bhrú ar áiseanna agus acmhainní foirne ag an Ospidéal agus tá tionchar neamhfhabhrach aige ar shábháilteacht agus ar chaighdeán na seirbhísí i réimsí áirithe.

In aghaidh chúlra na seirbhíse seo, bhí feidhmíocht airgeadais le moladh arís ag an Ospidéal ag leibhéal na feidhmíochta, le farasbarr beag €0.389m ar leithdháileadh €273.432m. Mar thoradh air seo bhí farasbarr glan deiridh €0.185m tugtha chun tosaigh ag deireadh na bliana. Chun é seo a bhaint amach, bhí gá leis an Ospidéal éifeachtacht leathan agus bearta chun costas a laghdú ar cuireadh tús leo sa dara leath de 2002 a choimeád. Lean freagra na foirne sa réimse seo de bheith nuálach agus éifeachtach agus d'éascaigh sé leanúnachas sa tseirbhís iomlán i rith 2003. Níl na forálacha seo, mar sin féin, ach inmharthana sa ghearrthréimhse. Tá géarghá anois le maoiniú bunlíne an Ospidéil a chomhdhlúthú ag leibhéal réadúil.

Mar a tuairiscíodh roimhe seo, déanann leibhéal maoiniúcháin forbraíochta agus éiginnteacht i leith bunlíne agus leordhóthaineacht ina leith sin pleanáil agus seachadadh seirbhíse ar an mbealach a dteastaíonn sí agus a mbíonn sí tuillte ag lucht leasa an Ospidéil neamhfheidhdeartha. Leanann an tOspidéal in éineacht leis na hOspidéil Acadúla Teagaisc ag obair leis an ERHA

chun nithe sa réimse rithábachtach seo a réiteach.

TIONSCNAIMH SEIRBHÍSE

Lean roinnt forbairtí tábhachtacha i réimse riachtanacha cliniciúla ar aghaidh ag an Ospidéal i rith 2003, mar seo a leanas den chuid is mó:

- Forbairt shuntasach ar Sheirbhísí Falls/Syncope agus ar Sheirbhísí Oistéapóróis sa Stiúthóireacht MedEl
- Forbairt bhreise ar an áis Baile-as-Baile in Aonad Cúram Fadtréimhseach an ospidéil
- Seirbhís iaidín-raidió a fhorbairt san Ospidéal. Mar gheall air seo ní bheidh gá ar na hothair a dteastaíonn an tseirbhís seo uathu taisteal thar lear chun cóireáil ghaolmhar a fháil
- Seirbhís Epidermolysis Bullosa a bhunú i gcomhair le hOspidéal Mhuire do Pháistí Breoite
- Tá tús curtha le forbairt ar sheirbhísí sna réimsí seo a leanas cheana féin:
 - Diagnóisic Móilíneach
 - Máinliacht béil agus Macaill
 - Leigheas Duánach
 - Galair Ionfhabhtaíocha
 - Cead leanúint ar aghaidh le Ceapacháin Comhairleora bhreise i Míochaine Seanliachta, Máinliacht Ghinearálta, Máinliacht Phlaisteach agus Athchumtha, Raideolaíocht, Histeapaiteolaíocht, Oinceolaíocht, Paiteolaíocht Cheimiceach agus Cúram Maolaitheach
 - Forbairt nuálach an Tionscnaimh Chúraim Roinnte i gcás go dtugann foireann an Ospidéil tacaíocht dhíreach d'othair sa bhaile go luath tar éis iad a scaoileadh amach, agus ar an mbealach sin toradh an othair a fheabhsú agus a t(h)réimhse san Ospidéal a laghdú
 - Socrú comhpháirtíochta a bhunú ina

mbeidh cúram meán/fadtréimhseach d'othair i mBrú Chaoimhín i mBord Sláinte an Limistéir Thiar Theas

Ar an dul chun cinn tábhachtach eile a cláraíodh san Ospidéal i rith 2003 bhí siad seo a leanas:

- Céim 1 den Chóras Bainistíochta Ábhar/Airgeadas SAP a chur i bhfeidhm. Éascaíonn an fhorbairt shuntasach seo tóraíocht acmhainní feabhsaithe agus forálacha rialúcháin airgeadais san Ospidéal chomh maith le féidearthachtaí faisnéise buiséid a chur chun cinn go mór
- Comhaontú ón Roinn Sláinte & Leanaí ar cuireadh fáilte mhór roimhe chun tús a chur leis an bpróiseas Córas Bainistíochta Íomhá Comhtháite (PACS san áireamh) a sholáthar don Ospidéal. Cuirfidh an fhorbairt seo go mór le bainistíocht íomhá a shruthlíniú, le feabhas mór a chur ar éifeachtacht agus VFM sa réimse seo, leis an bhféidearthacht Roinn Íomhá a bhunú gan pháipéar ná scannán a chruthú agus le laghdú suntasach a dhéanamh ar riosca agus sábháilteacht a fheabhsú d'othair a mbraitheann a bhfáthmheas, a gcóireáil agus a gcúram ar íomhá

TIONSCNAIMH SAORÁIDÍ

Rinneadh dul chun cinn mór ar roinnt tionscnamh forbraíochta saoráidí comhaontaithe i rith 2003. Bhí siad seo a leanas ar na forálacha tábhachtacha gaolmhara:

- Céim 1H den chlár mór forbartha Ospidéal a thabhairt ar láimh. Aonad cúraim aonair otharchairr atá sa saoráid nua seo ina bhfuil foráil do réimse leathan seirbhísí lae Eisothair, Ionscópacht/Manaiméadracht, Haemaiteolaíocht/Oinceolaíocht, Máinliacht discrídéach Lae etc. San áireamh freisin san fhorbairt tá carrchlós nua faoi thalamh agus príomhshlí dála nua an Ospidéal. Déanfar an saoráid a oscailt in 2004.
- Tús a chur le hobair thógála ar an tionscadal forbraíochta sa Roinn Éigeandála. Méadófar

an Roinn Éigeandála faoi dhó. Cuirfear tús le tabhairt ar láimh an tionscadail ar bhonn céimnithe in 2004 agus críochnófar é in 2005

- Osclaíodh 74 leaba bhreise faoi choimirce na dtionscnamh méadaithe cumas a lorg an tAire i rith 2002. Áirítear san fhorbairt leapacha speisialaithe ar ardchaighdeán a sholáthar san Aonad Haemaiteolaíochta /Oinceolaíochta agus san Aonad Dianchúraim. Tá an príomhfhócas úsáide sna saoráidí seo ar othair a bhaineann úsáid as an ospidéal tríd an Roinn Éigeandála. Feidhmíonn na leapacha nua mar Aonad Iontrála Leighis sa chomhthéacs seo. Tháinig feabhas suntasach ar phróiseáil othar tríd an Roinn Éigeandála agus tréimhse na n-othar seo san Ospidéal
- Forbairtí infreastruchtúir tábhachtacha san Aonad Ailse Chíche a chur i bhfeidhm
- Clár Athsholáthar Trealamh forleathan a bhfuil géarghá leis a chur i bhfeidhm

Cé go ndearna an tOspidéal dul chun cinn tábhachtach maidir leis an gclár athsholáthar trealamh in 2003, tá deacrachtaí fós ina leith seo. Gan clár infheistíochta leanúnach a bheith i bhfeidhm ina leith seo (teastaíonn €10m sa bhliain), fanfaidh cásanna bunaithe ar riosca maidir le sábháilteacht othar agus téarmaí leanúnachais seirbhíse. Molann an tOspidéal arís go nglacfaí ar an bpointe le cur chuige cuntasaíochta dímheasa chun críche athsholáthar trealamh.

CONCLÚID

Mar achoimre, chuir an tOspidéal téarmaí tagartha a Phlean Soláthróra ar fáil go hiomlán ag leibhéal seirbhíse, forbartha agus téarmaí airgeadais in 2003. Tharla críochnú nó dul chun cinn suntasach ar fhorbairtí saoráidí rithábhachtacha chomh maith in am i rith na bliana.

Baineadh é seo amach amháin trí freagraí eisceachtúla ar bhonn leanúnach agus tiomantas na foirne san Ospidéal in imthosca thar a bheith éilitheach. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh

leo as a ndílseacht leanúnach agus a dtiomantas chun staid ospidéal naomh Séamus a choimeád mar Chóras Sláinte Acadúil den scoth sa bhaile agus go hidirnáisiúnta. Táim ag súil go mór lena dtacaíocht leanúnach in 2004 a mbeidh dúshlán mór ag baint leis táim cinnte.

John O'Brien,

An Príomhfheidhmeannach.

Buaicphointí Feidhmíochta



Iomlán Láithreachtaí Othar ar Chúram Lae de réir Speisialtóireachta (2003)

Speisialtóireacht	Iomlán
Cairdeolaíocht	2820
Deirmeolaíocht	3446
Ionad Lae Diaibéiteach	8686
Cluas, Srón, Scornach	201
GUIDe	2567
Haemaiteolaíocht	6473
Liacht Bhan	168
Oinceolaíocht	8230
Máinliacht Ortaipéideach	165
Máinliacht Phlaisteach	2958
Ionad Lae Réamaiteolaíochta	2560
Máinliacht Ghinearálta	3744
Máinliacht Shoithíoch	1
Míochaine*	10044
Néaraifhiseolaíocht	879
Máinliacht Chardatóracsach	1
Úireolaíocht	691
Imdhíoneolaíocht	189
Faoiseamh Péine	105
Macsaille	134
Iomlán	54062

* gníomhaíocht NTPF san áireamh

Scaoileadh amach gníomhaíochta othar cónaitheach de réir speisialtóireachta 2003 *

Speisialtóireacht	Iomlán
Cairdeolaíocht	2400
Deirmeolaíocht	20
Cluas, Srón, Scornach	762
Rannóg Éigeandála	1332
Míochaine do Dhaoine Scothaosta	956
GUIDe	317
Liacht Bhan	746
Haemaiteolaíocht	711
Imdhíoneolaíocht	10
Macsaille	869
Míochaine	6064
Neifreolaíocht	66
Néareolaíocht	122
Oinceolaíocht	703
Ortaipéidigh	1310
Plaistigh	1844
Síciatracht	589
Réamaiteolaíocht	616
Máinliacht	2286
Máinliacht Thórcsach	977
Úireolaíocht	528
Soithíoch	817
Iomlán mór	24045

* Tionscnamh Liostaí Feithimh agus Gníomhaíocht NTPF san áireamh

Othair Isteach de réir Aoisghrúpa (2003)

<16	% d'Iomlán Othar Isteach	16-65	% d'Iomlán Othar Isteach	66-75	% d'Iomlán Othar Isteach	76+	% d'Iomlán Othar Isteach	Iomlán
118	-1%	15226	64%	4088	17%	4472	19%	23904

Aois Othar Nua i Láthair ag an Rannóg Éigeandála (2003)

<16	% d'Iomlán Nua i Láthair	16-65	% d'Iomlán Nua i Láthair	66-75	% d'Iomlán Nua i Láthair	76-80	% d'Iomlán Nua i Láthair	>80	% d'Iomlán Nua i Láthair	Iomlán
293	1%	33031	78%	3851	9%	2036	5%	3099	7%	42310

Láithreachtaí ag an Rannóg Éigeandála (2003)

Iomlán na Láithreachtaí Nua	42310
Iomlán na Láithreachtaí Leantacha	3099
Iomlán	45409

Iomlán Láithreachtaí Othar Seachtrach de réir Speisialtóireachta (2003)

SPEISIALTÓIREACHT	NUA	FILLTE	IOMLÁN
Cairdeolaíocht	2191	6830	9021
Deirmeolaíocht	2387	1885	4272
Inchríneolaíocht	832	2484	3316
Otalarnaingeolaíocht	1769	2548	4317
Gaistreintreolaíocht	3858	5826	9684
GUIDe	7498	9840	17338
Seanliacht	967	1498	2465
Haemaiteolaíocht	289	1169	1458
Haemifile	1063	4886	5949
Néareolaíocht	728	1049	1777
Líacht Bhan	1368	2312	3680
Oinceolaíocht	191	1771	1962
Oftailmeolaíocht	862	1356	2218
Ortaipéidigh	3523	7081	10604
Máinliacht Phlaisteach	3885	7115	11000
Síciatracht	683	6247	6930
Neifreolaíocht	326	754	1080
Míochaine Riospráide	1574	3994	5568
Réamaiteolaíocht	741	2352	3093
Máinliacht Ghinearálta	4450	4415	8865
Máinliacht Shoithíoch	3048	1742	4790
Timpistí agus Éigeandáil	660		660
Míochaine Ghinearálta	2564	5306	7870
Radaiteiripe	218	145	363
Máinliacht Chardathórcsach	577	708	1285
Úireolaíocht	974	1334	2308
Imdhíoneolaíocht Chliniciúil	267	435	702
Anaestéisigh	46	98	144
Faoiseamh Péine	66	66	132
Ór	69	543	612
Warfarín	348	26334	26682
Macsaíle	3520	2642	6162
Iomlán	51542	114765	166307

Réamh-mheastacháin an Phlean Seirbhíse 2003 /Aschur 2003

Gníomhaíocht	Réamh-mheasta 2003	2003 Iarbhír	Athraitheas		
			Luach	%	
Othair Isteach	Scaoilte Amach	20795	22014	1219	6%
	Scaoilte Amach an Tionscnaimh	Liostaí Feithimh 1860	1860	0	-
	NTPF	-	171	-	-
	Iomlán Scaoilte Amach	22655	24045	1390	6%
Day care Attendances		42525	54043	11518	27%
	NTPF	-	171	-	-
	Iomlán	42525	54062	11537	27%
Outpatient	Nua	53601	51542	2059	-4%
	Ag Leanacht Uaidh	110339	114765	4426	4%
	Iomlán	163940	166307	2367	1%

Stádas Liostaí Feithimh 31/12/02-31/12/03 do spriocspeisialtóireachtaí an tionscnaimh liostaí feithimh

Speisialtóireacht	Tréimshe	30	60	90	180	365	>365	Total
Cairdeolaíocht	31/12/2002	1	8	0	26	12	0	47
	31/12/2003	1	0	0	4	0	0	5
	% athraitheas	0%	-100%	0%	-85%	-100%	0%	-89%
Cluas, Srón, . Scornach	31/12/2002	23	26	9	25	48	0	131
	31/12/2003	19	25	21	24	0	0	89
	% athraitheas	-17%	-4%	133%	-4%	-100%	0%	-32%
GUIDe	31/12/2002	7	23	14	12	9	0	65
	31/12/2003	15	20	22	18	0	0	75
	% athraitheas	114%	-13%	57%	50%	-100%	0%	15%
Liacht Bhan	31/12/2002	19	15	11	11	5	0	61
	31/12/2003	11	21	15	12	0	0	59
	% athraitheas	-42%	40%	36%	9%	-100%	0%	-3%
Macsaile	31/12/2002	3	1	7	9	7	0	27
	31/12/2003	0	2	1	19	0	0	22
	% athraitheas	-100%	100%	-86%	111%	-100%	0%	-19%
Máinliacht Ortaipéideach	31/12/2002	9	20	9	20	2	0	60
	31/12/2003	11	17	18	24	0	0	70
	% athraitheas	22%	-15%	100%	20%	-100%	0%	17%
Máinliacht Phlaisteach	31/12/2002	17	61	44	72	69	0	263
	31/12/2003	54	44	28	92	0	0	218
	% athraitheas	218%	-28%	-36%	28%	-100%	0%	-17%
Máinliacht Ghinearálta	31/12/2002	24	28	28	36	26	0	142
	31/12/2003	34	38	32	71	0	0	175
	% athraitheas	42%	36%	14%	97%	-100%	0%	23%
Máinliacht Shoithíoch	31/12/2002	18	24	35	26	65	0	168
	31/12/2003	24	44	29	65	0	0	162
	% athraitheas	33%	83%	-17%	150%	-100%	0%	-4%
Gach ceann	31/12/2002	121	206	157	237	243	0	964
	31/12/2003	169	211	166	329	0	0	875
	% athraitheas	40%	2%	6%	39%	-100%	0%	-9%

Comparáid Liostaí Feithimh 2002/2003

Achoimre	30	60	90	180	365	>365	TOTAL
Liostaí Feithimh 31/12/2002	153	234	182	275	245	0	1089
Liostaí Feithimh 31/12/2003	188	248	181	377	0	0	994
Athraitheas	23%	6%	-1%	37%	-100%	0%	-9%

Liostaí Feithimh Othar Isteach de réir speisialtóireachta 31 Nollaig 2003

Speisialtóireacht	Stádas Reatha 31/12/2003						Iomlán
	30	60	90	180	365	>365	
Cairdeolaíocht	1	0	0	4	0	0	5
Máinliacht Chairdiach	17	36	13	43	0	0	109
Cluas, Srón, Scornach	19	25	21	24	0	0	89
Úraiginitíúil	15	20	22	18	0	0	75
Liacht Bhan	11	21	15	12	0	0	59
Macsaille	0	2	1	19	0	0	22
Ortaipéidigh	11	17	18	24	0	0	70
Plaistigh	54	44	28	92	0	0	218
Máinliacht	34	38	32	71	0	0	175
Máinliacht Thórcsach	2	1	2	5	0	0	10
Soithíoch	24	44	29	65	0	0	162
Iomlán	188	248	181	377	0	0	994



Tuarascálacha Rannán Corparáideach

Ráitis Airgeadais

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don tréimhse arna tuairisc 1 Eanáir 2003 go 31 Nollaig 2003

	2003 €'000	2002 €'000
Easnamh Oscailte / (Barrachas)	204	-172
Caiteachas Pá	170,701	152,430
Caiteachas Nach mBaineann le Pá	139,507	134,455
Caiteachas Comhlán, easnamh san áireamh	310,412	286,713
Ioncam	-37,165	-31,589
Caiteachas Glan don bhliain	273,247	255,124
Cinneadh don bhliain	273,432	254,920
Easnamh Dúnta / (Barrachas)	-185	204
Clár Comhardaithe 31 Nollaig 2003		
Sócmhainní Seasta		
Talamh agus Foirgintí	175,564	172,529
Fearas agus Innealra	22,916	15,302
	187,833	187,831
Sócmhainní Reatha		
Féichiúnaithe	47,155	46,374
Stoic	6,567	5,701
Iarmhéideanna Baic agus Airgid Thirim	207	201
	53,929	52,276
Creidiúnaithe - níos lú ná bliain amháin		
Creidiúnaithe	-40,952	-40,894
Rótharraingtí Baic	-12,792	-11,585
	-53,744	-52,480
Sócmhainní Reatha Glana	185	-204
Sócmhainní Reatha Iomlána Móide Dlíteanais Reatha	198,665	187,628
Creidiúnaithe – níos mó ná bliain amháin		
Iasachtaí Baic	-7,616	-7,185
	191,049	180,443
Caipiteal agus Cúlchistí		
Ioncam Neamhchaipitiúil agus Barrachas Chuntas Caiteachais / (Easnamh)	185	-204
Ioncam Caipitiúil agus Easnamh Chuntas Caiteachais	-7,616	-7,185
Cuntas Caipitlithe	198,480	187,832
	191,049	180,443

Tuarascáil Airgeadais

Barrachas de €0.389m ar chionroinnt de €273.432m atá mar thoradh ar na Ráitis Airgeadais iniúchta don tréimhse arna tuairisc 1 Eanáir 2003 go 31 Nollaig 2003. Tá an barrachas fritháirithe ag easnamh de €0.204m atá iompraithe chun tosaigh ó 2002, agus ag éirí as sin iompraítear chun tosaigh barrachas glan de €0.185 mar is amhlaidh 31 Nollaig 2003.

Is éacht suntasach é an suíomh airgeadais meá ar mheá i dtréimhse ina raibh éileamh ó othair agus a dtríchur níos mó ná riamh cheana agus ina raibh éiginnteacht eacnamaíoch freisin. Baineadh an suíomh airgeadais amach agus laghdúithe go maoiniú bunlíne idir lámha, chomh maith le costas méadaithe ar chóirithe othar faoi réir boilscithe mhíochaine agus ghinearálta agus le costas méadaithe foirne mar thoradh ar dhámhachtainí náisiúnta pá.

Chothaigh an tOspidéal seo ceangaltas leanúnach chun caiteachas a athbhreithniú agus a choinneáil faoi shrian faoi réir thoisí a tugadh isteach i 2002. Rinneadh coigiltis mheasta de €12m i 2003, mar gheall ar chomhoibriú gníomhach na Stiúrthóireachtaí Cliniciúla agus na Rannán Corparáideach faoi réir thoisí chun costais a choinneáil síos.

Sháraigh an tOspidéal a spriocanna réamh-mheasta maidir le gníomhaíocht agus liostaí feithimh don bhliain - léiríonn an liosta feithimh foriomlán laghdú de 9%.

Forbhreathnú ar Ioncam Reatha agus ar Chaiteachas
Tá caiteachas glan méadaithe ar €18.123m nó (7%) le linn 2003. Ag an am céanna mhéadaigh an caiteachas párolla ar €18.271m nó (12%), mhéadaigh caiteachas nach mbaineann leis an bpárolla ar €5.052m nó (3.75%) agus mhéadaigh ioncam ar €5.576m nó (17.65%).

Is iad seo a leanas na príomhghnéithe de chaiteachas méadaithe don bhliain:

Bhí na méaduithe atá leagtha amach thuas fritháirithe ag luach airgid agus tionscnaimh chun costais a choinneáil íseal, agus ag an am céanna chuir ioncam méadaithe go mór le suíomh airgeadais meá ar mheá.

Cur Síos ar Chaiteachas	€m
Dámhachtainí Náisiúnta Pá (PPF agus Tagarmharcáil)	€11.433
Dámhachtainí pá sonracha faofa, incrimintí, athruithe ar ASPC (PRSI) agus costas méadaithe pinsean	€ 2.090
Forbairtí ar sheirbhísí agus forbairtí na bliana roimhe sin arna leanacht	€ 3.842
Costais mhéadaithe d'altraí ó ghníomhaireachtaí mar gheall ar CBL (VAT) a bheith i bhfeidhm ar tháillí	€0.900
Caiteachas ar threalamh agus ar bhonneagar	€4.057
Boilsciú mar gheall ar ghníomhaíocht, boilsciú sláinte, teicniúil agus ginearálta	€7.010

Caiteachas Caipitiúil

€13m an caiteachas i 2003 ar thionscadail mhóra agus bheaga chaipitiúla le hais €26.5m i 2002. Críochnaíodh obair ar fhorbairt Chéim 1H den Ospidéal agus cuireadh tús le hobair ar an Rannóg nua Éigeandála.

Cuireadh mionmhaoiniú caipitiúil de thart ar €6m ar fáil go déanach i 2003, a sholáthair tacaíocht riachtanach airgeadais do threalamh tábhachtach nua agus mionoibriúcháin bhonneagair.

€2m an maoiniú caipitiúil do Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC), a thacaigh le cur i ngníomh leanúnach straitéis TFC an Ospidéal.

Asbhainteanna Maoinithe

I rith na bliana bhí ar an Ospidéal laghdú de €8.34m ar mhaoiniú bunlíne a bhainistiú mar fhreagra ar athruithe ar pholasaithe agus ar chórais a bhí curtha i bhfeidhm ag an Roinn Sláinte agus Leanai (RSL). Áiríodh leo:

- Coigiltis shonracha de €1.499m maidir le sprioc luach airgid agus laghdú ar chostais fhoirne mar ranníocaíocht i bpleananna coigiltis na RSL
- Laghdú ar mhaoiniú an Ospidéal mar atá:
 - €3.5m (€4.5m an t-iomlán, 2002 san áireamh) a bhaineann le táillí méadaithe othar
 - €0.675m (€1.3m an t-iomlán, 2002 san áireamh) chun an scéim slánaíochta míochaine do dhochtúirí Ospidéal nachcomhairleoirí iad a lárnú
 - €2m do laghdú a bhfuiltear ag súil leis ar

Rialtóir Airgeadais
Brian Fitzgerald

Tuarascálacha Rannán Corparáideach

chostas fola agus táirgí fola - €0.667
(€1.022m an t-iomlán, 2002 san
áireamh) chun an clár dioplóma altranais
logánta a aistriú go cúrsa céime ollscoile

Caiteachas Bonneagair agus Aisíocaíochtaí lasachtaí
Mar gheall ar bhainistíocht chúramach agus an gá le roinnt
easnamh seirbhíse a réiteach, rinneadh infheistíocht de
€10m ó fhoinní ioncaim reatha agus mionmhaoinithe
chaipitiúil i bpríomhthrealamh nua
agus i mbonneagar. Laghdaíodh ceangaltais iasachtaí a

bhaineann le forbairt chúrsaí nua ar €1.2m.

Maoiniú Casemix

D'athraigh cur i bhfeidhm pionóis/gnóthachain mhaoinithe
Casemix ó bhunús maoinithe fhilltigh go bunús maoinithe
aonuaire. Tharraing an tOspidéal air féin laghdú de
€0.355m ar mhaoiniú aonuaire i 2003 (i 2002 laghdú
fillteach de €0.545m).

Seo é a leanas anailís ghonta ar na príomhréimsí
caiteachais agus ioncaim:

Ceannteideal Chaiteachais Phá	Iomlán 2003	Athraitheas V 2002	Athraitheas V 2002
	€m	€m	%
Altranais	59.6	7.9	15%
Dochtúirí Comhairleacha agus Neamhchomhairleacha	36.7	3.5	10%
Riarachán/Bainistíocht	17.9	1.9	12%
Paraimhíochaine	23.7	1.7	8%
Seirbhísí tacaíochta agus gráid Chomhaontaithe	21.9	3.2	17%
Pinsin/Aiscí agus Cnapshuimeanna	7.14	0.07	1%

Ceannlíne Chaiteachais Nach mBaineann le Pá	Iomlán 2003	Athraitheas V 2002	Athraitheas V 2002
	€m	€m	%
Drugaí agus cógas	25.3	3.5	16%
Fuil agus táirgí fola	47.8	(4.2)	(8%)
Soláthairtí míochaine agus máinliachta	16.3	2.4	17%
Trealamh agus feithiclí	6.640	5.009	307%

Ceannlíne Ioncaim	Iomlán 2003	Athraitheas V 2002	Athraitheas V 2002
	€m	€m	%
Aoisliúntas	6.3	1.2	25%
Táillí othar	10.8	1.8	17%
Seirbhísí gníomhaireachtaí	18.2	3.2	21%
Ioncam lónadóireachta, páirceáil charranna agus iléagsúil	2.6	0.2	8%

Príomhfhorbairtí Eile

- I mí na Samhna 2003, bhí Ospidéal Naomh Séamas ar an gcéad ghníomhaireacht sláinte chun Céim II den chóras Náisiúnta hainní Daonna agus Párolla (SAP PARS) a chur i bhfeidhm. Cuirfeadh an córas i ngníomh de réir a chéile i bhformhór na ngníomhaireachtaí sláinte sa tír
- Cuireadh PARS i ngníomh in éineacht le tabhairt isteach Chóras Airgeadais SAP agus Bainistíochta Ábhar (GENESIS) san Ospidéal. Cuireadh tionscadal GENESIS i bhfeidhm 5 Eanáir 2004. Beidh na córais seo mar bhunchloch ar an deis do bhainistíocht bhuiséad laistigh de mhúnla na Stiúrthóireachtaí Cliniciúla agus soláthróidh siad buntáistí straitéiseacha do bhainistíocht acmhainní an Ospidéal go foriomlán
- Tháirg agus ghlac Bord an Ospidéil le Cód Cleachtas do Rialú Corparáideach Fhoras Stáit ag an Ospidéal faoi réir riachtanais rialtais. Déanann sé imlíne shoiléir ar rialuithe agus cuntasacht do rialú, airgeadú agus oibriúcháin an Ospidéil. Áirítear leis freisin cóid iompraíochta d'fhostóirí (i ndrúacht) agus do chomhaltaí Boird
- Coimisiúnaíodh aonad nua comhdhéanta de charrchlós faoin talamh agus áiseanna d'aonaid mhiondíola ag deireadh 2003. Is í seo an chéad fhorbairt den chineál seo i gcóras sláinte na hÉireann d'Aonaid mhiondíola agus cuirfeadh fáilte roimh an áis seo do chomhaltaí foirne, othair agus cuairteoirí

Iniúchadh Inmheánach

Ceannasaí an Iniúchta Inmheánaigh

Cathal Blake

Tá an tIniúchadh Inmheánach mar chuid lárnach den phróiseas Rialaithe agus Rialchais Chorporáidigh ag an Ospidéal mar gheall ar fhorbairt agus cur i ngníomh an Chóid Chleachtais i 2002. Tá Rialú Corparáideach, Luach Airgid agus Urrús lárnach anois i ngach gníomhaíocht a bhaineann le hiniúchadh inmheánach.

De thairbhe go mbíonn ár dtimpeallacht oibre de shíor i mbun éabhlóide, mar aon leis na leibhéil súilíochtaí a éiríonn aisti, ní mór athrú dá réir. Cuidíonn rannóg an Iniúchta Inmheánaigh go gníomhach le rannóga athrú agus tuairiscíonn sí réadúlacht na gcleachtas ag leibhéal na n-oibríthe, neamhspleách ó lucht bainistíochta sinsearaí agus ó Bhord an Ospidéil.

Tá seirbhís an Iniúchta Inmheánaigh ag dul chun nirt, rud a léiríonn go bhfuiltear ag glacadh leis agus go bhfuil díograis ann maidir leis an gcleachtas agus an urrús is fearr a bhaint amach ar fud an Ospidéil. Mar gheall ar an éileamh méadaithe ar an tseirbhís agus castacht na gcásanna aonair, cuireadh seirbhísí in ord tosaíochta de réir tábhachta agus leasa don Ospidéal.

I measc na réimsí a ndearna iniúchadh orthu i 2003 bhí:

- Ioncam an Ospidéil
- Seirbhís Tacsaithe
- Cuntas Maoine Othar
- Oibriúcháin agus Bainistíocht Stórais TSD
- Stocáireamh ag deireadh na bliana

Tá Rannóg an Iniúchta Inmheánaigh rannpháirteach freisin in athbhreithniú agus anailís ar na córais nua Airgeadais SAP/bhainistíochta Ábhar agus PPARS (Acmhainní Daonna agus Párolla), rud a bhí riachtanach agus fiúntach go dtí seo. As siocair go bhfuil na córais seo anois mar bhunchloch na bpríomhghníomhaíochtaí oibriúcháin maidir le hacmhainní an Ospidéil, próiseas leanúnach iniúchta a bheidh ann.

Acmhainní Daonna

Soláthraíonn Rannóg na nAcmhainní Daonna réimse cuimsitheach de chomhairle, sheirbhísí agus phleanáil a bhaineann le fostaíocht do chomhaltaí foirne ar fud an Ospidéil. Cothaítear caidrimh láidre le gníomhaireachtaí eile laistigh den earnáil Sláinte agus bíonn comhaltaí foirne rannpháirteach go rialta i ngrúpaí oibre a bhunaítear chun polasaithe agus/nó cleachtais náisiúnta agus réigiúnacha don earnáil a fhorbairt. Cinntíonn sé sin go ndéantar ionadaíocht éifeachtach ar leas an Ospidéil.

Forbairtí i 2003

Ba é Ospidéal Naomh Séamas an chéad áit sa tír chun Céim II de PPARS a chur i bhfeidhm. Tacaíonn an córas seo leis an gcleachtas is fearr i bpróisis Acmhainní Daonna/Phárolla, rud a chinntíonn níos mó cruinnis agus tráthúlacht iocaíochtaí. Baineadh an tionscadal seo amach in am, laistigh den bhuiséad agus le hiarracht leanúnach ón bhfoireann.

Leanadh ar aghaidh le feabhas a chur ar an straitéis earcaíochta agus ghnóthaigh an rannóg gradam Derek Dockery do nuálaíocht i gcúrsaí earcaíochta. Bhí fógraíocht earcaíochta bunaithe ar an líonra mar chuid lárnach d'iarraichtaí leanúnacha an Ospidéil comhaltaí foirne d'ardcháilíocht a mhealladh. I 2003, aimsíodh 50% d'iarraitasóirí tríd an Idirlíon.

Bhí caighdeán cháilíochta mar phríomhfhócas sna hullmhúcháin do chreidiúnú. Rinneadh fianaise shoiléir a dhoiciméadú chun a léiriú go raibh seirbhísí oiriúnach do riachtanais na heagraíochta agus gur chomhlíon siad caighdeán chomhaimseartha. Bunaíodh táscairí feidhmíochta inmheánaí do roinnt de phríomhthoisí ineachadtha na rannóige agus cuireadh córas leanúnach monatóireachta i bhfeidhm.

Forbairtí Seirbhíse Eile

- Forbraíodh an próiseas Rialaithe Folúntas mar uirlis shimplí bhainistíochta lucht oibre – rud a lig don Ospidéal an 'tsileáil' foirne, a cuireadh i bhfeidhm go seachtach, a bhaint amach. Chuidigh sé sin le toradh dearfa buiséadach an Ospidéil
- Ag éirí as cur i bhfeidhm na gComhaontuithe um Dhul Chun Cinn a Chothabháil agus Tagarmharcáil Thuarastal Náisiúnta bunaíodh grúpaí áitiúla chun cláir oibre



Bainisteoir
Acmhainní Daonna
David Aberdeen

nuachóirithe a bhunú, chun dul i gcomhairliúchán mar gheall orthu agus chun iad a chur i ngníomh ar fud na heagraíochta. Tuairiscítear dul chun cinn intomhastha chuig údaráis lárnacha chun méadaithe ar thuarastail a bheadh ar fáil do chomhaltaí foirne an Ospidéal a aimsiú. Cuireadh an chéad tuarascáil isteach chuig an nGrúpa Fíoraíthe Feidhmíochta don earnáil Sláinte agus moladh go forleathan agus go poiblí í mar thuarascáil de chaihdeán tagarmharcála

- Aimsíodh maoiniú ón bhFóram Comhpháirtíochta um Sheirbhís Sláinte Náisiúnta chun tacú le ceapachán Oifigigh um Éagsúlacht Chultúrtha agus chun Seirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe a thionscnamh
- Tugadh le chéile sonraí ó Shuirbhé Agallaimh Amach agus ag éirí as na torthaí, tugadh isteach próiseas agus modheolaíocht nua chun sonraí a bhailiú – cuirfidh sé sin suirbhé níos forleithne ar an eolas maidir le sásamh chomhaltaí foirne a thosófar i 2004
- Aimsíodh cistí forlíontacha chun clár forbartha um

bainistíocht chomhoibrithe a dhéanamh den chéad uair in éineacht le hOspidéal DATH eile

- Tugadh isteach clár ionduchtaithe modúlaigh nua in éineacht le táscairí feidhmíochta ag leibhéal an Ospidéal chun a éifeachtúlacht a thomhas



An Fhoireann HR a cúitiódh as nuálaíocht (Clé – Deas) Alderman Joe Doyle, David Aberdeen – Bainisteoir HR, Breda Butler - Bainisteoir earcaíochta, Ronan Doherty, Sarah Cuinneá – Fáilteoir HR, Án Taoiseach Bertie Ahern, Paula Phillips - Bainisteoir HR (Altranas), Nathan Gray - TMP Worldwide (Dearthóir), Joan Treacy - Oifigeach Earcaíochta, Michael Lyons - Príomhfheidhmeannach (ERHA)

RANNÓG NA SEIRBHÍSÍ EOLAIS AGUS BAINISTÍOCHTA (IMS)

Is í an aidhm atá ag an rannóg IMS ná creatlach de Sheirbhísí Eolais a sholáthar a bheidh mar bhunús ag gach gné de ghnó an Ospidéal agus chun an saineolas cuí a sholáthar chun an córas a chothabháil le himeacht na haimsire agus de réir na dteicneolaíochtaí agus na gcleachtas is fearr a thagann chun tosaigh. Is í an sprioc dheidridh ná na húsáideoirí deiridh a chur ar a gcumas agus catalaíoch inmheánach éifeachtach le haghaidh athraithe agus feabhais leanúnaigh.

Tionscadail Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

Tá an fhrámaíocht de shíor á méadú le hábhar uasdhátaíthe agus codanna nua. I mbliana, i measc na príomhfhorbairtí bhí:

- **Eanáir 2003: An nasc Teilea-Chairdeolaíochta le hOspidéal Ginearálta Shligigh** – tarchuirtear angagraim chairdeolaíochta ó Ospidéal Ginearálta Shligigh go hOspidéal Naomh Séamas, rud a ligeann do chomhdhála ar líne faoi chásanna clínicíúla idir fhoirne Cairdeolaíochta sa dá áit
- **Feabhra 2003: Córas Diaibéiteach DIAMOND** – tá sé seo mar chuid lárnach anois de bhainistíocht diabetes, a théann i gcomhéadan leis an PAS agus ORD/COMS. Cuireadh i bhfeidhm é sa Lárionad Chúram Lae Diaibéiteach i mí Feabhra agus leathnaíodh amach ina dhiaidh sin é chuig Rannóg na nOthar Seachtrach
- **Iúil 2003: An Fhoirm Achoimre Leictreonaic Scaoilte Amach** – cuireadh i bhfeidhm í sa Tolglann Scaoilte Amach agus ligeann sé do NCHD foirmeacha a líonadh isteach ar líne ar an Inlón. Cuireadh an AMAU agus Victor Synge ar líne freisin i rith na bliana
- **Meán Fómhair 2003: Córas Píolótach um Am Oibre Solúbtha** – sholáthair IMS tacaíocht do thabhairt isteach an chórais i Seirbhísí Teicniúla
- **Deireadh Fómhair 2003: Córas Bainistíochta Antaitheachtachais DAWN** – cuireadh i ngníomh é sa Chlinic Warfarin chun ligint do dháileadh ríomhairithe agus do shannadh na gcéad choinní eile. Mar gheall ar

an córas a bheidh tugtha isteach tig leis an gClinic déileáil le líon méadaithe othar ar bhealach éifeachtach agus soláthróidh sé sonraí luachmhara amach anseo d'Iniúchadh Clínicíúil

- **Deireadh Fómhair 2003: Ceangal le Líonrá Príobháideach Fíorúil (VPN) an Rialtais** – soláthraíonn sé seirbhísí ardluais leathanbhanda anois agus ligfidh sé do rochtain ar iarratais Shláinte Leictreonaic lena n-áirítear an Doras Sláinte atá beartaithe
- **Samhain 2003: Céim II de PPARS (bainistíocht ama agus párolla)** – cuireadh comhairle agus tacaíocht Theicneolaíochta Faisnéise (TF) ar fáil do chur i ngníomh an tionscadail i 2003. Soláthraíodh tacaíocht bhreise do chóras nua Airgeadais agus Bainistíochta Ábhar SAP Genesis a thiocfaidh i bhfeidhm i 2004
- **Samhain 2003: ADAM, córas rianaithe d'ionscóip** – cuireadh i ngníomh é sa Lárionad Chúram Sláinte agus téann sé i gcomhéadan leis na niteoirí scóp agus an córas PAS. Ciallaíonn sé sin gur féidir gach scóp a rianú trí réanna níocháin, trína n-úsáid ar othair agus trí aon dheisiúchán a dhéanfaí orthu – ligeann sé sin do rianú iomlán. Is féidir tuarascálacha ar mhodhanna oibre a ghineadh freisin i ndiaidh modhanna

Áirítear le forbairtí eile:

- Bailítear sonraí ó Iniúchadh Clínicíúil ar othair chairdeolaíochta i CCU anois ar Chóras Anailíse agus Rianaithe Othar (PATS). Áirítear le réimsí nua eile atá ag baint úsáide as PATS an Lárionad Chúram Sláinte, An Oifig um Thrialacha Clínicíúla Ailse agus an tAonad Measúnaithe Riospráide
- Cuireadh go leor méaduithe i bhfeidhm ar an PAS lena n-áirítear leasuithe ar mhodúl na Liostaí Feithimh
- Chuir naonúr Liachleachtóirí Ginearálta (LG) Tionscadal Ospidéal Naomh Séamas/Breislíon LG i bhfeidhm ar bhonn píolótach. Ligeann an breislíon d'úsáideoirí tuarascálacha raideolaíochta, ceapacháin nua OPD agus tarchuir leictreonaic othar scothaosta chuig Altraí Shláinte Phoiblí a fheiceáil
- Leathnaíodh tarchur thorthaí leictreonaic saotharlainne amach go hOspidéal Chnoc Carmel agus AMNCH i dTamlacht, trí Chóras Medibridge

Bonneagar TFC

I measc na dteicneolaíochtaí nua a tugadh isteach i



Bainisteoir na Seirbhísí Eolais agus Bainistíochta
Martin Buckley

mbliana a chuireann ar chumas agus a thacaíonn le riachtanais an Ospidéal ar an mbealach is fearr tá:

- **Citrix** – sholáthair sé rochtain lárnaithe ar fheidhmíúcháin agus ligeann sé don fhoireann TF na feidhmíúcháin sin a sheachadadh, a bhainistiú, a bhreathnú agus a uasghrádú gan cuairt a thabhairt ar an ríomhaire féin
- **Cnuasghrúpaí Windows 2000** – cinntíonn sé gur féidir grúpaí cumasaithe d'fhreastalaithe neamhspleácha a bhainistiú mar aon chóras amháin, rud a chothaíonn rochtain níos fearr, láimhseálacht níos éasca agus scáláil níos mó. Chinntigh sé sin go raibh rochtain ar 99.99% de shonraí tábhachtacha
- Tá Gréasán Sonraí an champais bunaithe thart ar trí hub lárnacha. Rinneadh lascanna lárnacha an ghréasáin a uasghrádú go lascanna Cisco 4500 chun tríchur níos airde a sholáthar ar chostas laghdaithe

Deasc Chabhrach

I mbliana, dhéileáil an Deasc Chabhrach le 10,157 glaoch – méadú de 4% le hais 2002 – agus réitíodh 85% de gach glaoch a logáladh taobh istigh d'aon lá oibre amháin.

99.9% an meán-rochtain córais i gcaitheamh na bliana. Cuireadh foirmeacha iarratais le haghaidh focal faire agus foirmeacha logála glaonna ar fáil ar líne tríd an tInlón. Déantar athbhreithniú ar shásamh custaiméirí, atá ard i gcónaí, go rialta. Rinneadh roinnt moltaí úsáideacha mar fhreagra ar shuirbhéanna úsáideoirí agus tá siad curtha i bhfeidhm anois.

Seirbhísí Gréasáin

Láithreáin Ghréasáin

Soláthraíonn an tIdirlíon agus an tInlón eolas cuí faoi Ospidéal Naomh Séamas don fhoireann agus don phobal. Mar gheall ar fhoirmeacha ar líne a bheith tugtha isteach, tá an tInlón níos áisiúla agus níos idirghníomhaí don fhoireann. Chomh maith leis sin, tugadh bogearraí nua isteach a chiallaíonn go bhfuil uasdhátú eolais aistrithe chuig úsáideoirí deiridh oilte agus cuireadh 80 comhalta foirne faoi oiliúint i 2003.

Tugtar cuairt ar an láithreán Gréasán 4,554 uair in aghaidh an lae ar an meán. B'iad na suímh ba mhíne a tugadh cuairt orthu i 2003 ná Seirbhísí d'Othair, Feasacháin NMIC, Nithe Nua agus nascanna Chúram Sláinte.


Idirlíon agus Ríomhphost

Mar gheall ar an méadú ar víorais agus an líon ollmhór SPAM, bhí gá le hinfheistíocht mhór i meicníochtaí slándála agus i bhfeidhmíúchán bhogearraí frithvíoras chun leanúnachas seirbhísí a chinntiú. Léiríonn an tábla thíos go soiléir mar atá an fhadhb imithe i méid.

	Nollaig 2002	Nollaig 2003
Ríomhphost	51,332	210,000
Spam	2,865	180,000
% of Spam	6%	86%

Níor tharla aon shárú tromchúiseach ar an nGréasán agus níor cailleadh an tseirbhís in am ar bith mar thoradh ar SPAM nó víorais. Meicníochtaí daingne slándála a ndéanann an fhoireann a bhainistiú go gníomhach is cúis leis sin.

Méid Glaonna 2002-2003



- Theastaigh 900 breisiúchán pointí sonraí ar fud na láithreach mar gheall ar inshealbhuíthe nua
- Leathnaíodh an gréasán amach chuig Ospidéal Chromghlinne, Shráid Temple, an Choim, Naomh Martha agus an Thullach Mhór chun ligint do chomhaltaí foirne ó Ospidéal Naomh Séamas a bhíonn ag obair sna háiteanna sin rochtain a fháil ar fheidhmíúcháin shonracha
- Tá measúnú déanta i 2003 ar theicneolaíochtaí ghréasúnú Teileafónaíochta agus Raidió IP agus leanfar leo i rith na bliana seo chugainn

Córais Bhainistíochta Eolais (MIS) agus Staitisticí

Leanann an t-éileamh ar eolas bainistíochta de bheith ag fás, go háirithe mar thacaíocht do phleanáil seirbhísí, bainistíocht liostaí feithimh, stiúthóireachtaí cliniciúla agus riachtanais ERHA/DOHC. Mar aon le tuairisciú corparáideach sceidealaithe staitisticí, thaifead an Deasc Chabhrach 60 iarratas in aghaidh na míosa ar an meán, agus réitíodh 99% acu taobh istigh de thrí lá oibre.

Tá níos mó ná caoga úsáideoir cláraithe ag an áis Inlín MIS. Mar gheall ar an áis seo, tá ar a gcumas ag úsáideoirí gnó a n-eolas a fháil trí thimpeallacht dhinimiciúil, rud a ligeann do dhruileáil agus gearradh sonraí. Tá go leor breisiúchán curtha go leanúnach leis an timpeallacht seo chun níos mó tacaíochta a thabhairt do riachtanais athraitheacha ghnó na heagraíochta.

Cuireadh breis eolais leis an gcreatlach stóir shonraí, atá mar bhunchloch i gcónaí ar fheidhm MIS. Áiríodh leis sin leathnú amach modúl atá lódáilte faoi láthair le breis méadrach agus cur i ngníomh mhargai nua sonraí.

Tá códú cliniciúil ghníomhaíocht an Ospidéal ag 100% i gcónaí. Feabhsaíodh an próiseas seo chun go mbeadh gach gníomhaíocht códaithe taobh istigh de cheithre sheachtain de chríoch na heachtra. Chun cruinneas agus cáilíocht a chinntiú, tá clár leanúnach oideachais agus feasachta ann do chomhaltaí foirne gnó agus cliniciúla araon. Leathnaíodh amach an clár dearbhaithe cáilíochta agus tháinig méadú mór ar líon na n-iniúchta a cuireadh i gcríoch. Táthar ag leanacht ar aghaidh le hanailís ar an Casemix agus tá méadaithe ar inchur na stiúthóireachtaí cliniciúla chun a chinntiú go mbeidh an múnla is fearr ann don eagraíocht.

BAINISTÍOCHT ÁBHAR

Lean an Rannóg um Bainistíocht Ábhar uirthi chun bainistíocht fhardail a aimsiú, a cheannach agus a sholáthar do phunann de 20,000 táirge a chuirtear ar fáil do bhreis is 150 rannóg inmheánach.

I measc na bpríomhtháscairí feidhmíochta bhí:

- Nithe neamhiocaíochta a ndéanann an Rannóg um Bainistíocht Ábhar iad a bhainistiú.
- Soláthairtí formáid agus conarthaí seirbhísí atá i bhfeidhm
- Seirbhísí do chustaiméirí
- Spriocanna Coigiltis

Dhearbhaigh agus bhunaigh an fhoireann chonarthaí go gníomhach conarthaí i réimse na n-ábhar inchaite agus na seirbhísí.

Bunaíodh foireann tionscadail GENESIS chun próisis chomhtháthaithe a dhearadh agus a chur i ngníomh do Bhainistíocht Airgeadais agus Ábhar. Ba é an fócas do 2003 ná ullmhú do thabhairt isteach córais nua agus do láinseáil phróiseas 5 Eanáir 2004 – ag baint úsáide as SAP mar an cumasóir teicneolaíochta agus códáil NSV mar an córas catalógaithe.

Má chuirtear i ngníomh go rathúil iad, beifear in ann ordú soláthairtí agus buiséid a fhaomh, feidhmeanna soláthair/cuntas iníochta agus feidhmeanna bhainistíocht fhardal a dhéanamh ar líne. Áirítear leis an scóip airgeadais billeáil ioncain ghníomhaireachtaí, anailís/tuairisciú ar athraitheas buiséadach agus cuideoidh sé le gníomhaíochtaí dúnta míosúla agus bliantúla airgeadais. Déanfar an córas a chomhtháthú leis an gcóras PPARS HR chun ligint d'anailís iomlán ar chaiteachas a thacóidh le struchtúir stiúthóireachta agus chorparáideacha bainistíochta.

Chuaigh níos mó ná 300 comhaltaí foirne i mbun dianchláir oile i rith an ceathrú ráithe chun níos mó tuisceana a fháil ar an réiteach teicneolaíochta agus chun scileanna a fhorbairt chun an próiseas athraithe gnó/feidhmiúcháin a chur i ngníomh.



Bainisteoir
Bhainistíocht
Ábhar
Padraic Carolan

SLÁINTE SAOTHAIR

Thairg Rannóg na Sláinte Saothair seirbhís chuimsitheach do bhreis is 4000 comhaltaí foirne in Ospidéal Naomh Séamas agus bhí cur chuige gníomhach aici maidir le tacú le sláinte agus sábháilteacht gach comhalta foirne. Tá an fhoireann – lena n-áirítear Lia Saothair lán-aimseartha, altraspeisialtóir cliniciúil agus beirt rúnaithe – gníomhach i ngach gné de chúrsaí Sláinte agus Sábháilteachta agus díríonn siad ar Rialú Ionfhabhtuithe, Ag Bogadh agus Ag Láimhseáil, Bainistíocht Riosca, Cosaint Radaíochta agus Cur Chun Cinn Sláinte.

Tá breis foirne altranais agus Bainisteoir Bunachair Shonraí faoifa anois, rud a léiríonn an ceangaltas atá ag Ospidéal Naomh Séamas freastal ar na héilimh mhéadaithe ar an tseirbhís.

D'fhreastail 3,676 comhalta foirne san iomlán ar an tseirbhís – méadú de 14% le hais na bliana roimhe sin. Léiríonn sé sin ardú leanúnach le ceithre bliana anuas – ardú de 66% ó 1999. Tá athrú mór tagtha ar eitneachas chomhaltaí foirne an Ospidéil freisin, rud a chuireann le héagsúlacht na gcásanna a bhíonn idir lámha.

Áirítear leis na príomhsheirbhísí a sholáthraíonn an Roinn:

- Contúirtí saothair a mheas – d'fhéadfadh gur contúirtí fisiciúla, bitheolaíochta (pataigineacha san fhuil), ceimiceacha nó síceashóisialta a bheadh i gceist
- Clár vaicsínithe do Heipitíteas B
- Scagadh d'eitinn agus rianú teagmhála i ndiaidh a bheith nochtaithe di (Eitinn go sonrach)
- Cúram chomhaltaí foirne a mbaineann gortuithe tréchraicneacha iarnochtaithe dóibh
- Seirbhísí comhairleoireachta nasctha le Rannóg na hOibre Sóisialta
- Oideachas agus oiliúint chomhaltaí foirne (altraí, dochtúirí, freastalaithe, mic léinn mhíochaine agus fhiacloireachta)
- Scagadh radharc na súl a bhaineann le hAonaid Amharthaispeána

- Scagadh do Bhruitíneach, Varicella agus Bruitíneach Dhearg
- Vaicsínithe Taistil
- Clár scagtha ceirbheacsach
- Scrúduithe míochaine i bpost

Leanadh ar aghaidh le rathúlacht an Chláir Vaicsínithe Flú i 2003, agus bhain breis is 700 duine leas as an scéim i mbliana. Chomh maith leis sin, insealbhaíodh Gréasán Eolais um Nochtú do Epinet a Chosc, a fhéachann chun próifíl a dhéanamh de nádúr, tarlú agus láthair nochtú snátháidí, craicinn agus múcais do ghalair san fhuil. Aimsíonn an phróifíl treochtaí, rud a chuideoidh chun méid na nochtuithe seo a laghdú.

Tuarascálacha Rannán na Seirbhísí



Stiúrthóireacht CResT

CARDIOLOGY

D'éirigh an tOllamh Luke Clancy as a phost mar Stiúrthóir Cliniciúil 31 Nollaig 2003, i ndiaidh 11 bliain de stiúir den scoth. Tá an tOllamh Michael Walsh ceaptha anois chun teacht i gcomharbacht sa ról seo ó 1 Eanáir 2004.

I 2003 leanadh ar aghaidh le seirbhís na rannóige Cairdeolaíochta d'othair áitiúla agus d'othair a cuireadh ar aghaidh chuig an Ospidéal ó gach cearn d'Éirinn. Tá ag méadú go leanúnach ar líon na n-othar a théann faoi angaplaiste chorónach agus steiniú simplí agus casta agus bíonn na torthaí ar fheabhas.

Leanann an leibhéal foriomlán gníomhaíochtaí sa Rannóg Chairdeolaíochta de bheith ag méadú. Shroich líon na n-othar angaplaiste díreach os cionn 900 i mbliana, méadú de 13%. Fuair 215 othar san iomlán na steiníní nua ionnalta druga i 2003 – méadú 264% le hais na bliana roimhe sin nuair a baineadh úsáid astu den chéad uair i mí Bealtaine. Leantar ar aghaidh le measúnú fhachtóirí riosca agus na tarchuir chuig do gach othar angaplaiste.

Rinneadh an **Seomra Déphlána** sa Saotharlann Taománaithe Chairdigh a uasghrádú le trealamh angagrafaíochta agus leictrifhiseolaíochta araon. Cuireadh tús le hobair ar phleananna forbartha don Rannóg Cairdeolaíochta, d'fhonn a chinntiú go bhfanann sí chun tosaigh ó thaobh nuálachta agus seirbhísí d'othair de.

Tháinig an **Dochtúir David Keane** isteach sa phost mar Chairdeolaí Comhairleach i mí Mheán Fómhair 2003, agus bhí sé chun tosaigh san fhorbairt le deireanas ar theicnící nua eisídithe taomán do chóireáil fhibrilithe airtiaigh. Is leictrifhiseolaí cairdiach idirghabhálach é an Dochtúir Keane agus sular fhill sé ó na Stáit Aontaithe, bhí post aige mar Stiúrthóir Leictrifhiseolaíochta Cairdí Idirghabhálaí. Tá sé ar intinn go mbeidh Ospidéal Naomh Séamas ar an gcéad Ospidéal chun saotharlann a fhorbairt atá tiomanta go hiomlán do nósanna imeachta leictrifhiseolaíochta cairdí.

Steiníní Ionnalta Druga – tá siad ar fáil ó bhí lár 2002 ann – tá siad in úsáid níos mó anois agus samhlaítear go mbeidh siad mar chuid de 80% d'obair Angaplaiste i 2004.

Chuir an **Tionscadal Teileachairdeolaíochta** – a dhéanann nasc idir Ospidéal Ginearálta Shligigh agus Ospidéal Naomh Séamas – a chéad bhliain d'fheidhmiú isteach go rathúil. Ligeann an córas do dhá pháirtí in áiteanna difriúla geografaíochta íomhánna cairdiacha diagnóiseacha cáilíochta d'othair a athbhreithniú ag an am céanna chun idirphlé/tarchur a dhéanamh trí phróiseas teileachomhdhála. Faoi mhí na Nollag 2003, cuireadh 185 othar san iomlán ar aghaidh faoi choinne idirphlé ag comhdháil sheachtainiúil Ospidéal Naomh Séamas. Rinneadh idirphlé ar 70% de na hothair sin laistigh de 24 uair a'chloig ó rinneadh an t-angagram ag Ospidéal Ginearálta Shligigh. Is é an príomhbhuntaíste a bhaineann leis an gcóras nua ná go gcuireann sé rochtain ar chairdeolaí idirghabhálach agus ar mháinlia cairdiach ar fáil don othar. Bhí Lá Oscalte ann i mí na Samhna chun daoine a chur ar an eolas faoin gcóras agus é a chur in iúl d'úsáideoirí nua poitéinsiúla.

Leanann an **Dochtúir Kathleen Bennett** ar aghaidh le taighde i réimse an ordaithe chardashoithíoch, ag baint úsáide as bunachair shonraí ollmhóra GMS, agus tá foilseacháin déanta aici ar:

- Thearcordú teiripithe tánaisteacha coisctheacha in Éirinn do dhaoine a bhfuil diaibéiteas acu
- Mhíchothromaíochtaí in ordú

Scrúdóidh taighde amach anseo na factóirí a bhaineann leis an titim i mortlaíocht chardashoithíoch ó 1985, lena n-áirítear athruithe i bhfactóirí móra riosca (m.sh. caitheamh tobac, colaistéaról agus brú fola) agus tógáil chóireálacha CHD (idir chógaseolaíoch agus mháinliach).

Cuireadh isteach 43 ICD (Dífhibrilitheoirí Cardaithiontairí So-ionchlannaithe san iomlán i mbliana agus ath-ICDanna a bhí i ndeich gcinn acu. Mar sin, 120 líon iomlán na ICDanna a cuireadh isteach in Ospidéal Naomh Séamas ó 1996. Tá clár athleathúna i bhfeidhm chun cuidiú le hothair atá ag athrú a saoil chun maireachtáil le ICD.

Sholáthair Carmel Doherty, Uasal, Altraspeisialtóir Scor Caite Tobac idirghabháil ghairid agus bolscaireacht do chaiteoirí tobac agus bhí tacaíocht ní ba dhéine ar fáil trí chlár sé sheachtain. I rith 2003, rinneadh 411 tarchur chuig an tseirbhís scor caite tobac, thosaigh 99 caiteoir tobac an clár sé sheachtain agus chonaic an t-altra scor caite tobac 489 caiteoir tobac le linn a dtréimhse san Ospidéal. Cuireadh 31 caiteoir tobac ar aghaidh chuig seirbhísí



Stiúrthóir Cliniciúil
An tOllamh
Luke Clancy

Bainisteoir Altraí
Mary Foley, Uasal

Bainisteoir Gnó
Jo-Ann Campbell,
Uasal

scor caite tobac ar fud na tíre.

Tionscnamh eile a bhí ann i mbliana ná réamhrá ar "Scileanna a fhorbairt chun athrú a éascú in iompraíochtaí caite tobac". Is éard is aidhm leis an oiliúint aon lae ná scileanna bunúsacha a thabhairt d'oibrithe gairmiúla sláinte ceist scor caite tobac a ardú le caiteoirí agus an tarchur cuí a dhéanamh.

D'fhás **an tSeirbhís um Loiceadh Croí** i rith 2003, le maoiniú ó Roche Pharmaceuticals. Leanadh ar aghaidh le forbairt an Chláir um Loiceadh Croí, clár atá faoi stiúir lia agus faoi cheannas altra. Le linn 2003, cláraíodh 53 othar a bhfuil loiceadh croí ag baint leo ar chlár oideachais féinchabhrach thrí mhí – tá torthaí fábharacha ag baint le bunchéim na seirbhíse seo ó thaobh caighdeán saoil feabhsaithe d'othair agus rátaí laghdaithe athghlactha isteach don Ospidéal.

Ag deireadh 2003 bhí na héachtaí seo a leanas bainte amach:

- Bhí 53 othar rannpháirteach sa Chlár Loicthe Croí nua a mhaireann trí mhí
- 4.5% an ráta athghlactha isteach do CCF i ndiaidh míosa amháin, seachas 20%, an ráta a rabhthas ag súil leis
- 12.5% an ráta athghlactha isteach i ndiaidh trí mhí, seachas 37%, an ráta a rabhthas ag súil leis

Tá forbairt níos mó ar an gClár Loicthe Croí á chur chun cinn chun:

- Feabhas a chur ar bhainistiú na n-othar a bhfuil loiceadh croí ainsealach ag baint leo i ndiaidh go scaoiltear amach iad
- Feabhas a chur ar chaighdeán saoil d'othair a bhfuil loiceadh croí ainsealach ag baint leo
- Athghlactha isteach chuig an Ospidéal ar féidir a sheachaint a laghdú
- An tréimhse fanachta a laghdú i gcás athghlactha isteach riachtanacha
- Cúram gan bhriseadh a sholáthar idir bunchúram agus cúram tánaisteach.

PATS (Córas Anailíse agus Rianaithe Othar) sa Rannóg Chairdeolaíochta

Cuireadh an chéad chéim de bhunachar sonraí PATS i ngníomh san Aonad Chúraim Chorónaigh i mí na Samhna. Rinneadh taifead ar shonraí cliniciúla 126 othar do mhí na Samhna agus mí na Nollag. Leathnófar bunachar sonraí PATS amach chuig céimeanna eile den Rannóg Chairdeolaíochta le linn

2004.

Athshlánú Cairdiach

Tá freagairt iontach ar thionscnaimh nua a sholáthraíonn oiliúint CPR agus cainteanna chéim a dó – comhdhéanta de dhá chaint oideachais a mhaireann dhá uair a'chloig thar thréimhse choicise. Baineann na cainteanna seo go sonrach le hothair nach raibh in ann freastal ar chlár chéim a trí.

Mar fhocal scoir, ba mhaith leis an Stiúrthóireacht comhghairdeas foirmiúil a dhéanamh le Donal O'Dea, Uasal, Teicneoir Sinsearach Cairdiach, ar éirigh leis sa srúdú NASP (Cumann Séadaireachta Mheiriceá Thuaidh do shéadaireacht agus leictirfhiseolaíocht) i 2003.

TÁBLA 1:GNÍOMHAÍOCHTAÍ ATHSHLÁNAITHE CHAIRDIGH 2003

Athshlánú Cairdiach	Ean-Meith 2003	Iúil-Nollaig 2003
Iomlán ar tugadh cuireadh dóibh chuig Céim 2 OPD	184	171
I láthair ag Céim 2 OPD	135	136
DNA go OPD	47	35
Cuireadh chuig Caint Eolais	18	70
I láthair ag an gCaint	6	23
Oiliúint CPR	6	44
Tarchuir chuig ionaid eile	341	368
Cuireadh tugtha chuig Clár Chéim 3 110		98
I láthair ag Clár Chéim 3	100	76
Nár chríochnaigh an Clár	23	11
DNA go clár Chéim 3	10	12
A chríochnaigh Clár Chéim 3	79	65

Bhí laghdú i ngníomhaíochtaí chlár chéim 3 don tréimhse Iúil go Nollaig 2003 mar gheall ar an samhradh maith agus an tréimhse shaoire. Dá ainneoin sin, chríochnaigh 69% d'othair clár Athshlánaithe Chairdigh sa bhliain 2003.

MÍOCHAINÉ RIOSPRÁIDE

Aonad Measúnaithe Riospráide

Ó osclaíodh i mí na Samhna 2002 é, tá an tAonad Measúnaithe Riospráide ag leanacht léi ag forbairt na seirbhíse d'othair a bhfuil galair riospráide acu. Tá an fhoireann comhdhéanta de Chláraitheoir Speisialtóireachta i Míochaine Riospráide, Altraspeisialtóirí Cliniciúla, Speisialtóirí Fisiteiripe agus Comhordnaitheoir. Tá ról lárnach anois aige chun

leapacha san Ospidéal a shaoradh. Go dtí seo tá scagadh déanta ag an Aonad ar 728 othar COPD i ndiaidh go dtugtar isteach iad, agus scaoileadh 165 acu amach go luath. Ciallaíonn sé sin go bhfuil an tréimhse a fhanann an chuid is mó de na hothair a bhfuil COPD ag baint leo laghdaithe ó 10.5 lá go 4 lá. Rinne an fhoireann Mheasúnaithe Riospráide 462 Cuairt Bhaile. Is féidir le hothair a bhfuil géarú péine acu dul i dteagmháil leis an Aonad go díreach agus seachtar iad a thabhairt isteach san Ospidéal i go leor cásanna.

Cruthaíodh clinici COPD d'othair sheachtracha a thugann measúnú ginearálta d'othair dá bhfadhbanna riospráide, agus dírtear go háirithe ar scor caite tobac agus caighdeán saoil. Chomh maith leis sin, rinne an Altra Plúchta – a oibríonn i gcomhar leis an Aonad Measúnaithe Riospráide – athbhreithniú ar 1,000 othar i 2003.

Aeráil Neamhionraitheach (NIV)

I mbliana rinneadh níos mó forbartha ar an tseirbhís NIV. Rinneadh nócha othar a aeráil ar an mbarda riospráide (barda John Houston ward) agus chonaic comhaltaí den Aonad Measúnaithe Riospráide (RAU), a bhfuil leibhéal ard saineolais sa réimse seo acu, iad. Tá an fhoireann ag obair faoi láthair freisin ar staidéar taighde a chomhordnú ar éifeachtaí haemidinimice NIV. Is comhthionscadal é seo idir na Rannóga Riospráide agus Cairdeolaíochta.

Áirítear le forbairtí sonracha eile:

- Bunaíodh Coiste Aerála ar Bhardaí chun caighdeán ard cúraim a chinntiú agus oiliúint leanúnach a chur chun cinn
- Thaistil toscaireacht ón mbarda – comhdhéanta de Shiúrachais Altrachais, Bainisteoir Altraí Cliniciúla agus Cláráitheoir Speisialtóireachta – chuig Coláiste Ríoga na Lianna i Londain chun tús a chur leis an bpróiseas tagarmharcála
- D'fhreastail comhaltaí foirne Bharda John Houston go díograiseach ar Chlubanna Thréimhseacháin Altranais, rud a chinntíonn oideachas leanúnach
- Laghdaíodh tréimhse fanachta d'othair aerálaithe ó 17.5 lá i 2002 go 13 lá i 2003
- Mhéadaigh maireachtáil in-Ospidéal ó 73% i 2003 go 95% i 2003, figiúr atá i bhfad níos airde ná figiúirí idirnáisiúnta
- Chun leanacht othar a éascú, bunaíodh Clínic NIV míosúil. Chomh maith leis sin, bhunaigh an fhoireann For-rochtana Riospráide seirbhís aerála tí

ionas go dtiocfadh le altraspeisialtóir nó dochtúir cuairt a thabhairt ar na hothair ábhartha sa bhaile

SEIRBHÍS AILSE SCÁMHÓIGE

Rinneadh diagnóis agus/nó tugadh cóireáil do thart ar 276 othar a bhfuil ailse scámhóige acu in Ospidéal Naomh Séamas i 2003. Tháinig cuid mhór de na hothair sin ó lasmuigh de cheantar abhantrach an Ospidéal, rud atá mar theistiméireacht ar an ról atá anois againn mar ionad diagnóiseach agus cóireála d'Ailse Scámhóige.

Cuireann an tOspidéal fáilte roimh cheapachán an Dochtúra Ken O'Beirne, Oinceolaí Míochaine, chuig an tseirbhís. Tá go leor taithí agus spéis ar leith aige in ailse scámhóige. Guímid gach rath air in Ospidéal Naomh Séamas agus beimid ag súil le méadú mór ar sheirbhísí oinceolaíochta d'othair le hailse scámhóige.

Ceapadh Bainisteoir Sonraí ar na mallaibh freisin chun tacú leis an gCláráitheoireacht Ailse Scámhóige sa Chóras Anailise agus Rianaithe Othar (PATS) agus chun í a bhainistiú. Fuarthas é sin chun tacú le Cúram Ailse in Ospidéal Naomh Séamas i 1998. Is foinse thábhachtach sonraí í an Chláráitheoireacht do gach comhalta foirne a thugann cóireáil agus cúram d'othair a bhfuil ailse scámhóige orthu

D'fhreastail comhaltaí foirne ar chruinniú Chumann Tóracasach na hÉireann i mBéal Feirste go déanach i 2003. Cuireadh iniúchadh i láthair ag an gcruinniú de Ghníomhaíocht Ailse Scámhóige i 2002.

Taighde/Oideachas

Lean an Dochtúir Joseph Keane ar aghaidh le buntaighde binse eolaíochta ar eitinn. Ghlac an Dochtúir Mary O'Sullivan post lán-aimseartha mar chomlach PhD le taighde riospráide i saotharlann bhunús móilíneach ghalair riospráide. Cuireadh tús le tionscadal nua a fhéachann ar bhunús gineolaíoch ailse scámhóige i 2003.

MÁINLIACHT CHARDATÓRACSACH

Rinne Aonad mháinliachta cairdí Keith Shaw 570 modh i 2003. Léiríonn sé sin méadú de 120 cás ar fhigiúirí bunlíne (450 v 570). Laghdaíodh amanta liostaí feithimh níos mó, agus bhí 60% d'othair ag fanacht mí amháin. Faoi mí na Nollag 2003, freisin, ní raibh aon othar ag fanacht níos faide ná sé mhí do mháinliacht.



Tá an tAonad máinliachta tórcsaí is mó i bPoblacht na hÉireann in Ospidéal Naomh Séamas, agus cuirtear othair ó gach áit sa tír ar aghaidh chuige. Tagann níos mó ná an cúigiú cuid de chásanna d'aile scámhóige tríd Ospidéal Naomh Séamas in aghaidh na bliana. Chomh maith le hailse scámhóige, dhéileáil an tAonad le réimse leathan galar éadrom plíúrach agus le hurchóidigh intórcsacha atá níos neamhchoitianta.

Príomhéachtaí agus príomhfhorbairtí:

- Tá bealach chúraim tórcsaigh chomhtháthaithe á fhorbairt faoi láthair
- Ceapadh Altrachleachtóir i mí Dheireadh Fómhair
- Tá an próiseas chun curaclam do dhiplóma iarchéime in altracht Chardatórcsach a fhorbairt idir lámha


CÚRAM MAOLAITHEACH

Tá Ospidéal Naomh Séamas chun tosaigh maidir le seirbhís speisialtóireachta um chúram maolaitheach bunaithe in ospidéal in Éirinn a fhorbairt.

Áirítear le gníomhaíochtaí lánacha seirbhíse:

- Sainchomhairle maidir le bainistíocht phéine agus siomtóm ar bhonn comhairleoireachta/comhairleach don príomhfhoireann i gcomhlán de chúram atá ann

Patrúin Tharchurtha um Chúram Maolaitheach Ospidéal Naomh Séamas




cheana féin

- Tacaíocht shíceolaíochta, shóisialta agus spioradálta d'othair agus do theaghlaigh
- Torthaí éifeachtacha othar atá beartaithe, comhordnaithe agus éascaithe i gcomhar le hAltraí Shláinte Phoiblí agus Liachleachtóirí Ginearálta (Féach figiúr 2 do thorthaí)
- Seirbhís chuimsitheach oibre sóisialta/chomhairleoireachta d'othair chónaitheacha agus a dteaghlaigh, chomh maith le teagmháil le teaghlaigh i ndiaidh do bhall den teaghlach bás a fháil

Glacann an tseirbhís speisialtóireachta um chúram maolaitheach freagracht as oideachas foirmiúil agus neamhfhoirmiúil chomhaltaí míochaine agus altrachta, as taighde agus as úsáid taighde.

Torthaí Chúraim Mhaolaithigh Ospidéal Naomh Séamas



Stiúrthóireacht HOPE

Tá Stiúrthóireacht HOPE comhdhéanta de Haemaiteolaíocht lena n-áirítear an Clinic Warfarin agus Oinceolaíocht Mhíochaine agus Radaíochta. Corpraíonn na speisialtóireachtaí sin an Lárionad Náisiúnta um Aistriú Smeara i nDaoine Fásta agus an Lárionad Náisiúnta um Staidéir Théachtaidh Dhúchasaigh. Tá nascanna forbartha ag an stiúrthóireacht le Clár an Chuibhreannais um Thrialacha Cliniciúla agus leis an Iontaobhas Smeara do Leaicéime.


Forbairt i 2003

- Osclaíodh sé leaba aer-oiriúnaithe nua ar Bharda Denis Burkitt
- Ceapadh an tríú Oinceolaí Míochaine
- Osclaíodh Saotharlanna agus amharclann léachtóireachta John Kurkan
- Ceapadh an Dochtúir Kenneth O' Byrne, an tOinceolaí Míochaine nua mar Stiúrthóir Cliniciúil. Tháinig sé i gcomharba ar an Ollamh Shaun McCann. Mar gheall ar a thiomantas siúd sa ról seo le seacht mbliana anuas, cinntíodh gur forbraíodh seirbhís nach sáraítear d'othair a bhfuil urchóidí haemaiteolaíochta-oinceolaíochta acu

Treochtaí Seirbhísí

Bhí méadú eile i líon na n-othar a fuair cóireáil i 2003, mar atá léirithe sa ghraf thíos. Tháinig méadú inbhuanaithe sa réimse chúram lae i

Líon láithreachtaí othar 2000-2003



rith na bliana agus tharla an rud céanna i ngníomhaíochtaí um othair sheachtracha. Bhí méadú leanúnach sa rannóg Haemaiteolaíochta ar scaoilte amach a bhain le gníomhaíochtaí othar cónaitheach ó bhliain go bliain, agus sa rannóg oinceolaíochta bhí laghdú beag i ngníomhaíochtaí um othair chónaitheacha. Bhíodhas ag súil lena

leithéid de threocht agus seachadadh na seirbhíse oinceolaíochta á haistriú go suíomh chúram lae. Dá réir sin, tháinig an méadú is mó i ngníomhaíochtaí chúram lae in Oinceolaíocht Mhíochaine.

HAEMAITEOLAÍOCHT


B'é an phríomhócáid ná oscailt agus foirniú an sé leaba nua i mBarda Denis Burkitt. Tá siad i ndiaidh an Clár Náisiúnta Fola agus Aistriú Smeara a éascú trí 21 seomra aer-oiriúnaithe le seomra folctha a sholáthar do chóireáil leaicéime agus galair a bhaineann léi. Áirítear leis na forbairtí eile:

- Tosaíodh ar obair ar bhunachar sonraí náisiúnta do leaicéime mhialóideach ainsealach
- Ceapadh SpR a bhí ann cheana féin mar chomhalta taighde le spéis ar leith i nGéarleaicéime Mhialóideach
- Osclaíodh Saotharlanna, Oifigí agus Amharclann Léachtóireachta Leaicéime John Durkan le tacaíocht fhial ó mhuintir Durkan
- Bhí a cruinniú bliantúil ag Institiúid na Míochaine Móilíní

An Clár Aistríthe Smeara

Leathnaíodh an Clár Aistríthe Smeara. Tugadh cóireáil do i bhfad níos mó othar ná mar a tugadh sna blianta roimhe sin, rud atá léirithe thíos:

Clár Iomlán Aistríthe Ospidéal Naomh Séamas



An tIontaobhas Smeara do Leaicéime


Leanann an tIontaobhas Smeara do Leaicéime (BMLT) ar aghaidh de bheith ag soláthar go leor maoinithe mar thacaíocht d'othair Leaicéime agus a ngaolta.

Thacaigh an maoiniú a soláthraíodh mar gheall air i 2003 le:

- Dhá chomhaltacht do Haemaiteolaithe óga atá faoi oiliúint. Rinne siadsan a fuair an maoiniú taighde ar Leaicéime Limficiteach Ainsealach

Aistriú Smeara Allaigéineacha i 2003 de réir tháscairí galar

Táscairí Caighdeánacha BMT




Aistriú Smeara Uathlóga i 2003 de réir tháscairí galar

Táscairí NST 2003

Aistriú NST de réir tháscairí galar

Táscairí NST 2003



agus Géarleicéime Mhialóideach

- Aimsíodh ~4,000 chun seomra na ngaolta a athmhaisiú ar Bharda Denis Burkitt

Oinceolaíocht

Bhí an bhliain ba ghnóthaí riamh, de réir na dtaifead, ag an rannóg Oinceolaíochta de réir mar mhéadaigh ar na leibhéil ghníomhaíochtaí go leanúnach.

- Tharla an fás ba mhó i ngníomhaíochtaí chúram lae agus le tacaíocht ó fhoireann thiomanta, lean an tAonad ar aghaidh de bheith ag soláthar cúraim d'ardcháilíocht d'othair a bhí ag fáil cóireála do ghalair a bhaineann le hailse
- Mar gheall ar an sé leaba nua ar bharda Denis Burkitt, chuir an rannóg oinceolaíochta inniúlacht bhreise d'othair chónaitheacha ar fáil ar Bharda Walter Stevenson

- Lean na hothair orthu de bheith ag baint leasa as an tseirbhís iontach a sholáthair an fhoireann Ghineolaíochta Ailse. Cuireadh an líon is mó othar ná riamh ar aghaidh chuig an tseirbhís seo agus tá an fhoireann ag feidhmiú anois ag leibhéal lán-inniúlachta

Ceapadh an tríú oinceolaí míochaine, an Dochtúir Ken O' Byrne MD, a bhfuil spéis ar leith aige in oinceolaíocht thórsach.

Lean an tOllamh P.A Daly ar aghaidh de bheith páirteach sa Chlár Náisiúnta d'Oiliúint Speisialtóireachta Chláraitheoirí. Ceapadh é mar Stiúrtóir Náisiúnta Speisialtóireachta d'Oinceolaíocht Mhíochaine, mar chuid den Choiste Éireannach um Ardoiliúint Mhíochaine.

Seirbhísí Oinceolaíochta Radaíochta

Tá roinnt forbairtí fíorshuntasacha i ndiaidh tarlú i seirbhísí oinceolaíochta radaíochta TCD/bunaithe in Ospidéal Naomh Séamas, lena n-áirítear leathnú amach na seirbhísí cliniúla, oscailt Aonaid Acadúil TCD um Oinceolaíocht Chliniciúil agus Mhóilíneach (AUCMO), athlonnú na Scoile Náisiúnta nua um Theiripe Radaíochta i gCampas Naomh Séamas agus an fhorbairt shainiúil laistigh den AUCMO den chóras Teileshineirgíochta.

Tá na seirbhísí cliniúla oinceolaíochta radaíochta a chomhordaítear idir Ospidéal Naomh Séamas agus Naomh Lúca i gcónaí ag leathnú amach. Mar gheall ar an Dochtúir Catriona O'Sullivan a bheith ceaptha mar Oinceolaí Radaíochta Comhairleach (a bhíonn ag freastal ar Ospidéal na Bantiarna do Leanaí Breoite), tá forbairt na seirbhíse cliniúla ailse scámhóige agus na foirne ildhisciplíní éascaithe. Bhí an Dochtúir O'Sullivan páirteach freisin i bhforbairt Chlár Ionradaíochta an Choirp Iomláin do Dhaoine Fásta atá mar chuid lárnach den Chlár Náisiúnta um Aistriú Allaigéineach Smeara. Tá an Dochtúir Charles Gilham tagtha isteach sa rannóg freisin mar léachtóir, trí cheapachán leis an Aonad Acadúil nua um Oinceolaíocht Chliniciúil Mhóilíneach (AUCMO).

An tAonad Acadúil um Oinceolaíocht Chliniciúil agus Mhóilíneach

Is é an tAonad Acadúil um Oinceolaíocht Chliniciúil agus Mhóilíneach (AUCMO) nuabhunaithe – a bhfuil an tOllamh Donal Hollywood mar cheannasaí air – an chéad rannóg oinceolaíochta ildhisciplíneach i bPoblacht na hÉireann.

Léiríonn bunú an Aonaid nádúr tábhachtach idirdhisciplíneach chóireáil nua-aimseartha ailse agus

an infheistíocht shuntasach in oideachas agus taighde oinceolaíochta laistigh den ollscoil agus a hOspidéal chomhlacha. Tá an AUCMO comhdhéanta den mhéid is mó speisialtóirí ailse mar aon leis an tacaíocht riachtanach oideachasúil agus taighde chun a chinntiú go mbaineann na hothair, an fhoireann chliniciúil, mic léinn fhochéime agus iarchéime an leas is mó as rannóg thaighde agus chliniciúil aontaithe ar an gcampas céanna.

Chomh maith leis sin, tá an AUCMO ar an gcéad chlár ollscoile i bPoblacht na hÉireann chun an córas NIH Telesynergy® a choimisiúnú – rud a chruthaíonn nasc ar leith idir TCD, an NIH agus an NCI i Washington DC, oifig an NCI/EORTC sa Bhruiséil, Ospidéal Naomh Lúca, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, Ospidéal Chathair Bhéal Feirste agus an tAonad um Thrialacha Cliniciúla Ailse. Go bunúsach, ligeann sé d'eolaithe agus do chliniceoirí ag an iliomad saotharlann agus Ospidéal a bheith ag idirghníomhú ag an am céanna le chéile – rud a mhéadaíonn an chumarsáid idir lucht gairmiúil ailse i dTuaisceart Éireann, i bPoblacht na hÉireann agus sna Stáit Aontaithe agus tá buntáiste eile ann go laghdáitear taisteal riachtanach na n-othar agus na soláthróirí. Ar scála níos mó, cuireann sé chun cinn saineolas náisiúnta agus idirnáisiúnta i dtaighde agus cóireáil ailse, rud a mhéadaíonn an oiread a ghlactar le caighdeán aontaithe chúraim. Táthar ag súil go n-éascóidh an córas seo caidreamh feabhsaithe le gréasán méadaithe Ospidéal atá páirteach i gcomhchlár chúram ailse agus cruinnithe fhoirne ildhisciplíneacha le hOspidéal Naomh Séamas

Scoil na Teiripe Radaíochta

Ar na mallaihbh d'athlonnaigh Scoil na Teiripe Radaíochta de chuid TCD chuig Dámh na hEolaíochta Sláinte/Institiúid na Míochaine Móilíní ar champas Ospidéal Naomh Séamas faoi stiúir Mary Coffey, Uasal. Tá nascanna suntasacha idirnáisiúnta forbartha ag an Scoil thar na blianta, lena n-áirítear an Brainse Oinceolaíochta Radaíochta (ROB) agus Clár na nEolaíochtaí Oinceolaíochta Radaíochta (ROSP) ag an Institiúid Náisiúnta Sláinte (NIH) i Washington DC, an Cumann Eorpach um Raideolaíocht Theiripeach agus Oinceolaíocht (ESTRO) agus Lárionad Dresden do Thaighde Radaíochta san Oinceolaíocht (ZIK Dresden). Mar gheall ar an athlonnú agus comhtháthú, tá fíorú na físe leithne maidir le hAonad Acadúil um Oinceolaíocht Chliniciúil agus Mhóilíneach (AUCMO) éascaithe, rud a léiríonn ann féin céim mhór chun tosaigh maidir leis an gcur chuige i leith oideachais agus bainistíochta ailse in Éirinn.

AN LÁRIONAD NÁISIÚNTA UM AICÍDÍ TÉACHTAIDGH DHÚCHASAIGH (NCHCD)

Baineadh roinnt éachtaí suntasacha amach sa tseirbhís a sholáthair an NCHCD i 2003.

Bhí láithreachtaí othar mar an gcéanna agus chonaic Comhairleoir Téachtaidh gach othar a d'fhreastail ar na clinicí. Léiríonn sraith shuirbhéanna um shásamh othar a rinneadh go bhfuil amanta feithimh laghdaithe agus go bhfuil seirbhís den scoth á soláthar de réir eispéireas na n-othar.

Den chéad uair bhí an Lárionad páirteach in iniúchadh seachtarach a rinne Eagras Stiúrthóirí Ionaid Haemifíle na Ríochta Aontaithe (UKHCDO). I measc na réimsí a iniúchadh bhí:

- Daonra/déimeagraif na n-othar
- Seirbhísí a sholáthaítear d'othair
- Rialú, úsáid agus stóras chomhdhúiliú factóirí
- Athbhreithniú ar sheachadadh cóireála/thaifid mhíochaine othar
- Rialú cliniciúil
- Teagasc agus taighde
- Áiseanna saotharlainne Haemostasis

Bhí an tuarascáil shealadach ar an gcuairt an-dearfa agus léirigh sí go sonrach caighdeán ard an chomhoibríthe fhoirne chomhtháthaithe mar aon leis na cláir theagaisc den scoth atá i bhfeidhm.

Clinic Antaitheachtaidh

Ghlac comhairleoirí ag an NCHCD freagracht orthu féin as an tseirbhís antaitheachtaidh i 2003.

- Cuireadh i ngníomh clár ríomhairithe dáilte, DAWN a áiríonn na dáilte Warfarin a theastaíonn de réir algartam fíoraithe.
- Tugadh isteach próisis nua othar in éineacht le tabhairt isteach chóras DAWN. Bhí tionchar suntasach ag na hathruithe sin ar eispéireas na n-othar trí amanta feithimh a laghdú. Léiríonn staitisticí laghdú cinnte i gcoinní fillteacha
- Ceapadh altra CNM ar ghrád II chun plé le hiniúchadh, bainistíocht riosca agus oideachas foirne agus othar

Bunachar Sonraí Haemostasis agus Trombóise

Aimsíodh faomhadh airgeadais d'fhorbairt chórais nua eolais chun teacht in áit an bhunachair shonraí haemifíle atá ann faoi láthair agus a fheidhmiúlacht a leathnú. Tosóidh an tionscadal sin i 2004.

Altranais

Tá an tseirbhís altranais ag fás agus ag méadú i gcónaí mar gheall ar roinnt ceapachán nua, éachtaí

agus forbairtí. Leathnaíodh an fhoireann altranais freisin i mbliana mar thacaíocht do leathnú Bharda Denis Burkitt.

Críochnaíodh an tionscadal um cheannasaíocht altranais in éineacht le hOspidéal Chathair Bhéal Feirste agus Ollscoil Uladh i rith na bliana. Is í príomhaidhm an chláir sin ná cáilíocht an chúraim atá á sheachadadh a luacháil.

Bhí altra chúram lae ag Ospidéal Naomh Séamas i gceannas ar fhorbairt thionscadal Wisecare (Córas Eolais Shrutha Oibre do Chúram Altranais san Eoraip) in Éirinn. Is éard is aidhm leis an tionscadal sin a dhíríonn ar an othar ná caidreamh a bhunú idir treoirlínte féinchúram d'othair agus cleachtas bunaithe ar fhianaise maidir le torthaí sonracha othar. Tá sé deartha freisin chun comheolas agus comheispéireas faoi altranais dhaoine fásta a bhfuil ailse orthu a mhéadú go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Ba léir forbairt leanúnach ghrád na haltraspeisialtóireachta cliniciúla laistigh de HOPE le tabhairt isteach ról nua altraspeisialtóra d'Aistrithe Uathlógacha.

Tá taighde agus oideachas faoi cheannas altraí lárnaigh i bhforbairt leanúnach altranais ailse. I measc na n-éachtaí a baineadh amach sa réimse sin bhí:

- Leibhéal ard rannpháirtíochta san Ard-Diplóma in Altranais Oinceolaíochta
- D'fhreastail líon mór altraí ón stiúrthóireacht agus ó ionaid eile go náisiúnta ar chlár haemaiteolaíochta cúig lá agus cúrsaí gairide ceimiteiripe
- Cuireadh tús le hobair in éineacht le Coláiste na Tríonóide chun Diplóma Iarchéime in Altranais Haemaiteolaíochta a fhorbairt
- Tá altraí eile in HOPE i ndiaidh dul faoi oiliúint chun an Clár um Maireachtáil le hAilse a éascú, clár a bhfuil aischothú an-dearfa faighte ina leith ó

othair agus a dteaghlaigh

TAIGHDE

Bhí fócas suntasach ar an taighde agus sholáthair Saotharlanna Taighde Durkan áiseanna den scoth do thaighde ar urchóidí haemaiteolaíochta.

Bronnadh deontais iomaíocha do thaighde i roinnt réimsí lena n-áirítear:

- Forbairt chur chuige nua teiripeacha d'urchóidí haemaiteolaíochta
- Aimsiú bithmharcaeirí nua in ilmhialóma
- Forbairt ghréasán taighde i dtaighde ar bhás ceall ailse

Fuair comhaltaí den saotharlann taighde roinnt gradam freisin. Tá an liosta iomlán i dTábla 1.

Osclaíodh Institiúid na Míochaine Móilíní, a ligfidh d'fhorbairt taighde thrasatlantaigh ag Ospidéal Naomh Séamas. Aistrefar a bhfaightear amach ó thaighde binse go nósanna imeachta nua diagnóiseacha agus drugaí nua chun cuidiú le cúram othar. Tá an méid sin i ndiaidh bunú ghréasáin taighde um ailse prótastach a éascú i gcomhar le príomhthaighdeoir in Ospidéal Naomh Séamas agus na Mater, maoinithe ag deontas suntasach ó Chumann Ailse na hÉireann.

Is é taighde ailse ceann de na príomhláidreachtaí a bhaineann leis an Institiúid nua Míochaine Móilíní agus mar gheall ar an gcur chuige nua, "binse go taobh na leapan", soláthrófar réitigh nua do dhiagnóisí acídí, aithneofar othair a fhreagraíonn go maith do theiripithe áirithe ailse agus aimseofar spriocanna agus bealaí nua poitéinsiúla do theiripicí ailse.

Teideal	Eagras Bronnta	Fad	Principal Investigator/s
Bitheolaíocht Mhóilíneach Leicéime Limficítí Ainsealaí	HRB	2003-2005	An tOll M Lawler, An Dr E. Vandenberghe
Bitheolaíocht Mhóilíneach Ailse Phróstataigh	IRCSET	2003-2006	An tOll M Lawler
Gréasán Oiliúna Taighde ONCODEATH	AE	2003-2006	An tOll M Lawler
Cur chuige móilíneach chun cealla ailse a mharú	Taighde Ailse na hÉireann	2003-2006	An tOll M Lawler
Eipidéimeolaíocht mhóilíneach Ilmhialóma	Taighde Ailse na hÉireann	2003-2006	An tOll M Lawler, An Dr P. Browne
An Tionscnamh um Thaighde ar Ailse Próstatach	Taighde Ailse na hÉireann	2003-2006	An tOll M. Lawler, An tOll Hollywood
Úrscéal Fiosraitheach Naftalamaidí mar ghníomhairí frithailse	Bith-thaighde Éireann		An tOll M Lawler An Dr T Gunnlaugsson
Staidéar bithmharcaeirí AE do luathaimsiú ailse scámhóige	Cúigiú Clár Frámaíochta an AE	2003- 2006	An Dr K. O'Byrne, An tOll M. Lawler
Tábhacht Phrognóiseach EGFR fosfáiríthe i NSCLC	Fondúireacht Scámhóg na Breataine	2003- 2005	An Dr K. O'Byrne,
Méisitéilíoma agus Máinliacht Radacach	Deontas CTAAC Grant	2003-2005	An Dr K. O'Byrne, comhfhosraitheoir choiste MARS
Méisitéilíoma agus Máinliacht Radacach	Fondúireacht Scámhóg na Breataine	2003- 2005	An Dr K. O'Byrne, comhfhosraitheoir choiste MARS

Stiúrthóir Cliniciúil
An tOllamh
Davis CoakleyBainisteoir Altraí
Nuala KennedyBainisteoir Gnó
Carol Murphy

STIÚRTHÓIREACTH MEDEL

Soláthraíonn Stiúrthóireacht Mhíochaine do Dhaoine Scothaosta (MedEL) réimse cuimsitheach seirbhísí d'othair scothaosta lena n-áirítear áiseanna d'othair chónaitheacha, d'othair sheachtracha, d'Ospidéal lae, institiúid taighde agus nascanna atá struchtúrtha go maith le seirbhísí pobail. Tá freagracht mhór teagaisc uirthi i míochaine agus san altranas, chomh maith le fisiteiripe, teiripe shaothair agus teiripe urlabhra.

Déantar taighde suntasach náisiúnta agus idirnáisiúnta i gcomhar le Institiúid Mercers do Thaighde ar Dhul in Aois agus oibríonn an stiúrthóireacht go dlúth freisin leis an Lárionad Eolais agus Forbartha do Sheirbhísí Gealtachais, a sholáthraíonn eolas, oideachas agus oiliúint do lucht gairmiúil agus do sholáthróirí foirmiúla cúraim a oibríonn le daoine a bhfuil gealtachas ag baint leo.

Forbairtí i 2003

- Is é an coincheap 'Baile Lasmuigh den Bhaile' atá go fóill mar sprioc Aonaid leathnaithe chúraim. Tharla níos mó leathnaithe le hathchóiriú an dá bharda eile, bialanna, seomraí feistis foirne agus an fáiltiú. Mar gheall ar na hAonaid nua-athchóirithe, tá an timpeallacht chúraim feabhsaithe go mór d'othair, gaolta agus don fhoireann
- I mí na Nollag, osclaíodh dhá leaba déag in Aonad nua-athchóirithe i mBrú Chaoimhín. Is comhthionscnamh bainistíochta é an fhorbairt seo idir Ospidéal Naomh Séamas agus Bord Sláinte an Limistéir an Thiar Theas chun leapacha atá ann cheana féin a athoscailt chun freastal ar othair atá liostaithe d'áit faoi chúram leathnaithe
- Oideachas Altraí – tá na Cúrsaí Dioplóma agus Máistreachta i Seaneolaíocht i gcónaí an-rathúil agus chríochniagh ceithre mhac léinn an Dioplóma Iarchéime agus bronnadh Máistreacht ar dhuine amháin eile

CLINIC CHUIMHNE

Tá méadú leanúnach ar líon na ndaoine a chuirtear ar aghaidh chuig an gClinic agus coinnítear ar aghaidh le hobair leantach dhoimhin le hothair de gach aois a bhfuil easnamh chognaíocha ag baint leo. Tá leathnú leanúnach gníomhaíochtaí cliniciúla agus taighde léirithe sna forbairtí nua, lena n-áirítear:

- Bunaíodh an Clinic Meimintín chun cóireáil a chur ar fáil do chásanna measartha go diana de ghalar Alzheimer
- Rinneadh lámhleabhar ionductaithe do chomhaltaí foirne nua
- Rinneadh leabhrán nua Eolais d'Othair

AN tAONAD UM THITIMÍ AGUS OISTÉAPÓRÓIS

Ba é fócas an Aonaid i 2003 ná scagadh a dhéanamh ar ghrúpaí 'ard-riosca' oistéapóiríse. Ba léir na buntáistí a bhaineann leis an scanóir DEXA – a tugadh isteach i 2002 – mar gur thug 50% den 800 scan a rinneadh le fios go raibh Oistéapóiríse ann. I measc na n-éachtaí eile a baineadh amach:

- Tugadh isteach dhá chlinic nua do chóireáil Oistéapóiríse agus cosaint chnámh
- Forbraíodh clár leathan chun othair ag freastal ar an gClinic Ortaipéideach le briseadh Colles a fhiosrú agus a bhainistiú

An tSeirbhís um Thitimí a Chosc

Tá cur chuige ildhisciplíneach i bhfeidhm chun othair a thiteann a mheas agus chun cuidiú le titimí sa todhchaí a chosc i gcás othar atá i mbaol. I gcomhpháirtíocht le MIRA, thug an stiúrthóireacht isteach Clinic tiomanta do Thitimí agus Sioncóipis i mí Iúil go háirithe chun othair a fhiosrú a mbaineann titimí agus díth meabhrach fhillteach, gan mhíniú leo.

AN LÁRIONAD EOLAIS AGUS FORBARTHA DO SHEIRBHÍSÍ NEALTRAITHE

Leathnaíodh feasacht ar na seirbhísí gairmiúla a sholáthraíonn an Lárionad Eolais agus Forbartha do Sheirbhísí Gealtachais (DSIDC) go leanúnach, agus ag éirí as sin bhí bliain ghnóthach dhúshlánach ann.

I measc na bpríomhghníomhaíochtaí bhí:

- Soláthar oiliúna speisialtóireachta nealtraithe, laethanta staidéir agus oiliúint bhreise mhúrach do réimse leathan grúpaí – mar gheall ar an éileamh, ceapadh Oifigeach Cúnta Nua Oideachais
- Seoladh fiseán nua oideachasúil "An Nealrú a Thuiscint" i mí Mheán Fómhair
- D'óstaigh an lárionad an chéad chomhdháil náisiúnta um Chúram Nealtraithe a mheall líon mór soláthróirí seirbhísí sláinte a bhí ag iarraidh a gcuid scileanna i gcúram nealtraithe cáilíochta a uasdhátú

Clár Taighde

D'fhorbraigh agus leathnaigh an taighde go leanúnach.

- I mí Mheán Fómhair, d'óstaigh an DSIDC a chéad chruinniú faoin tionscadal Eorpach ENABLE agus bhí 17 comhpháirtí as ceithre tír i láthair – an Ríocht Aontaithe, an Litúáin, an Fhionlainn agus an Iorua
- Dearadh staidéar nua taighde, i gcomhar le Coláiste Éireannach na Liachleachtóirí Ginearálta, chun dearcadh agus cleachtais Liachleachtóirí Ginearálta a fhiosrú maidir le scagadh agus diagnóis nealtraithe agus fuarthas ráta ard freagraí (60%)
- Seoladh Gradam Comhaltachta nua an Lárionaid do staidéir iarchéime i nealtrú. Bronnadh chéad onóracha, céim Mháistreachta ó Choláiste na Tríonóide ar an mac léinn a bhain leas as an sparántacht do thaighde ar 'chláir ghníomhaíochta caitheamh aimsire/teiripiceach in árais altranais

dheonacha agus phríobháideacha a sholáthraíonn cúram nealtraithe in Éirinn'

Eolas agus Comhairleoireacht

- Thug comhaltaí foirne comhairle do roinnt áras altranais de chuid na mBord Sláinte maidir lena dtimpeallachtaí a chur in oiriúint don nealtrú
- Athfhorbraíodh an láithreán gréasáin www.dementia.ie chun níos mó eolais a chur ar fáil agus é a dhéanamh níos éasca don úsáideoir
- Thug níos mó cleachtóirí agus mac léinn iarchéime cuairt ar an leabharlann agus bhain siad úsáid as an tseirbhís nua leictreonach tréimhseachán. Bhí seirbhísí leabharlainne ar fáil 10am - 12pm agus 2pm agus 4pm gach lá



STIÚRTHÓIREACHT SAMS

Is éard atá i gceist le stiúrthóireacht SaMS ná speisialtóireachtaí na Deirmeolaíochta, na hInchríneolaíochta, Cluas, Sróine, Scornaí, Rannóga na Míochaine Úraiginiúla agus na nGalar Ionfhabhtaíoch (GUIDE), na Liachta Ban, na Néaraifhiseolaíochta, na Néareolaíochta, na Oftailmeolaíochta agus na Réamaiteolaíochta.

Is éard is aidhm leis an stiúrthóireacht ná a chinntiú go mbíonn cinntí cliniciúla, bainistíochta agus polasaí bunaithe ar an gcleachtas is fearr agus go bhforbraíonn comhaltaí foirne go leanúnach, rud a léirítear mar sheirbhísí éifeachtacha, éifeachtúla ábhartha d'othair.

Forbairtí i 2003

- Rinneadh cleachtaí um fhíorú liostaí feithimh i réamaiteolaíocht, deirmeolaíocht agus oftailmeolaíocht, agus laghdaíodh liostaí feithimh ar suas le 25%. Ina dhiaidh sin bhí clinicí thionscainm liostaí feithimh ann as ar eascair níos mó laghduithe
- Aimsíodh trealamh tábhachtach i rith na bliana. Bhíothas in ann ceannaigh a dhéanamh trí mhaoiniú ó thacaíocht sheachtrach agus mar gheall ar chionroinnt bhuiséid go háirithe do threalamh ón Ospidéal i mí na Samhna
- Mhéadaigh go leanúnach ar líon na n-othar a bhain úsáid as an Tolglann Scaoilte Amach agus bhain 3,763 othar úsáid as an tseirbhís. Soláthraíonn an toglann áit d'othair nach dteastaíonn leapacha níos mó uathu, ach atá ag fanacht go dtógfar iad. Rinneadh pleananna dréachta do thabhairt isteach Tolglann Scaoilte Amach nua le níos mó spáis agus áiseanna nua a bheidh i bhfeidhm i 2004
- Tugadh isteach an córas 'DIAMOND' – bunachar sonraí leictreonach de thaifid othar le Diaibéiteas
- Ceapadh dhá Chomhairleoir nua sa Rannóg Réamaiteolaíochta

DEIRMEOLAÍOCHT

Soláthraíonn an fhoireann Deirmeolaíochta cúram cáilíochta tiomanta d'othair san Ospidéal agus i rannóg na n-othar seachtrach. Chonacthas 4,272 othar san iomlán i rannóg na n-othar seachtrach agus ba é an chomhréir d'othair nua in aghaidh othar fillteach ná 1:1007. Mheas an fhoireann 352 othar cónaitheach san iomlán freisin.

Forbairtí

Thug an Dochtúir A Irvine clinic breise isteach ag

deireadh na bliana a mhéadóidh líon na n-othar ar féidir cóireáil a thabhairt dóibh i 2004. Bhunaigh an Dochtúir Irvine seisiún mion-mháinliachta freisin atá mar acmhainn luachmhar teagaisc do chláráitheoirí. Lean an Dochtúir Rosemarie Watson de bheith ag déanamh próifílí de riachtanais na n-othar a mbaineann Epidermolysis Bullosa (EB) leo ag leibhéal náisiúnta. Bhain na hothair sin leas as scileanna go leor Comhairleoirí agus na foirne ildhisciplíní (síceolaí, oibrí sóisialta, teiripeoir saothair, cothaitheach agus fisiteiripeoir) laistigh den Ospidéal.

Cuireadh roinnt othar ar aghaidh chuig speisialtóirí thar sáile chun máinliacht Mohs mhicreagrafach a fháil chun ailsí craicinn áirithe a ghearradh amach. Tá moladh i bhfeidhm chun máinlia deirmeolaíochta a cheapadh a bhunódh an tseirbhís seo in Ospidéal Naomh Séamas chun freastal ar riachtanais ár n-othar.

INCHRÍNEOLAÍOCHT

Is é an príomhfhócas atá ag an tseirbhís Inchríneolaíochta, a bhfuil an tlonad Lae Diaibéiteis mar chuid de, ná cúram othar a bhfuil Diaibéiteas agus Aicídí Inchríneolaíochta agus Meitibileacha ag baint leo.

Is seirbhís d'othair sheachtracha go príomha é seo agus chonacthas 7,201 othar trí clinicí d'othair sheachtracha. Soláthair an tlonad Lae Diaibéiteis tacaíocht do 5,664 othar.

Forbairtí

I mí na Samhna, osclaíodh seomra na cóireála Radaíodain ar bharda Victor Syngé do chóireáil ailse thíoróidigh

'DIAMOND' – D'fhorbraigh Ospidéal Naomh Séamas, i gcomhar le AMNCH, tionscadal roinnte cúraim chun an córas DIAMOND a chruthú. Seoladh an bunachar sonraí leictreonach de thaifid, a dearadh go sonrach d'othair Diaibéiteis go rathúil san Ionad Lae Diaibéiteis i mí Feabhra agus i rannóg na nOthar Seachtrach i mí Mheithimh. I measc buntáistí Diamond tá:

- Infhaighteacht mhéadaithe eolais faoi othair ag céim an chúraim féin.
- Monatóireacht feabhsaithe othar chun forbairt ghalair a chosc nó a mhoilliú
- Forbairt agus cothabháil phrótacal bunaithe ar fhianaise agus staidéir fheabhsaithe epidéimeolaíochta

Ligeann DIAMOND do gach comhalta den fhoireann ildhisciplíneach Diaibéiteis eolas a fháil agus a



Stiúrthóir Cliniciúil
An Dochtúir
L. Barnes

Bainisteoir Altraí
Anne Cuffe

Bainisteoir Gnó
Anne Brennan

thaifead. Is í an aidhm ná an tseirbhís seo a leathnú chuig rannóga ábhartha eile le linn 2004.

Sholáthair an Lions Club maoiniú do Cheamara Reitine a mbainfear úsáid as le cúnadh ón Ospidéal Súl agus Cluas chun diagnóis de Reitineapaite Dhiaibéiteach a dhéanamh. Is forbairt thábhachtach í seo mar d'fhéadfaí damáiste do radharc na súl a chosc trí reitineapaite atá baolach don radharc a aimsiú go luath agus cóireáil a thabhairt trí theiripe léasair.

Aimsíodh maoiniú freisin do phost bliana altranais chun othair a bhíonn ag fáil teiripe phumpa insline a bhainistiú. Faigheann sé othar is tríocha an teiripe i láthair na huaire agus bunaíodh liosta feithimh d'othair eile atá ag iarraidh úsáid a bhaint as an tseirbhís. Cuireadh pleananna i bhfeidhm chun an leibhéal tairisceana a fhorbairt níos mó i 2004 bunaithe ar rathúlacht an tionscadail seo.

Forbairtí Eile

- Reachtáladh seisiúin oideachasúla chosliachta do ghrúpaí de 15 othar gach sé mhí
- Leanadh ar aghaidh le seisiúin ghrúpaí san Ionad Lae Diaibéiteis le tacaíocht ó rannóg an Chothaithe Chliniciúil
- Mhéadaigh líon na gcleachtadh Liachleachtóirí Ginearálta atá páirteach i gCúram Roinnte in Diabetes ó 10 gcinn go 16 ceann
- D'fhreastail beagnach 100 othar ar Chlinic na nDaoine Óga gach mí
- Bunaíodh Clinic Aistrithe d'othair a aistrítear ó Ospidéal Cromghlinne go hOspidéal Naomh Séamas

Cluas, Srón, Scornach

Soláthraíonn Máinliacht Chluas, Sróine, Scornaí/Chinn agus Mhuinéil cúram d'othair le fadhbanna neamhurchóideacha agus urchóideacha a théann i bhfeidhm ar na cluasa, an tsrón agus an scornach. Is comhsheirbhís í idir Ospidéal Naomh Séamas agus AMNCH. D'fhreastail 4,317 othar seachtrach ar an tseirbhís agus rinneadh 785 obráid le linn na bliana.

Déantar diagnóis d'ailse Cinn agus Muinéil i gcás trí othar ar an meán gach seachtain in Ospidéal Naomh Séamas. Go foriomlán, tá líon na n-othar méadaithe ar 66% ó 1994, agus anois baineann níos mó ná 7% d'ualach oibre ailse Ospidéal Naomh Séamas agus 33% den ualach oibre Náisiúnta Ailse Cinn agus Muinéil leis. (tag. Cláráitheoireacht Náisiúnta Ailse)

Cur Síos	Nua	Fillte	Iomlán
Seirbhís STI/HIV	6417	7946	14,363
Láithreachtaí othar seachtrach ar Rannóg na nGalar Ionfhabhtaíoch	52	175	227
Seirbhís do Dhaoine Óga	318	301	619
Láithreachtaí othar seachtrach um Hep C	40	497	537
Clinic Lae GUIDE	99	329	428
Barda Lae	217	876	1093
Torthaí / Clinicí Altraí	60	2583	2643
Vaicíníú	694	257	951
Gníomhaíocht Iomlán Othar Seachtrach	7,489	11,923	19,412

Forbairtí

- Forbairt Chleachtadh Altranais Cluas, Sróine agus Scornaí i mBarda Naomh Eoin dírithe ar an gcleachtas altranais is fearr maidir le cúram traicéatóime agus bainistiú píobán beathaithe inmheánach
- Bhí comhaltáí foirne ó bharda Naomh Eoin, teaghlaigh agus cairde othar páirteach i rás rothar i mí Mheán Fómhair agus fuair siad níos mó ná 10,000 d'fhorbairt sheirbhísí bunachair shonraí d'ailsí Cinn/Muinéil agus Liachta Ban

GUIDE

Feidhmíonn seirbhís GUIDE comhsheirbhís Mhíochaine Úraiginiúla agus Ghalar Ionfhabhtaíoch, lena n-áirítear galair ghnéas-tarchurtha, míochaine HIV, cúram ginearálta galar ionfhabhtaíoch agus feidhmiú míochaine mhicribitheolaíochta cliniúla. Méadaigh éilimh ar an tseirbhís d'othair sheachtracha go leanúnach agus bhí níos mó ná 20,861 láithreachtaí de chuid othar seachtrach ann.


Forbairtí Clinic

- Sholáthair síneadh nua ar an gclinic áit don chlár vaicínithe tharmligthe (a bunaíodh i mí Mheithimh), seomraí breise clinic, agus áiseanna riaracháin
- I mí Feabhra, cuireadh na córais PAS agus OCM i bhfeidhm agus tá siad anois mar chuid den chleachtas feidhmiúil
- Tosaíodh ar obair chun múnla cumas a fhorbairt chun a chinntiú go mbíonn na seirbhísí a chuirtear ar fáil dírithe ar othair agus go stiúran siad caighdeáin náisiúnta

LIACHT BHAN

Pléann Seirbhís na Liachta Ban le réimse leathan cásanna liachta ban agus cothaíodh nascanna láidre idir Ospidéal Naomh Séamas agus

Treochtaí in Ailse Liachta Ban 1991-2002



Ospidéal Ban an Choim. D'ardaigh líon na gcásanna oinceolaíochta a cuireadh ar aghaidh chugainne, rud a chuir breis éilimh ar an tseirbhís liachta lae, ar leapacha d'othair chónaitheacha agus ar

rochtain ar scananna MRI agus CT.

D'fhreastail an fhoireann ar 3,678 othar seachtrach agus rinne siad 788 obráid.

NÉARAIHFISEOLAÍOCHT CHLINICIÚIL

Tá Rannóg na Néaraifhiseolaíochta Cliniciúla mar chuid de Sheirbhís Néaraifhiseolaíochta Cliniciúla Bhaile Átha Cliath Theas, a bhfuil Aonaid aige freisin ag AMNCH agus Ospidéal Ollscoile Naomh Uinsinn. I measc an réimse seirbhísí fiosrúcháin/diagnóiseacha a cuireadh ar fáil bhí gnáth-Staidéir Chonduchtaithe Néaróg (NCS), Leictrimiografaíocht (EMG), Tástáil Chainníochtúil Chéadfaíoch (QST), Leictrionchafalagrafaíocht (EEG) agus Poitéinsil Dhúisithe Shómachéadfaíoch (SSEPanna), Freagairtí Stoc na hIntinne Dúisithe go hÉisteachtúil (BAERanna) agus Freagairtí Dúisithe go Físiúil (VERanna).

NÉAREOLAÍOCHT

Mhéadaigh an t-éileamh ar an gclinic Néareolaíochta d'othair sheachtracha go leanúnach le linn na bliana. Phléigh an fhoireann le 1,806 coinne agus rinne siad réimse leathan gearán néareolaíochta a bhainistiú, ag soláthar seirbhísí don cheantar áitiúil chomh maith le tarchuir ó cheantair thuaithe nach bhfuil soláthar seirbhísí néareolaíochta iontu faoi láthair.

Sholáthair an tSeirbhís Néareolaíochta seirbhís dhiagnóiseach d'othair chónaitheacha freisin trí chásanna casta a mheas mar fhreagairt ar éilimh ardaithe ó gach Aonad ar fud an Ospidéil. Leanadh ar aghaidh le forbairt phleananna maidir leis an Aonad a leathnú amach chun freastal ar na héilimh leanúnacha ar an tseirbhís thábhachtach seo.

OFTAILMEOLAÍOCHT

Soláthraíonn na tseirbhísí Oftailmeolaíochta seirbhís dhiagnóiseach d'othair chónaitheacha in Ospidéal Naomh Séamas agus sa cheantar áitiúil. I 2003 amháin, chonacthas 2,218 othar ag na clinicí d'othair sheachtracha agus ag na clinicí lae. Chuathas ar aghaidh le linn na bliana le bunobair ullmhúcháin do thabhairt isteach Anailíseora Humphrey Field sa chéad ráithe de 2004, a ligfidh do scagadh agus cóireáil éifeachtúil ar an láthair.

RÉAMAITEOLAÍOCHT

Is í príomhfheidhm na Rannóige Réamaiteolaíochta ná diagnóis agus cóireáil luath a sholáthar d'othair a bhfuil galair réamaiteolaíochta ag baint leo agus cosc a chur leis na castachtaí a éiríonn as athlasadh ainsealach – galar croí, ailse, oistéapórois, loiceadh duánach, ionfhabhtú.

Is é an tAirtríteas an cineál galair is coitianta sa Réamaiteolaíocht ach déantar cóireáil ar fhadhbanna tromchúiseacha agus a d'fhéadfadh a bheith baolach don bheatha cosúil le soithílteas – athlascadh soitheach fola) – lúpas eiritéamach sistéimeach agus galair fhíochán tacaíochta, rudaí uile a d'fhéadfadh damáiste tromchúiseach a dhéanamh do na horgáin inmheánacha, an inchinn, an t-ae, na duáin agus na putóga ina measc.

Ceapadh dhá Chomhairleoir nua, an Dochtúir Gaye Cunnane agus an Dochtúir Michele Doran. Tháinig an Dochtúir Doran i gcomharba ar an Dochtúir Eoin Casey a d'éirigh as an obair i ndiaidh tríocha bliana de sheirbhís thiomanta.

Forbairtí

- Fíoraíodh liostaí feithimh na n-othar seachtrach d'othair nua agus fhillteacha araon. Rialaítear líon na n-othar a bhíonn ag freastal ar na clinicí go dian agus tá polasaí scaoilte amach i bhfeidhm anois d'othair nach gá iad a leanacht go rialta níos mó. D'fhreastail 3,084 othar san iomlán ar chlinicí d'othair sheachtracha agus tá líon méadaithe othar nua á gcur ar aghaidh chugainn
- Chonacthas 3,153 othar ag an Ionad Lae agus tá méadú leanúnach ag teacht ar líon na n-othar a bhíonn ag freastal ar chlinicí faoi cheannas altraí. Moladh pleananna chun an tAonad a nuachóiriú agus é a dhéanamh níos éifeachtúla do chúram othar i 2004
- Tá seirbhís laethúil chomhairliúcháin tugtha isteach d'othair chónaitheacha. Soláthróidh sé seo cúram níos fearr d'othair réamaiteolaíochta, laghdóidh sé an gá le láithreachtaí othar seachtrach réamaiteolaíochta, méadófar ar an teagasc agus feabhsófar an fheasacht maidir le galair réamaiteolaíochta a bhainistiú.
- Thug an seisiún teagaisc faoi cheannas comhairleora gach seachtain aghaidh ar gach gné d'oiliúint bhunchuraclaim chláráitheora. Sholáthair an chomhdháil Raideolaíochta deiseanna chun x-ghathanna suimiúla nó casta ó bhardaí nó clinicí a scrúdú
- Cruthaíodh post nua cláráitheora chun líon na nuairéanta ragoibre a oibríonn dochtúirí sóisearacha a laghdú chun teagasc agus oiliúint a éascú

STIÚRTHÓIREACHT GEMS

Áiríonn stiúrthóireacht GEMS Míochaine agus Máinliacht Ghastraistéigeach agus Míochaine Ghinearálta lena n-áirítear: Heipiteolaíocht, Míochaine Dhuánach, Úireolaíocht, Máinliacht Ghinearálta agus Imdhíoneolaíocht.

I gcaitheamh na bliana, cuireadh roinnt tionscnamh i bhfeidhm as a n-eascróidh cúram feabhsaithe d'othair. I measc na mbuaicphointí bhí oscailt Aonaid Ghlactha Isteach Ghéarmhíochaine, ceapacháin Chomhairleoirí nua sna rannóga Heipiteolaíochta agus Úireolaíochta agus tabhairt isteach éagsúlacht chóras nua ríomhairithe san Ionad Chúram Sláinte a chuirfidh le soláthar éifeachtúlach seirbhísí.

MÍOCHAIINE GHINEARÁLTA

Osclaíodh an tAonad Glactha Isteach Géarmhíochaine (AMAU) go hoifigiúil i mí Mhárta. Tá an tAonad déine aird, fanachta gairide seo ar cheann de na cinn is túisce dá shórt a bunaíodh sa tír.

Is í príomhaidhm an Aonaid ná diagnóis luath, cóireáil agus scaoileadh amach othar géarmhíochaine a ghlactar isteach tríd an Rannóg Éigeandála san Ospidéal a éascú, chomh maith le:

- Próiseas glactha isteach d'ardcháilíocht a éascú
- Líon oibríthe agus acmhainní teicneolaíochta a dhíriú ar an bpointe iontrála
- An mheántréimhse fanachta a laghdú, más gá, le scaoileadh amach tacaithe
- Glacadh isteach pleanáilte agus gníomhaíochtaí speisialtóireachta a chosaint
- Líostaí feithimh do mhodhanna toghaí a laghdú

HEIPITEOLAÍOCHT

Táthar ag leanacht ar aghaidh le forbairt na Seirbhísí Heipiteolaíochta in Ospidéal Naomh Séamas agus tugadh tacaíocht do na hiarrachtaí sin le teacht an dara Comhairleoir chuig an speisialtóireacht, an Dochtúir Susan McKiernan.

Tionscnaimh Rathúla

- Forbraíodh clinicí faoi cheannas altraí go leanúnach san Aonad, a chlúdaíonn go sonrach clinicí vaicsínithe agus clinic fuilteacha. Mar gheall ar cheapachán an dara Altraspeisialtóir Cliniciúil, bíonn ceithre chlinic cóireála faoi cheannas altraí ar siúl gach seachtain
- Tugadh modhanna bithóipse ae de réir chásanna lae isteach i mí Mheán Fómhair. Táthar ag súil go

laghdófar amanta feithimh d'othair mar gheall ar infhaighteacht agus úsáid amanta bithóipse ae de réir chásanna lae

- Lean comhaltaí altranaís ar aghaidh de bheith ag forbairt nascanna le hAonaid ae eile go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta chun eolas agus scileanna a mhéadú agus a roinnt ar gach gné de ghalar ae. Forbraíodh nascanna le hOspidéal Ríoga Victoria, Béal Feirste, Aonad Aistrihe Naomh Uinseann, Baile Átha Cliath agus an tAonad Ae i gColáiste na Ríthe, Londain
- Bhí comhaltaí foirne míochaine agus altranaís rannpháirteach go gníomhach i dtionscnaimh phobail le fócas ar víoras Heipitíteas C, ar é a chosc agus a chóireáil. Áiríodh le nascanna pobail rannpháirtíocht i gceardlann leis na seirbhísí comhaontais HIV agus SEIF, creatlaí a fhorbairt do chóireáil Heipitíteas C sa phobal, rannpháirtíocht i Lá Heipitítis C Phobail an Chainéil agus rannpháirtíocht ghníomhach sa Ghrúpa um Víorais Iompraíthe san Fhuil. Cothaíonn an Fhoireann nascanna freisin le Grúpaí Tacaíochta d'Othair agus bíonn siad páirteach san Fhóram Heipitítis C
- Tionscnaíodh bunachar sonraí náisiúnta Heipitítis C d'fhulangaithe i gcomhoibriú leis an Lárionad Náisiúnta um Fhaire Galar agus leis an gComhairle Chomhairliúcháin do Heipitíteas C. Aimsíodh maoiniú freisin do Chláraitheoireacht Heipiteolaíochta tiomanta PATS
- Bhí cúrsaí taighde mar ardtosaíocht arís agus cuireadh tús le cúig thionscadal agus fuarthas deontas ón mBord um Thaighde Sláinte chun gineolaíocht HCV fhiobrúise ae a fhiosrú agus tá comhalta iardhochtúireachta ceaptha
- Bunaíodh nasc ríomhaire leis an Saotharlann Tagartha Víoras i UCD

MÍOCHAIINE DHUÁNACH

Leanadh ar aghaidh leis an tseirbhís um ghéarscagdhéalú d'othair i mbarda Naomh Caoimhín agus san ICU. Bhí cur chuige forghníomhach ag an Aonad Duánach freisin i leith taighde agus oideachais. I measc na n-imeachtaí a eagraíodh bhí:

- An 5ú Lá Bliantíúil um Staidéar Duánach i mí Bealtaine, a raibh breis is 120 duine i láthair aige. Bhí na príomhchur i láthair ó Ospidéal Bart i Londain, Ospidéal Naomh Séamas agus Ospidéal Chathair Bhéal Feirste. Fuarthas aischothú dearfa ó na rannpháirtithe a chuir buntáistí an lá staidéir do rannpháirtithe in iúl
- Bhí Oíche Eolais d'Othair ann d'othair a bhfuil

Stiúrthóir Cliniciúil
An Dochtúir
Nap Keeling

Bainisteoir Altraí
Catherine Carey

Bainisteoir Gnó
Patricia Malone

'Céim Dheiridh' de Loiceadh Duánach ag baint leo agus dá bpairtnéirí/dteaghlaigh chun tuiscint níos fearr ar a dtinneas agus ar na roghanna cóireála atá ar fáil a sholáthar. Mar gheall ar a rathúla is a bhí an oíche, tá cinneadh déanta imeachtaí den chineál céanna a eagrú ar bhonn rialta amach anseo

ÚIREOLAÍOCHT

Lean an tseirbhís Úireolaíochta uirthi de bheith ag forbairt agus tá méadú suntasach tagtha ar na leibhéil ghníomhaíochta i rith na bliana i ndiaidh gur ceapadh Thomas Lynch, Uasal mar Úireolaí Comhairleach. Mar gheall air sin, tá méadú tagtha ar ghníomhaíochtaí chásanna lae, a raibh tionchar dearfa aige ar amanta feithimh. Mar gheall ar fhorbairt nascanna idir-rannacha leis na seirbhísí Oinceolaíochta agus Raideolaíochta, tá feabhas leanúnach ag teacht ar chúram othar.

MÁINLIACHT GHINEARÁLTA

Soláthraíonn na tAonad Máinliachta Ginearálta seirbhísí éigeandála agus toghaí agus tagann 58% den ghlacadh isteach tríd an Rannóg Éigeandála.

Tá an Rannóg Chúraim Bhrollaigh mar chuid lárnach den Aonad Máinliachta Ginearálta. Is éard is aidhm leis ná ionad ildhisciplíneach den scoth ó thaobh

diagnóiseach lárnach dár seirbhís.

*Staitisticí 2003 suas go dtí mí Dheireadh Fómhair amháin.


AN TIONAD CHÚRAM SLÁINTE

Tá an tAonad Ionscópach is mó in Éirinn san Ionad Chúram Sláinte agus soláthraíonn sé an t-aon chlár oiliúna iarchéime ionscópach d'Altraí.

Tugadh roinnt tionscnamh isteach i 2003 atá dírithe ar othair.

- Tá tuairisciú ríomhairithe i bhfeidhm anois, a ligeann do thuairiscí a bheith clóite i bhfíoram. Tá stair ionscópach roimhe seo ar fáil anois ar líne
- Mar thionscnamh um shábháilteacht othar, tá córas nua rianaithe ríomhairithe insealbhaithe a ligeann do rianú gach scóp ó níochán go húsáid ar othair agus deisiúcháin
- Mar gheall ar córas nua dearbhaithe agus liosta feithimh fhógra ghearr a bheith tugtha isteach, laghdaíodh go mór an ráta de dhaoine nár fhreastail.

Ailís Brollaigh SJH 1997-2003



diagnóiseach agus clínicíúil de a sholáthar, inar féidir mná a mbíonn siomtóin ghalar brollaigh acu a mheas agus diagnóis a dhéanamh go pras agus inar féidir plean cóireála a cheapadh de réir an chleachtais idirnáisiúnta is fearr. Soláthraíodh diagnóis ar an lá céanna do 89.4% d'othair i 2003. Tá tacaíocht indibhidiúil do gach othar síos tríd an bpróiseas

TRÁMA

Áirítear leis an stiúrthóireacht seo Máinliacht Phlaisteach agus Atógála, an tAonad Dóanna, Máinliacht Mhacsaille, an tAonad Ortadóntach agus Scoilte agus Máinliacht Ortaipéideach.

MÁINLIACHT PHLAISTEACH AGUS ATÓGÁLA

Soláthraíonn na tAonad Náisiúnta Máinliachta Plaistí agus Atógála seirbhís riachtanach tarchuir do Chomhairleoirí laistigh d'Ospidéal Naomh Séamas, do Liachleachtóirí Ginearálta agus do Chomhairleoirí an iliomad speisialtóireachtaí go náisiúnta. Déantar éagsúlacht leathan d'fhadhbanna Máinliachta Plaistí a láimhseáil, lena n-áirítear máinliacht láimhe, ailsí craicinn, liopa agus carball scoilte, anchumaí soithíoch agus atógáil i ndiaidh máinliachta d'ailse. Tá dhá réimse speisialtóireachta saineolais ann mar atá bainistiú ghortuithe dóite agus cóireáil léasair d'fhadhbanna comhbheirthe agus d'fhadhbanna faighte lí an chraicinn. Bíonn Máinlianna Plaisteacha ag obair go dlúth le speisialtóireachtaí eile san Ospidéal, lena n-áirítear Cluas, Srón agus Scornach, Macsaille, Ortadóntaigh agus Deirmeolaíocht.

I 2003, bhain cuid mhaith den ualach oibre le tráma, mar is gnáth, mar gheall ar ról na stiúrthóireachta mar sheirbhís threasch tharchuir do dhónna móra agus lámha atá gortaithe go dona. Mar bhunchloch ar an rannóg tá idirchaidreamh dlúth le cuid mhór de sheirbhísí tacaíochta an Ospidéal, go háirithe leis na rannóga Fisiteiripe agus Teiripe Shaothair, a bhíonn ag freastal ar gach clinic. Éascaíonn sé sin athshlánú luath do dhaoine a bhfuil gortuithe móra acu.

AONAD NA nDÓNNA

Thug an tAonad Náisiúnta Dónna cóireáil do 180 othar cónaitheach i 2003. Tá an tAonad comhdhéanta de bharda féinchothaithe le 14 leaba, lena n-áirítear a obrádlann féin. Tá cur chuige ildhisciplíneach glactha, le teiripeoirí saothair, fisiteiripeoirí, bia-eolaí, oibrí sóisialta, síceolaí, micribitheolaí agus dianeolaithe a mbíonn ról lárnach acu uile i gcóireáil na n-othar dóite, in éineacht leis an bhfoireann máinliachta agus altranaís.

Is féidir go mbeadh cóireáil ag teastáil ó othar dóite ar feadh suas le dhá bhliain i ndiaidh a scaoilte amach. Soláthraíodh cóireáil fhisiciúil i bhfoirm bhainistíocht cholm agus i gcuid mhaith cásanna, bainistíocht shíceolaíoch i gClinic Dónna tiomanta a bhí ar siúl gach coicís.

MÁINLIACHT MACSAILLE

Sholáthair an speisialtóireacht náisiúnta seo máinliacht fhiacloireachta, máinliacht bhéil agus máinliacht aghaidhe leanúnach chun othair a bhfuil galair agus éalangacha aghaidhe agus béil acu a chóireáil. Sholáthair an tsaotharlann tacaíocht riachtanach do mháinlianna freisin a bhíonn ag plé le hatógáil ghnéithe den aghaidh, struchtúr na gcnámh ar bhain damáiste dó mar gheall ar ghortú nó galar. Chomh maith leis sin, leanadh ar aghaidh go dlúth le hobair in éineacht leis an Aonad Náisiúnta Néaramháinliachta in Ospidéal Beaumont, mar a ndéantar bainistíocht ar chásanna móra cráinighaidhe de thráma do bhun an chloiginn agus ar shiadhanna.

I mí na Samhna, ceapadh an tOllamh Leo F.A. Strassen, Comhairleoir Béil agus Macsaille, chuig an Aonad Náisiúnta Macsaille, Ospidéal Naomh Séamas, Scoil agus Ospidéal Fiacloireachta Bhaile Átha Cliath, agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

MÁINLIACHT SHOITHÍOCH

Tá trí ról lárnach ag an rannóg laistigh den Ospidéal:

- Measúnú agus bainistíocht d'othair a bhfuil galair artaireach acu – idir cheirbrishoithíoch agus imeallach.
- Soláthar seirbhíse cuimsithí féithí
- Soláthar measúnaithe shoithíoch neamhionraithigh do gach rannóg laistigh den Ospidéal agus do chuid mhór Ospidéal seachtrach.

Bíonn líon na n-othar a bhfuil othrais choise acu a fheictear in Aonad na bhFéitheacha ag méadú go leanúnach agus bíonn na rátaí cneasaithe ar fheabhas. Tá roinnt ceardlann réachtálaithe ag na haltraí foirne laistigh den Aonad agus bhí siad rannpháirteach i roinnt cruinnithe oideachasúla chun cuidiú le húsáid cheart chóirithe chomhbhrúite a chur chun cinn. Le linn na bliana, laghdaíodh an liosta feithimh um fhéitheacha borrrha go rathúil go dtí níos lú ná sé mhí. Bíonn na tsaotharlann shoithíoch thar a bheith gnóthach i gcónaí agus tá ról leathnaithe ag íomháu dúbáilte imeallach maidir le hothair a roghnú do bhainistiú ionshoithíoch.

ORTAIPÉIDEACH

Tá trí Chomhairleoir ag an Rannóg Ortaipéideach i láthair na huaire agus bíonn sé ag plé le tráma Ortaipéideach a áiríonn daonra de thart ar 300,000 duine. Tá spéis ar leith ag Garry Fenelon, Uasal in

Bainisteoir Altraí
Dympna St John
Coss

athmheasta casta cromán agus bíonn David Borton, Uasal ag plé go sonrach le hatógáil chasta choise agus rúitín agus ghlúine. Tugann an Rannóg cúram freisin do riachtanais Ortaipéideacha an daonra haemifiligh faoi chúram Hugh Smyth, Uasal, a bhfuil spéis ar leith aige i máinliacht na ngéag uachtarach.

Faigheann na Comhairleoirí tacaíocht ó mheitheal de cheithre chláráitheoir - SHO amháin agus triúr intérneach – agus tá pleananna i bhfeidhm chun líon na gComhairleoirí a mhéadú go cúigear roimh i bhfad. Tá an méadú foirne le tarlú chun freastal ar oscailt Aonaid nua mháinliachta chúram lae. Beidh nasc ortaipéideach toghaí ag na postanna nua Comhairleoireachta le hOspidéal an Cheapaigh agus tá an Rannóg ag tnúth le dlúthchaidrimh a bhunú leis an Ospidéal.

Tá taighde á dhéanamh go leanúnach ar neamhdhaingneacht ainsealach rúitíní agus tá sé le críochnú i 2004. Lean an rannóg uirthi de bheith ag obair go dlúth leis na foirne Máinliachta Plaistí agus Macsaille mar a mbíonn cómháinliacht ag teastáil go minic mar go bhfaigheann an dá speisialtóireacht seo go leor tarchur treasach ó gach áit sa tír.

AN tAONAD ORTADÓNTACH/SCOILTE

Feidhmíonn an tAonad Ortadóntach/Scoilte mar sheirbhís tharchuir threasaigh do bhainistiú othar a rugadh le liopa agus carball scoilte agus míchumaí forbartha géill. Bíonn clinicí ildhisciplíneacha ar siúl le comhghleacaithe ó na rannóga Macsaille, Máinliachta Plaistí, Máinliachta Cluas, Sróine agus Scornaí, teiripe urlabhra agus teanga agus éisteolaíochta. Ceapadh Ortadóntóir speisialtóra nua chuig an Aonad i rith na bliana, rud a chuirfidh go mór le forbairt seirbhísí i réimse an scoilte.

D'éascaigh clinicí rialta Iniúchta anailís chomparáideach dár dtorthaí scoilte le hais caigdeán in ionaid idirnáisiúnta eile. Leanadh ar aghaidh le rannpháirtíocht sna tionscadail EUROLEFT agus EUROCRAN.

Cothaíodh nascanna láidre freisin le speisialtóirí scoilte ábhartha in Ospidéal na Bantiarna do Leanaí Breoite, Cromghlinne, agus san Ospidéal Ollscoile Leanaí, Sráid Temple atá mar Ionad Scoilte Bhaile Átha Cliath.

SÍCIATRACHT

Soláthraíonn Cliníc Jonathan Swift, atá bunaithe in Ospidéal Naomh Séamas, an áis d'othair ghéara chónaitheacha do Sheirbhís Shláinte Meabhraí Chathair Bhaile Átha Cliath Theas, ag freastal ar dhaonra de thart ar 97,000 duine. Thángthas ar chomhaontú le Bord Sláinte an Limistéir an Thiar Theas i 2003 d'aistriú dhaonra bhreise de idir 30,000 and 36,000 duine ó Sheirbhís Shláinte Meabhraí AMNCH go seirbhís Ospidéil Naomh Séamas. Ceapadh an Dochtúir Mairead Condren mar shíciatraí comhairleach ar a bhfuil freagracht don earnáil sin.

Cuireadh i gcríoch earnálú an cheantair áitiúil a bhí ann cheana i 2003, as ar eascair

- Owendoher – earnáil sheachtrach, le daonra de thart ar 60,000 duine
- Camac – earnáil inmheánach, le daonra de thart ar 37,000 duine

Bíonn an Dochtúir Paul Scully agus an tOllamh Michael Gill freagrach as earnáil Owendoher agus bíonn an Dochtúir David Shanley agus Comhairleoir locum an Dochtúir Brian FitzMaurice freagrach as earnáil Camac.

Mar gheall ar fhorbairtí ag leibhéal an Bhoird Sláinte, bunaíodh foireann do dhaoine a bhfuil tinneas meabhreach orthu atá gan dídean ag Halla Gheata na Páirce, faoi cheannas an tSiciatraí Chomhairligh Joanne Fenton. Cé nach mbíonn teagmháil dhíreach ann le hOspidéal Naomh Séamas, samhlaítear go mbeidh an fhoireann seo mar sheirbhís leantach tharchuir do chóireáil othar gan dídean a thagann chuig an Rannóg Éigeandála agus chuig Cliníc Jonathan Swift mar gheall ar thinneas meabhair.

I measc na ndúshlán a aithníodh faoin bpróiseas creidiúnaithe, tá an easpa seirbhísí cógaslainne a bhfuil na hacmhainní cearta acu. Moladh freisin feabhsúcháin ar an timpeallacht fhísiciúil, go háirithe in áiteanna ina mbíonn na hothair, agus go ginearálta moladh na foirne as a gcaidrimh chineálta, thiomanta oibre.

Bhí 552 glacadh isteach chuig Cliníc Jonathan Swift i 2003. Othair a coinníodh siar faoin Acht Cóireála Meabhair-Ghalar 1945 a bhí i 44 duine acu.

An Stiúrthóireacht Éigeandála

Tá an Stiúrthóireacht Éigeandála comhdhéanta den Rannóg Éigeandála (ED), an Barda Breathnaithe Éigeandála (EMOBS) agus an tAonad Measúnaithe Pianta Bhrollaigh (CPA).

- Soláthraíonn foireann de thart ar 165 comhalta seirbhís don daonra áitiúil 24 uair a'chloig, 365 lá den bhliain
- Tá deich mboth scrúdaithe ag an ED, trí áit athbheochana agus dhá sheomra comhairleoireachta a sholáthraíonn clinici athbheithnithe, seirbhís Ardchleachtóra Altranais agus Clinic Cóirithe
- Tá sé leaba ag an mBarda Breathnaithe Éigeandála agus trí sheomra ar an taobh d'othair a ghlactar isteach faoi chúram an trí Chomhairleora sa rannóg Míochaine Éigeandála
- Is éard atá i gceist le barda an Aonaid CPA ná barda le ceithre leaba a fheidhmíonn bealach chúraim chríiciúil do luacháil agus cóireáil othar a thagann chuig an Rannóg Éigeandála agus pianta brollaigh orthu

Staitisticí um Ualach Oibre 2002

Láithreachtaí	45,409
Nua	42,310
Sean	3,099

Glacadh Isteach	23,841
Tríd an ED	12,007
Chuig Comhairleoir EM	1,545

Uaireanta Láithreachta		
Am	Líon Othar	% Iomlán
00:00 – 08:00	7636	16.82%
08:00 – 16:00	23286	51.28%
16:00 – 00:00	14487	31.90%
IOMLÁN	45409	100.00%

An tAonad Measúnaithe Pianta Brollaigh

Líon iomlán na n-othar a glacadh isteach chuig an Aonad CPA	775
Othair a raibh toradh dearfa ag baint leo agus a aistríodh chuig an rannóg Chairdeolaíochta	15%

Forbairtí

- Cuireadh tús le hobair thógála ar an Rannóg Éigeandála nua
- Ceapadh an tríú Comhairleoir lán-aimseartha, an Dochtúir Úna Geary, chuig an bhfoireann i mí Mhárta
- Tháinig Abel Wakai, Uasal isteach san foireann mar an dara Cláraitheoir Speisialtóra i mí Iúil, rud a leathnaigh an fhoireann mheánghráid go cúigear dochtúirí

Catagóirí Triáise

Nuair a thagann siad, déantar othair a thriáiseáil de réir ghéire a bhfaidhbe. Léiríonn an tábla thíos go bhfuil leibhéal géire na mbreiteachtaí ag méadú go seasta le cúig bliana anuas. Teastaíonn i bhfad níos mó ionchuir chliniciúil ó gach ceann de na hothair i gcatagóirí Triáise 1, 2 agus 3.

BLIAIN	Iomlán Atnd. san ED	Filleadh	Nua	Tríd an ED	% d'Othair Nua tríd an ED
1999	51615	4288	47327	9182	19.40%
2000	48922	4225	44697	8860	19.82%
2001	50934	4479	46455	9728	20.94%
2002	48444	3142	45302	11190	24.70%

BLIAIN	Láithreachtaí nua le Triáise Ghéire 1, 2 agus 3	% de Láithreachtaí Nua, Géire 1, 2 agus 3	Géire 1,2&3 a glacadh isteach	% Triage Acuity 1,2&3 admitted	% na nGlactha Isteach le Géire 1, 2 & 3 tríd an ED
1999	22383	47.29%	8001	37.75%	87.14%
2000	24381	54.55%	8127	33.33%	91.73%
2001	28263	60.84%	9106	32.22%	93.66%
2002	28145	62.13%	10540	37.45%	93.37%
2003	28127	66.48%	11457	40.73%	95.42%

D'fhóirigh comhairleoireacht altranais bunaithe sa Ríocht Aontaithe go seachtrach catagóirí Triáise an ED. De thairbhe go bhfuil leibhéal an ghlactha isteach fanta ag thart ar 20% le deich mbliana anuas, tá comhréir na n-othar atá ró-thinn le scaoileadh amach abhaile i ndiaidh an leibhéal chéanna leis na Rannóga Éigeandála is géire ar domhan a shroichint. Tá impleachtaí aige sin don spás laistigh den Rannóg, ach leanann an fhoireann uirthi de bheith ag soláthar seirbhíse eisceachtúla den scoth leis an íosmhéid de mhéaduithe san fhoireann shóisearach.



Stiúrthóir Cliniciúil
Patrick Plunkett

Bainisteoir Altraí
Joanna Fitzgerald

Bainisteoir Gnó
Noelle Wallace

Leathnú amach na Rannóige Éigeandála

Cuireadh tús le hobair thógála ar an rannóg nua Éigeandála i mí Dheireadh Fómhair. Tá sceideal de thart ar 18 mí i gceist don chlár oibre. A luaithe is a bheith sé críochnaithe beifear in ann na háiseanna a dheighilt chun cóireáil a thabhairt do chásanna de dhaoine atá go dona tinn, agus do chásanna móra agus beaga i réimsí sainmhínithe. Ceapadh Altra Tionscadal i mí na Nollag chun an tionscadal a bhainistiú agus chun a chinntiú go gcríochnófar in am é laistigh den bhuiséad.

Ar cuid bhunúsach den chúram a leagadh ar an bhfoireann tógála is ea an Rannóg Éigeandála atá ann cheana féin a choinneáil gan dul i bhfeidhm ar a hinniúlacht fheidhmiúil ar fud an fhoirgnimh.

Tá achoimre de na háiseanna nua déanta thíos:

- Cúig áit athbheochana
- Seacht mboth mórchoireála
- Marbhlan agus fo-áit feithimh do ghaolta
- Dhá sheomra dhaingnithe
- Dhá sheomra leithlise do bhunbhainistíocht ghalar ionfhabhtaíoch
- Seomra amháin díthruaillíochta
- Seomra éadaí 'salacha'
- Oifigí do chomhairleoirí agus comhaltáí foirne le tacaíocht rúnaíochta agus áis d'oilíúint fhoirne

Atófar na háiseanna atá ann cheana féin chun na rudaí seo a leanas a sholáthar:

- Áit mhéadaithe feithimh don phobal
- Áit feithimh do dhaoine óga
- Fáiltiú
- Dhá sheomra triáise
- Seomra measúnaithe amháin
- Oifigí comhairleoireachta
- Áit do pharaimhíochaineoirí othair a athbhreithniú/chóireáil laistigh den Rannóg
- Clinic Cóirithe
- Bialann



Stiúrthóir Cliniciúil
An Dochtúir
Barry White

Bainisteoir
Saotharlainne
Noel White, Uasal

Bainisteoir Gnó
Philip Creevy,
Uasal

STIÚRTHÓIREACTH LABMED

Tá an stiúrthóireacht LabMed comhdhéanta de na rannóga saotharlainne Histeapaiteolaíochta, Cíteapaiteolaíochta, Micribitheolaíochta, IMRL, MRSA, Bithcheimice, Imdhíoneolaíochta, Haemaiteolaíochta, Míochaine Aistrithe, NCHCK, CMD agus Fleibeatomaíochta.

Tá an stiúrthóireacht freagrach as bainistíocht agus forbairt fhoriomlán na Saotharlainne Paiteolaíochta. Mar chuid den chúram a leagadh uirthi tá cionroinnt agus monatóireacht ar bhuiséad na saotharlainne, ag tabhairt san áireamh an gá leis an úsáid is fearr a bhaint as na hacmhainní. Bíonn an tsaotharlann oscailte 24 uair a'chloig in aghaidh an lae, seacht lá in aghaidh na seachtaine, ag soláthar seirbhíse cuimsithí taobh amuigh de ghnáthuaireanta oibre, chomh maith leis an ngnáthsheirbhís oibre.

Forbairtí i 2003:

Tá an stiúrthóireacht an-shásta a thuairisciú go bhfuair na saotharlanna Haemaiteolaíochta, NCHCD agus CMD creidiúnú CPA.

Mar chuid den chlár Comhpháirtíochta, mhaoinigh an HSEA cúig thionscadal phiólótacha saotharlainne i rith 2003. D'éirigh leis an stiúrthóireacht LabMed dhá cheann acu a fháil, ceann amháin sa Mhicribitheolaíocht agus an ceann eile i dTéachtadh. Cuireadh tús leo i mí Mheán Fómhair agus de réir an sceidil, tá siad le rith go dtí mí Mhárta 2004 nuair a dhéanfar athbhreithniú orthu.

Leanadh ar aghaidh le seirbhísí a sholáthar don iliomad gníomhaireachtaí seachtracha i rith na bliana agus rinneadh dul chun cinn mór maidir le cuíchóiriú na hoibre sin. I ndiaidh cláir phiólótaigh a rinneadh i mbliana, táthar ag súil anailís shonraithe dá gcuid patrún oibre a chur ar fáil do Liachleachtóirí Ginearálta.

Is ceist mhór imní iad cúrsaí Sábháilteachta agus Slándála laistigh den stiúrthóireacht. I mí Mheán Fómhair, i gcomhoibriú le Bainisteoir Sheirbhísí Dóiteáin an Ospidéil, chuaigh 12 comhalta foirne faoi oiliúint mar Mhaoir Dhóiteáin. Ina dhiaidh sin, bhí druil tréigthe dóiteáin ann ar éirigh go hiontach leis. Ag éirí as próiseas creidiúnaithe an Ospidéil, cuireadh maoiniú ar fáil chun córas slándála le cártaí faidheála sa saotharlann phaiteolaíochta. Tosaíodh ag obair air sin go déanach i 2003 agus táthar ag súil

go mbeidh sé ag feidhmiú go luath i 2004.

Leanadh ar aghaidh le hobair eile i rith 2003 maidir le córais cheannaigh saotharlainne a fhí i struchtúr na Bainistíochta Ábhar. Bhí an stiúrthóireacht an-shásta leis an gcomhoibriú a léirigh gach comhalta foirne agus mar gheall air sin, baineadh amach a spriocanna buiséid i rith 2003.

HISTEAPAITEOLAÍOCHT

Is éard atá i gceist le Histeapaiteolaíocht ná staidéar fíochán a d'fhéadfadh a bheith bainteach le bithóipseanna, teasctha máinliachta, smeartha cíteolaíochta, asúcha snáthaidí fíneáilte nó ó uatóipseanna. Is í an teicnic í trína ndéantar diagnóiseanna deimhnitheacha ar na hailsí den chuid is mó agus ar go leor fadhbanna athlastacha, rud a chiallaíonn go bhfuil sé mar chuid thábhachtach de straitéis ailse an Ospidéil.

Oslaíodh an áis nua autóipse, a tógadh mar gheall ar oibriúcháin LUAS, ach níor coimisiúnaíodh an mharbhlann nua go fóill. Tá líon iomlán na n-uatóipseanna (277) cosúil leis an líon don dá bhliain roimhe sin i gcónaí, ach is uatóipseanna an chróinéara go príomha iad. Bhí líon uatóipseanna an Ospidéil an-iseal agus ní raibh ach 18 ceann ann anuraidh.

Bhí an Dochtúir M. McMEnamin, a thosaigh mar Histeapaiteolaí Comhairleach in Ospidéal Naomh Séamas i mí Mhárta 2002, freagrach as forbairtí suntasacha sa Rannóg Histeapaiteolaíochta i gcaitheamh 2003.

Ag druidim le deireadh na bliana, réachtáladh scéim phiólótach maidir le húsáid a bhaint as an gcóras piobán neomatach do sheachadadh chodanna reoite chuig an rannóg. Cé go mbíonn tréimhsí ann nuair a bhíonn sé gnóthach, laghdaigh sé an t-am iompair ar níos mó ná 50% i go leor cásanna.

I bhforbairtí eile, fuair an Dochtúir Esther Regan deontas mór HRB do thionscadal dara bliana dar teideal "Genome wide analysis of head and neck cancer in young patients". Tá an Dochtúir John O'Leary, an t-ollamh nua paiteolaíochta, i ndiaidh tosú ar a phost agus ceapadh an Dochtúir Seán Ó Briain, an Ceann Rannóige, mar Dhéan sa Dámh Paiteolaíochta agus mar Ollamh Comhlach Paiteolaíochta i TCD.

HAEMAITEOLAÍOCHT

Soláthraíonn an rannóg seirbhís chuimsitheach dhiagnóiseach saotharlainne d'Ospidéal Naomh Séamas, d'Ospidéal limistéir ERHA agus do Liachleachtóirí Ginearálta. Faigheann sí tarchuir freisin ó gach cearn den tír d'fhiosraithe speisialtóireachta. Tá tacaíocht saotharlainne d'obair Stiúrthoireacht HOPE – lena n-áirítear an Lárionad Náisiúnta um Aistriú Fola agus Smeara do Dhaoine Fásta agus an Lárionad Náisiúnta do Neamhoird Dhúchasacha Téachtaidh (NCHCD) – mar chuid lárnach d'obair na rannóige.

Seirbhísí agus Treochtaí

Tá gníomhaíochtaí an ualaigh oibre i 2003 léirithe sna graif thíos do gach réimse den rannóg Haemaiteolaíochta i gcomparáid leis an gceithre bliana roimhe sin chomh fada siar le 1999:

- Méadú gníomhaíochtaí i ngach réimse ó 2002 – ó 4.1% i nDiagnóisigh Speisialta go 19% i Modhanna Críobitheolaíochta. Mhéadaigh an t-ualach oibre i réimsí eile saotharlainne ar thart ar 12% ó bhliain go bliain
- Tá méadú ar an ualach oibre i ngach réimse chomh fada siar le 1999 i bhfad níos mó, idir 33.6% in Anaemachtaí Cothaitheacha agus 158% i nDiagnóisigh Speisialta – mar ar taifeadh méaduithe móra ar iarratais Heamaglóibineapaite, Einsíme Ceall Dearg agus Feinitíopáil Imdhíonachta
- Tá gníomhaíochtaí téachtaidh i rith 2003 léirithe i bhfigiúr 2, i gcomparáid leis an dá bhliain roimhe sin. Tá méadú foriomlán i ngníomhaíochtaí téachtaidh ó 2001. Áirítear leis sin méadú 13.3% sa saotharlann ghnáth-téachtaidh agus méadú 25.8% ar thrialacha saotharlainne a rinneadh sa NCHCD. Ó 2001 tá méadú 22.2% ar thrialacha chun monatóireacht a dhéanamh ar theiripe antaithéachtaidh bhéil i saotharlann an Stáit (tástáladh 29,137 sampla sa saotharlann i 2003)
- Rinne saotharlann Chríobitheolaíochta na rannóige – atá páirteach i ngach gné de

fhómhairíú, próiseálú agus crío-chaomhnú tháirgí smeara agus gascheall a mbaintear úsáid astu in aistriú uathlógach agus allagéineach – 19% níos mó modhanna ó bhliain go bliain

Forbairtí i 2003:

Gan aon amhras, ba é buaicphointe 2003 ná gur bhain an rannóg amach Creidiúnú Paiteolaíochta Cliniciúla (CPA) gan choinníollacha ar an gcéad iarracht i mí Mheán Fómhair. Ba thoradh an t-éacht sin ar ullmhúcháin a bhí ar siúl le roinnt blianta, ag tosú i 1998 agus ag leanacht ar aghaidh suas go dtí ár n-iarratas do chigireacht ó CPA(UK) i mí na Nollag 2001 agus ina dhiaidh sin.

Baineann caighdeáin CPA go sonrach le saotharlanna cliniciúla agus aithnítear go hidirnáisiúnta iad – ag clúdach gach gné d'fheidhmiú saotharlainne, lena n-áirítear doiciméadú modhanna agus taifead, áiseanna agus trealamh, oiliúint agus forbairt foirne, sábháilteacht agus cáilíocht seirbhíse d'úsáideoirí agus othair. Tá an rannóg ar an gcéad saotharlann chliniciúil ag Ospidéal Naomh Séamas chun creidiúnú idirnáisiúnta den chineál sin a bhaint amach agus tá sí i measc an chéad ghrúpa de saotharlanna míochaine in Éirinn chun a dhéanamh amhlaidh. Rinneadh an tionscadal i gcomhar leis na rannóga um Dhiagnóisigh Mhóilíneacha Ailse agus Fuilaistriúcháin, ar bronnadh creidiúnú coinníollach orthu agus atá ag fanacht le cigireacht i 2004. Is mar gheall ar ghrúpaí foirne eile san Ospidéal ar tháinig rath ar an obair freisin, lena n-áirítear rannóg na Seirbhísí Teicniúla – a chríochnaigh athchóiriú mór chun an tsaotharlann a nuachóiriú – an fhoireann Fleibeatómaíochta, a ndearnadh cigireacht ar a n-áiseanna agus modhanna siúd, IMS a sholáthair tacaíocht TF agus an fhoireann tí. Tá an tsaotharlann Chríobitheolaíochta ag ullmhú faoi láthair do chreidiúnú JACIE (próiseáil shonrach gascheall).





Fuair an rannóg maoiniú caipitiúil do roinnt nithe nua agus do threalamh nua ag deireadh na bliana. Fuarthas an méid ba mhó chun anailíseoir

Tábla 1. Staitisticí Ualaigh Oibre na Príomhshaotharlainne, Anaemacht Chothaitheach agus Diagnóisigh Speisialta, 1999 go 2003 san áireamh (léirithe i bhfigiúr 1 agus 2).

	1999	2000	2001	2002	2003	%Change 99 to 03	%Change 02 to 03
Príomhshaotharlann	222392	233694	245736	267397	297046	33.6	11.1
Anaemacht Chothaitheach	32961	38984	38693	40843	45727	38.7	12
Diagnóisigh Speisialta	2950	3802	5445	7318	7621	158.3	4.1

Tábla 2. Staitisticí Ulaigh Oibre do Théachtadh, 2001 go 2003 (iomláin do gach réimse saotharlainne léirithe i bhfigiúr 3).

	2001	2002	2003	%Athraithe 01 to 02	%Athraithe 02 to 03	%Athraithe 01 to 03
Trombaifile	1522	1743	1721	14.5	-1.3	13.1
Antaithéachtadh Lúpais	1719	1817	1632	5.7	-10.2	-5.1
Scagadh VW	1299	1506	1833	15.9	21.7	41.1
Eile	3118	3666	4561	17.6	24.4	46.3
Anailís Mhóilíneach	2130	2551	2569	19.8	0.7	20.6
Gnáth-thrialacha	89668	91234	99804	1.7	9.4	11.3
INR	22402	25942	29137	15.8	12.3	30.1



Nósanna Imeachta na Saotharlainne Críobitheolaíochta, 1999 go 2003

	1999	2000	2001	2002	2003	%Athraithe 99 to 03	%Athraithe 02 to 03
Saotharlann Críobitheolaíochta	347	318	348	484	576	66	19

Chítiméadar Srutha nua a cheannach, atá ríthábhachtach do dhiagnóis agus monatóireacht Haemaiteolaíochta agus ar urchóidigh eile. Baineadh úsáid as an maoiniú freisin chun trí idiréadan eile de threalamh uathoibríoch a thabhairt isteach i gcóras ríomhaireachta na saotharlainne.

Lean foireann na saotharlainne Críobitheolaíochta

orthu de bheith ag obair chun spás a aimsiú do ghaschealla crío-chaomhnaithe amach anseo, trí shoithí breise stórais a choimisiúnú i bhFoirgneamh Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann atá béal dorais. Leanadh ar aghaidh leis na hullmhúcháin chun an tsaotharlann Chríobitheolaíochta a aistriú chuig an bhfoirgneamh sin freisin i rith 2003, áit a mbeidh go leor spáis chun na caighdeáin is airde atá ag teastáil

don obair seo a chomhlíonadh.

Gníomhaíochtaí Oideachais agus Taighde

Leanann an rannóg uirthi de bheith ag soláthar oiliúna in-seirbhíse do mhic léinn ar chúrsa céime na hEolaíochta Bithmhíochaine in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus soláthraíonn sé taithí oibre dóibh siúd atá ag fágáil na scoile. Chuir comhaltaí foirne sinsearacha le tionscadail taighde a foilsíodh i dtréimhseacháin ina ndéanann comhghleacaithe léirmheasanna.


MÍOCHAINÉ AISTRÍÚCHÁIN

Soláthraíonn rannóg na Míochaine Aistríúcháin seirbhís chuimsitheach fuilaistríúcháin d'Ospidéal Naomh Séamas. Cuirtear fuil, codanna fola agus díorthaigh fhola ar fáil d'úsáid thoghaí agus éigeandála san Aonad Míochaine, Máinliachta, Dónna, Éigeandála agus Haemaiteolaíochta /Oinceolaíochta lena n-áirítear an Lárionad Náisiúnta um Aistriú Smeara, agus cuirtear seirbhís dhiagnóiseach shéireolaíochta ar fáil freisin. Soláthraítear táirgí téachtaidh do chóireáil Haemifile d'othair chónaitheacha agus d'othair a fhaigheann cóireáil sa bhaile.


Mhéadaigh ar úsáid Cheall Dearg agus ar Thiúchán Pláitíní i gcomparáid le 2002 ar 4.5% agus 13.5% faoi seach. Laghdaigh úsáid Phlasma Reoite beagáinín. Léiríonn na figiúirí seo gníomhaíochtaí mhéadaithe ó bhliain go bliain.

Comhaontaíodh maoiniú don dara Anailíseoir Ghrúpa Fola uathoibríoch agus feidhmeoidh sé mar chúltaca don chéad uirlis agus ligfidh sé d'fheidhmiú uathoibríoch próiseas a dhéantar de láimh faoi láthair. Ciallaíonn sé sin go mbeidh feabhas ar shábháilteacht an phróisis aistríúcháin.


Aistríúchán Máinliach Ceall Dearg 1999-2003




Aistríúchán Máinliach Ceall Dearg 1998 – 2003 de réir Speisialtóireachta




Aistríúchán Míochaine Ceall Dearg 1999-2003



Úsáid Fola agus Chodanna Fola 2002 v 2003



Medical Red Cell Transfusion 1999- 2003 by Speciality




Forbairtí i 2003:

Is é Ospidéal Naomh Séamas is mó sa tír a chaitheann codanna fola. Aistríodh 18,345 cuid fholá san iomlán i 2003 – méadú 3% ar leibhéal aistriúcháin 2002.

Déanann an Clár Haemairdill i gcomhar leis an

Iarratais Mhicribitheolaíochta



gCoiste um Úsáid Fola agus Táirgí Fola monatóireacht ar chleachtadh aistriúcháin, ag freagairt ar an dá cheist a ardaítear go háitiúil agus go hidirnáisiúnta. Aimsítear ceisteanna aistriúcháin ospidéil bunaithe ar fhiosrúchán iniúchta ar imeachtaí as an tslí agus ar anailís ar imeachtaí nár bheag gur tharla timpiste. Is tionscadal prólótach é fiosrú imeachtaí nár bheag gur tharla timpiste ina bhfuil Ospidéal Naomh Séamas rannpháirteach in éineacht le Seirbhís Fuilaisriúcháin na hÉireann.

Forbaíodh Polasaí Aistriúcháin Ollmhóir a thugann aghaidh ar luas na freagartha ar ghéarchailleadh fola agus ar aistriúchán ollmhór ó pheirspictíocht ildhisciplíneach an Ospidéil trí chéile. Tá an fhorbairt pholasaí seo mar thoradh ar anailís ar imeachtaí aistriúcháin as an tslí agus ar thorthaí Iniúchta Aistriúcháin Ollmhór. Cuireadh torthaí an iniúchta i láthair mar phástaer - Audit of Acute Massive Blood Loss – ag an gComhdháil Náisiúnta Haemairdill agus ag Comhdháil Chumann Haemaiteolaíochta na hÉireann.

Tá leaganacha leictreonacha de chéannacht othar agus codanna/táirgí fola ar fáil anois agus molann an SHOT UK agus Oifig Náisiúnta Haemairdill na hÉireann iad mar soláthraíonn siad an leibhéal is airde slándála. Tá scéim phiólótach maidir le ceann de na córais sin ar bun faoi láthair in Ospidéal Naomh Séamas. Is féidir an córas sin a cheangal le córas ríomhaireachta saotharlainne an Ospidéil, rud a sholáthraíonn dearbhú den aistriúchán agus rianú chodanna fola – riachtanas mór Threoir AE Fola 2002/98 atá le teacht i bhfeidhm i mí Feabhra 2005.

Oideachas agus Taighde

Bíonn an rannóg páirteach i dteagasc agus scrúdú fhochéimithe eolaíochta saotharlainne agus i maoirseacht thionscadal taighde fochéime agus iarchéime. Bíonn an rannóg páirteach freisin i dteagasc fhochéimithe leighis agus in oiliúint chomhaltaí foirne míochaine iarchéime atá ag ullmhú chun scrúduithe MRCPaht a dhéanamh. I measc na ngníomhaíochtaí acadúla bhí na cur i láthair seo a leanas;

β Iniúchadh Ghéarchailleadh Ollmhór Fola; cur i láthair póstaer ag an gComhdháil Náisiúnta Haemairdill agus ag Comhdháil Chumann Haemaiteolaíochta na hÉireann 2003

β Mc Cormick J; Gough D; Mc Cann AM; Lawlor E

β Fuilaisriúchán Bunúsach; Comhdháil Náisiúnta Haemairdill agus Chomhdháil Chumann Haemaiteolaíochta na hÉireann 2003

β Plean d'Eachtraí Móra – Peirspictíocht na Saotharlainne: Comhdháil Acadamh na hEolaíochta Míochaine Saotharlainne 2003

MICRIBITHEOLAÍOCHT

Soláthraíonn an rannóg Mhicribitheolaíochta seirbhís dhiagnóiseach, chliniciúil agus rialú ionfhabhtuithe don Ospidéal, d'institiúidí seachtracha agus do Liachleachtóirí in iardheisceart Bhaile Átha Cliath agus bíonn sí gníomhach i réimsí taighde agus oideachais. Tá an tsaotharlann roinnte ina cúig chuid: Gnáthbhaictéareolaíocht, Eitinn, Séireolaíocht/Víreolaíocht, Diagnóisigh Mhóilíneacha agus táirgeadh meán cumarsáide.

Tháinig méadú sonrath ar ghníomhaíochtaí sa tsaotharlann i 2003, agus fuarthas an líon is mó riamh eiseamal i gcuid mhaith rannóg den tsaotharlann. Baineann an chuid is mó acu le stiúrthoireachtaí GUIDE agus HOPE. Bíonn an t-ualach oibre a bhaineann le hionfhabhtuithe gnéas tarchurtha ag méadú go leanúnach agus is iadsan is cúis le breis is 30% de gach iarratas chuig an saotharlann.

Forbairtí i 2003

Bhí roinnt forbairtí ann i bhfaire frithmhiocróbach. Bunaíodh coiste SARI (an Straitéis um Rialú Friotáíochta Frithmhiocróbaí). Is straitéis náisiúnta í SARI agus is í an aidhm atá ag an gcoiste ná na cuspóirí náisiúnta a chur chun cinn laistigh de shuíomh an Ospidéil. Thionscnaigh an tsaotharlann cur i ngníomh na moltaí náisiúnta um thástáil soghabhálachta frithmhiocróbaí, agus rinneadh infheistíocht nach beag ann. Cheannaigh an

tsaotharlann léitheoir creasa agus uirlisí tástála so-ghabhálachta i 2003.

Thug an tsaotharlann faoi thionscadal píolótach chun an tseirbhís saotharlainne ar an láthair a fheabhsú ag an gclinic STI. Aimsíodh maoiniú ón HSEA trí Ghrúpa Athbhreithnithe na Seirbhíse Saotharlainne Míochaine.

I 2003, bhunaigh an rannóg leathanach gréasáin ar infíon an Ospidéal a thugann mionsonraí faoin tseirbhís agus comhairle ar sholáthar ceart eiseamal. Tá dhá threoirleabhar ann d'úsáideoirí nua ag dul leis an leathanach gréasáin – Lámhleabhar na Micribitheolaíochta Cliniciúla d'Úsáideoirí agus Diagnóis Saotharlainne d'Ionfhabhtú Víreasach. Dáilfear na lámhleabhair sin go luath i 2004. Chomh maith leis sin, forbraíodh Nuachtlitir d'úsáideoirí na seirbhíse sa Liachleachtadh Ginearálta. Tá sonraí ábhartha ann faoi ionfhabhtuithe ó eiseamail a fhaightear ó Liachleachtaí Ginearálta. Dáilfear an chéad eagrán in éineacht leis an Lámhleabhar Micribitheolaíochta d'Úsáideoirí go luath i 2004. Forbraíodh tuarascáil ráithe freisin d'aischothú sonraí chuig cliniceoirí Ospidéal a dháilfear freisin go luath i 2004.

Cuireadh tús le scéim píolótach d'fhaire ionfhabhtaithe sa sruth fola a bhaineann le taomáin (CRBSI) le hothair HOPE i mí Mhárta. Bítear ag baint úsáid i gcónaí as faire ar na sonraí micribitheolaíochta a bailíodh thar thréimhse roinnt blianta chun athluacháil a dhéanamh ar an tseirbhís atá á cur ar fáil agus chun leasuithe a dhéanamh nuair is cuí.

Thosaigh an tsaotharlann ar an bpróiseas i dtreo creidiúnaithe i 2003. Bunaíodh grúpa cáilíochta bainistíochta chun an córas cáilíochta a athbhreithniú, chun iniúchadh a fheabhsú agus chun clár leanúnach um fheabhsú cáilíochta a bhunú.

Oiliúint agus Oideachas:

Is ionad oiliúna í an tsaotharlann do MRCPATH agus BSc in Eolaíocht Bhithmhíochaine. Soláthraíonn an tsaotharlann cláir struchtúrtha oiliúna agus oideachais do chomhaltaí foirne agus réachtaltar clubanna tréimhseachán go rialta.

CEIMIC CHLINICIÚIL

Shroich na huimhreacha iomlána samplacha 473,083

le linn na bliana. 5.2% de mhéadú ab ea é sin le hais na bliana roimhe sin. Gné an-shuntasach i mbliana arís ab ea líon mór na samplaí a próiseáladh a tháinig ó Liachleachtóirí Ginearálta. 139,575 sampla den mhéid iomlán a bhí iontu agus léiríonn siad cuid ard saothair dár seirbhís.

Foireann

D'éirigh an Ceann Rannóige a bhí ann le fada an lá, an Dochtúir Rory O'Moore, as an obair i rith na bliana. Tá ceangal ag Rory le fada le FDVH agus le hOspidéal Naomh Séamas ag dul siar tríocha bliain agus níos mó.

IMDHÍONEOLAÍOCHT

Soláthraíonn an rannóg imdhíoneolaíochta seirbhís dhiagnóiseach d'Ospidéal Naomh Séamas agus do réimse leathan institiúidí eile. As na samplaí a ndearnadh anailís orthu, eascraíonn 41% ó Ospidéal Naomh Séamas, 12% ó liachleachtóirí ginearálta agus 47% ó institiúidí seachtracha ar fud na hÉireann. Léiríonn sé sin an nádúr speisialtóireachta a bhaineann le cuid mhór de na tástálacha a rinneadh, go háirithe iad siúd ar baineadh úsáid astu chun uath-antashubstaintí a thomhas. I gcásanna áirithe, is féidir le tástálacha uath-antashubstaintí eolas an-sonrach a thabhairt faoi dhiagnóis othair. Ar shamplaí de sin tá an tástáil C-ANCA do ghránalómatois Wegener agus an tástáil EMA do ghlaí chéileacha. Leis an bhfadhb dheireanach sin, is léir go bhfuil an galar seo i bhfad níos coitianta ná mar a ceapadh cheana agus is féidir le hothair teacht chuig an dochtúir le siomtóin nach bhfuil ró-shonrach ar chor ar bith. Mar sin, is é an cleachtadh coitianta anois i gcuid mhaith cásanna cliniciúla ná tástáil don fhadhb sin agus faoi láthair baineann beagnach 20% de na tástálacha a dhéantar sa saotharlann go sonrach leis an neamhord sin.

Imdhíoneolaíocht Chliniciúil

Bíonn an rannóg páirteach go gníomhach i mbainistíocht chliniciúil othar. Tugtar cúram do roinnt grúpaí othar lena n-áirítear iadsan le neamhoird bhunúsacha uireasa imhdhíonachta, le galair sna fíocháin tacaíochta, le soithílteas agus neamhoird ailléirge. Freastlaítear ar bhreis is 600 cuairt ar othair sheachtracha go bliantúil. Tugtar cóireáil d'othair le staid uireasa imhdhíonachta in áis bharda an ospidéal lae nó ar an láimh eile, trí chlár chúram baile a bunaíodh roinnt blianta ó shin.



Taighde agus Forbairt

Tugtar faoi chláir ghníomhacha taighde ar na neamhoird chliniciúla thuas. Bíonn an obair sin bunaithe ar chomhoibriú idir Ospidéal Naomh Séamas, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Ar fhócas áirithe de na staidéir sin is ea fiosrúchán de bhunús imdhíoneolaíoch agus móilíneach ghalair chéiligh.

Oideachas

Leanann an rannóg ar aghaidh de bheith páirteach go gníomhach i dteagasc imdhíoneolaíochta ag leibhéal fochéime agus iarchéime araon. Bíonn na grúpaí mac léinn comhdhéanta de dhaoine atá faoi oiliúint i dteicneolaíocht saotharlainne míochaine, eolaithe agus mic léinn leighis.

Foireann

I ndiaidh 30 bliain mar Phríomheolaí Saotharlainne, d'éirigh an Dochtúir Alex Whelan as a phost. Bhí tionchar mór ag an Dochtúir Whelan i mbunú agus i bhforbairt na saotharlainne, a bhí ar an gcéad shaotharlann dhiagnóiseach imdhíoneolaíochta sa tír. Ba é an chéad theicneoir saotharlainne míochaine é ar bronnadh PhD air agus bhí sé sin bunaithe ar a bhunthaighde ar fhofhoirne limficíte i leocéime ainsealach limficíteach. D'fhoilsigh sé go forleathan freisin agus mar sin, chuidigh sé chun traidisiún láidir taighde a bhunú sa rannóg.

D'éirigh Jean Dunne PhD as an saotharlann dhiagnóiseach imdhíoneolaíochta freisin, ach tá lúcháir orainn go bhfuil sí i ndiaidh glacadh le post mar eolaí taighde sa rannóg. D'fhill Eleanor Wallace PhD chun glacadh le post sa saotharlann dhiagnóiseach i ndiaidh gur bronnadh a dochtúireacht uirthi roinnt blianta roimhe sin bunaithe ar staidéir a rinneadh sa saotharlann.

STIÚRTHÓIREACTH DIAGIM

Soláthraíonn Stiúrthoireacht DiagIm seirbhís íomháithe dhiagnóiseach d'othair agus cliniceoirí Ospidéal Naomh Séamas. Cuirtear seirbhís ar fáil freisin do Liachleachtóirí Ginearálta sa cheantar áitiúil, chomh maith le cúram treasach d'Ospidéal Iasmuigh den cheantar áitiúil.

Seirbhísí

Soláthraítear seirbhís iomlán íomháithe thar 11 réimse lena n-áirítear: Raideolaíocht Ghinearálta, Mascaille, Gastraistéigeach, IVP, Mamagrafaíocht, Ultrafhuaim, C.T., Raideolaíocht Idirghabhálach Theiripeach agus Dhiagnóiseach, Míochaine Núicléach, Anga Corónach agus MRI. Cuirtear seirbhís radagrafaíochta ar fáil freisin do Shaotharlann Anga Chorónach, don Seomra Ionshoithíoch, d'Obrádlanna agus d'Aonad Scagtha Ionad Chúram Sláinte.

Forbairtí i 2003

- PACS – cuireadh maoineadh ar fáil tríd an Roinn Sláinte agus Leanáí d'inshealbhú Chórais lán-chomhtháthaithe um Pictiúir, Airchiviú agus Chumarsáid. Ligfidh sé sin d'fháil, stóras, taispeántas agus dáileadh íomhánna digiteacha raideolaíochta, rud a mbeidh buntáistí suntasacha ag baint leis ó thaobh na n-othar agus gníomhaíochtaí feidhmiúla de

- An dara Scanóir CT – aimsíodh maoiniú chun an dara Scanóir CT a cheannach agus a inshealbhú, rud a chuireann go suntasach le hinniúlacht an Ospidéal scananna CT a dhéanamh
- Córais Dhigiteacha Radagrafacha – cuireadh isteach iad sna seomraí x-ghathaithe ginearálta. Táirgeann na córais seo íomhánna d'ardcháilíocht i bhformáid dhigiteach agus beidh siad comhtháthaithe go díreach leis an PACS nua. Is é an buntáiste mór a bhaineann leis na córais seo ná an poitéinseal chun tarchur othar a mhéadú agus íomhánna eisceachtúla cáilíochta a tháirgeadh
- Oideachas – Comhordnaíonn DiagIm dhá chúrsa rathúla iarchéime i Míochaine Núicléach agus in íomháu MRI. Reáchtálar na cúrsaí in éineacht le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus soláthraíonn siad deis sainiúil oiliúna do radagrafadóirí ar fud na tíre. I 2003, chríochnaigh naonúr radagrafadóirí an cúrsa íomháu Míochaine Núicléach agus chríochnaigh 17 radagrafadóir an cúrsa MRI



Stiúrthóir Cliniciúil
An Dochtúir
Patrick J. Freyne

Bainisteoir na
Seirbhísí
Radagrafaíochta
**Bernadette
Moran, Uasal**

Bainisteoir Gnó
**Hazel Shanahan,
Uasal**

Anailís ar Ghníomhaíochtaí Comparáideacha de réir Mhódúlachtaí

Módúlacht Íomháithe	2002	2003	% Athraithe
Raideolaíocht Ghinearálta	90,749	94,558	4
Mascaill	7,442	7,533	1
G.I.	2,552	2,836	11
I.V.P	499	386	-23
Mamagrafaíocht	2,568	2,764	8
Ultrafhuaim	9,324	9,817	5
C.T.	12,327	14,379	17
Raideolaíocht Idirghabhálach:Teiripeach	1,358	1,659	22
Raideolaíocht Idirghabhálach:Diagnóiseach	632	654	3
Míochaine Núicléach	3,175	3,354	6
M.R.I	3,841	4,754	24
Angagrafaíocht Chorónach	3,397	3,563	5
Iomlán	137,864	146,257	6



Stiúrthóir Cliniciúil
An Dochtúir Ellen
O'Sullivan

Bainisteoir Altraí
Ms. Jane Mahon

Bainisteoir Gnó
Ms. Cora Keary

STIÚRTHÓIREACTH ORIAN

Soláthraíonn stiúrthoireacht ORIAN seirbhísí obrádlainne, cúraim chriticiúil, steirilíthe agus anaestéise do réimse speisialtóireachtaí ar fud an Ospidéil. Tá sí comhdhéanta de na Seomraí Obráide, den Aonad Dianchúraim, den Aonad Ardspleáchais, den Aonad Ionshoithíoch, d'Aonad na Soláthairtí Steirileacha agus den Rannóg Anaestéisi.

I measc príomhfhorbairtí na stiúrthoireachta bhí méadú 50% ar inniúlacht iomlán an ICU, pleananna nua do chur i ngníomh chórais sceidealaithe obrádlann, pleananna chun seomra nua Máinliachta Lae a choimisiúnú agus ceapachán comhairleora nua don Seirbhís Phéine. Ceapadh an Dochtúir Jeanne Moriarty mar Stiúrthóir Cliniciúil nua, ag teacht i gcomharba ar an Dochtúir Ellen O'Sullivan a raibh ról straitéiseach aici i bhforbairt na stiúrthoireachta le trí bliana anuas.

Obrádlann	Líon cásanna
Iomlán Obrádlainne	10240
Toghaí	5985
Éigeandáil	4255
Obrádlann Dónna	205
Seomra Ionshoithíoch	138

OBRÁDLANNA

D'fhan gach obrádlann ar oscailt i rith na bliana.

I measc na dtionscnamh nua:

- Tosaíodh ar obair athchóirithe chun an Seomra Ionshoithíoch a uasghrádú go stádas Orádlainne
- Cuireadh tús le tionscadal nua chun Córas Sceidealaithe Obrádlainne a chur i ngníomh ar bhonn céimithe

Bhí deich n-altra rannpháirteach sa Dioplóma Iarchéime in Altranas Imobráide.

AONAD MÁINLIACHTA LAE

Soláthraíonn an tAonad cúram agus cóireáil d'othair a ghlactar isteach do mhodhanna máinliachta pleanáilte faoi anaestéise áitiúil agus ghinearálta araon agus d'othair a dteastaíonn modhanna máinliachta ionscópúlachta uathu.

I mí Mhárta, cuireadh tús le pleananna chun seomra nua máinliachta lae a choimisiúnú. Nuair a osclóidh sé, aistrefar na seirbhísí reatha go léir chuig an

seomra sin seachas ionscópúlacht. Mar gheall ar an tionscnamh seo, beidh méadú suntasach ar líon na modhanna a dhéanfar.

AN tAONAD LÉASAIR

Rinneadh 1,742 cóireáil san iomlán i 2003. Soláthraíodh seirbhís leanúnach d'othair sheachtracha chun réimse leathan fadhbanna a chóireáil lena n-áirítear:

- Anchumaí soithíocha .i. marcanna breithe agus smáil phortfhiona
- Lota lítheacha agus baint gruaige
- Baint lot céireatótach agus bonncheall carcanómaí

Leanadh ar aghaidh le hobair leis na Comhairleoirí Plaisteacha agus Deirmeolaíochta chun imlíne a dhéanamh de pheananna chúram othar.

SEIRBHÍSÍ ANAESTÉISE

Tugadh níos mó ná 10,000 ainéistéiseach sna hObrádlanna Ginearálta agus Dónna le linn mbliana a bhí an-ghnóthach don rannóg. Leathnaíodh seirbhís ainéistéise ghinearálta amach chuig réimsí eile san Ospidéal lena n-áirítear Íomháu Diagnóiseach agus an rannóg Shíciatrach. Tugadh 3,500 ainéisteach eile do leanaí a rabhthas a bhfiacra á mbaint amach i gClinic Fiaclóireachta Údarás Sláinte Réigiúnach an Oirthir atá bunaithe ar champas an Ospidéil.

AN tSEIRBHÍS PHÉINE

Bhain an tseirbhís péine leas as éagsúlacht fhorbairtí i rith na bliana:

- Ceapadh an Dochtúir McCrory mar Phríomhchliniceoir
- Ceannaíodh trealamh nua a mbainfidh othair leas as go díreach
- I mí na Samhna, glacadh leis na chéad othair le heipeadúraigh isteach i mbardaí sonraithe agus baineadh anailgése eipeadúrach chruinnbhealach amach le gach othar agus comhlíonadh 'spriocscóranna péine'

AN tAONAD DIANCHÚRAIM (ICU) / AN tAONAD ARDSPLEÁCHAIS (HDU)

Soláthraíonn an fhoireann dianchúraim clúdach do gach Aonad cúraim chriticiúil in éineacht leis na foirne ábhartha, chomh maith le haistriú laistigh den Ospidéal agus idir Ospidéal d'othair atá go dona tinn. Ghlac an ICU 615 othar isteach agus glacadh 561

othar isteach sa HDU.

Forbairtí i 2003

β Éacht suntasach a bhí in oscailt an Aonaid nua le cúig leaba, rud a léiríonn méadú inniúlachta de 50% - rud a chiallaíonn go bhfuil an ICU ar an ICU is mó in Éirinn nuair a thugtar san áireamh réimsí eile cúraim chriticiúil. Tá trealamh den chaighdeán is airde sna seomraí nua leithlise. Is iad na príomhbhuntaistí don Ospidéal ná inniúlacht mhéadaithe chun othair a ghlacadh isteach agus an ábaltacht othair a mbaineann riosca trastholgtha leo a scoilt amach, rud a laghdaíonn méid na n-ionfhabhtuithe a fhaightear san Ospidéal

- Tá caoi mhaith ar an ICU anois chun leas a bhaint as teicneolaíochtaí nua ríomhairithe atá á dtabhairt isteach san Ospidéal. Méadóidh sé sin go mór éifeachtúlacht san Aonad, chomh maith le hiniúchadh cuimsitheach ar ghníomhaíocht agus costáil chruinn dhrugaí agus modhanna eile a éascú
- I mí Iúil cheap an tOspidéal dhá Chláraitheoir ICU lán-aimseartha, rud nár tharla riamh in Éirinn. De réir an mhéid ardaithe leapacha, maoiníodh an dara cláraitheoir/SHO 'ar gloach', rud a bhí chun leasa mhóir na seirbhíse

Tá meaisín Macalla Traséasafagach faighte ag an Aonad Dianchúraim freisin, agus táimid ag tairgeadh

seirbhíse teoranta d'othair san Aonad Dianchúraim i láthair na huaire. Táthar ag súil go gcuirfidh méadú ar an bhfoireann le forbairt na teicnice úsáidí diagnóisí seo taobh na leapan.

Leanadh ar aghaidh le forbairt ar thraicéatóimeanna tréachraicneacha agus rinneadh 30 modh i 2003. Is iad na débhunataistí a bhaineann leis an modh sin ná nach gá úsáid a bhaint as spás costasach obrádlainne agus cuireann sé cosc ar mhoill ar an modh a dhéanamh má bhíonn an obrádlann in úsáid. Is lú ionraitheachta a bhaineann leis an modh sin agus ciallaíonn sé nach gá othar atá go dona tinn a bhogadh gan chúis.

Táthar ag leanacht leis an gcúrsa forbartha cumas HDU d'altraí bunaithe ar an mbarda. Ligeann an clár trí mhí seo d'altraí foirne atá bunaithe ar bhardaí cúram a thabhairt d'othair a bhfuil géarthinneas ag baint leo sna bardaí máinliachta/míochaine ginearálta. Chomh maith leis sin, chríochnaigh ochtar dár n-altraí an tArd-Diplóma in Altranas Chúraim Chriticiúil (ICU/CCU) i mí Mheán Fómhair.

AONAD SOLÁTHAIRTÍ STEIRIÚLA AN OSPIDÉIL

Lean Aonad Soláthairtí Steiriúla an Ospidéil ar aghaidh le seirbhís chuimsitheach dhíshlaithe, athphacála, phróis eálaithe agus sheachadtha de threalamh in-athúsáide don Ospidéal ar fad. Méadaíodh soláthar na seirbhísí steiriúla trí fhorbairtí leanúnacha agus de réir na gcleachtas is fearr.



Bainisteoir
Bernie McNally

SCOPE

Tá SCOPE comhdhéanta de Theiripe Urlabhra agus Theanga, Obair Shóisialta Mhíochaine, Teiripe Shaothair, Fisitheiripe agus Cothú Cliniciúil. Chuir SCOPE an bhliain isteach go rathúil le 177,686 teagmháil le hothair trasna na ndisciplíní ar fad.

Forbairtí i 2003

- Seirbhísí breise ildhisciplíneacha a sholáthar chun freastal ar riachtanais an AMAU a osclaíodh i mí Mhárta
- Páirtíocht in oscailt Aonaid le 12 leaba i mBrú Chaoimhín i mí na Nollag
- Bunaíodh tionscadal Chomhchúram Scaoilte Amach i mí Lúnasa
- Bhunaigh na rannóga Teiripe Shaothair agus Fisitheiripe Clinic Teiripe laistigh den aonad Dónna agus den rannóg Mháinliachta Plaistí
- Clínic Beathaithe PEG i MedEL – comhthionscadal Urlabhra agus Teanga agus Cothaithe Chliniciúil.
- Reáchtáladh seisiúin oideachais d'fhoirne lónadóireachta bardaí i gcomhar leis an rannóg Chothaithe Chliniciúil agus rannóg na Teiripe Urlabhra agus Teanga
- Ról lárnach do gach seirbhís sa Chlinic OPD EB ildhisciplíneach
- Rannpháirtíocht fhorghníomhach i nGrúpa Bainisteoirí Ghairm Shláinte Chomlach DATH a bunaíodh as an nua

COTHÚ CLINICIÚIL

Sholáthair an fhoireann Chothaithe Chliniciúil measúnú cothaitheach, tacaíocht agus monatóireacht chothaitheach, idirghabháil theiripeach agus comhairleoireacht chothaithe do 28 speisialtóireachtaí. 34.5% an ráta tarchur a bhí ann trasna na speisialtóireachtaí ar fad. Ar cheann de na réimsí ar gá níos mó airde a dhírú air is ea gníomhaíochtaí chun cinn sláinte cothaithe agus cothú sláinte.

Forbairtí

Rinneadh roinnt iniúchta le linn 2003.

- I mí Eanáir taifeadadh in iniúchadh laghdú meáchain tionchar ionchuir chothaitigh ar othair a bhí ag iarraidh meáchan a chailleadh sa tréimhse Aibreán – Meán Fómhair 2002. Thug na torthaí le fios go raibh ráta íseal rathúlachta ann, mar sin cuireadh tús le hobair ar mhodhanna chun éifeachtúlacht chothaitheach a fheabhsú. Tá an

fhoireann ag déanamh iniúchta anois ar rathúlacht Theiripe Iompraíochta Cognaíche (C.B.T.) in eagraíochtaí eile agus ag measúnú conas a d'fhéadfaí clár cosúil leis a chur i ngníomh chun rátaí rathúlachta a fheabhsú

- Rinneadh iniúchadh i mí Eanáir agus i mí na Samhna ar líon agus ar na cineálacha othar a dteipeann orthu freastal ar choinní d'othair sheachtracha. Déanfar anailís ar na torthaí i 2004.
- Rinneadh cruinneas scála meáite atá in úsáid san Ospidéal a mheas agus cuireadh i gcomparáid iad le scálaí meáite caighdeánacha
- Rinneadh pleananna reatha cothaithe a mheas le hais na gCaighdeán Náisiúnta Cothaitheacha dréachta. Cuireadh torthaí agus moltaí ar ais chuig an Rannóg Lónadóireachta.
- Rinneadh iniúchadh ar na píobáin ghastrastómacha a mbaintear úsáid astu d'othair a bhfuil ailse Cinn agus Muinéil orthu chun an líon méadaithe fadhbanna a bhaineann lena mbainistíocht phraiticiúil a fhiosrú. Tá grúpa oibre ildhisciplíneach bunaithe mar fhreagairt ar na torthaí
- Rinneadh iniúchadh ar athrú meáchain in othair mascaille atá ar aistí bia leasaithe
- Rinneadh iniúchadh ar Chothú Paireintriúil Iomlán (TPN) chun an cineál rochtana I.V. in úsáid, i measc rudaí eile, líon othar in aghaidh na míosa ar TPN agus ráta castachta a scrúdú

I measc na dtionscnamh eile a cuireadh ar bun leis na stiúrthóireachtaí:

- Forbraíodh córas cumarsáide leis an bhfoireann Lónadóireachta chun soláthar éifeachtach aistí bia teiripeacha sa AMAU a chinntiú. D'éirigh leis an tionscadal píolótach seo agus cuireadh i bhfeidhm ar bhardaí eile é ó shin
- Cuireadh snas ar sheirbhís chothaithe chliniciúil d'othair sheachtracha éasfaigeachtóime agus gaistreachtóime chun seirbhís níos cuimsithí a sholáthar don ghrúpa ardtosaíochta sin i gcomhar leis an bhfoireann mháinliachta
- Méadaíodh líon an seisiún grúpa oideachais d'othair a fuair diagnóis nua de Diaibéiteas Cineál II ó 9 go 15
- Cuireadh pleananna i ngníomh chun ráta DNA sa chlinic diaibéiteas a laghdú. Cuireadh glaoch ar othair seachtain amháin roimh a gcoinní agus tá tionchar an chórais sin á athbhreithniú faoi láthair
- Tá tionchar nach beag ag an bhfás leanúnach ar mháinliacht Chluas, Sróine agus Scornaí ar an éileamh do sheirbhísí cothaithe chliniciúil

- Rinneadh measúnú ar riachtanais in Ospidéal 4 chun pleanáil éifeachtach do sheirbhísí cothaithe chliniciúil a éascú amach anseo d’othair agus comhaltaí foirne araon

Nascanna leis an Rannóg Lónadóireachta
Bunaíodh coiste lónadóireachta le hionadaithe ón rannóg Lónadóireachta, Chothaithe Chliniciúil agus Teiripe Urlabhra agus Teanga. I bhfianaise na "gCaighdeán Náisiúnta Cothaithe i nGéarospidéal" ar feitheamh, táthar ag súil an coiste a leathnú chun disciplíní eile a áireamh.

Cuireadh roinnt tionscadal i gcríoch i 2003 nó tá siad idir lámha:

- Críochnaíodh iniúchadh ar roghanna nua béilte leathsholadacha
- Leathnú an bhiachláir chun aistí bia Coisir, Halal agus saor ó ghlútan a áireamh
- Clár oideachais d’fhoireann lónadóireachta bardaí
- Tá comhaid aistí bia teiripeacha á bhforbairt le bheith in úsáid ag foirne lónadóireachta ar na bardaí

Seirbhísí Seachtracha

Cuireadh seirbhís ar fáil d’Ospidéal Ban an Choim agus do Phríosún Mhuinseo

OBÁIR SHÓISIALTA MHÍOCHÁINE

Lean an rannóg uirthi de bheith ag soláthar seirbhíse oibre sóisialta do gach othar agus a dteaghligh a dteastaíonn tacaíocht shíceashóisialta agus phraiticiúil uathu maidir leis an diagnóis. Sanntar oibríthe sóisialta do chomhalta amháin nó níos mó den fhoireann chomhairliúcháin agus bíonn siad lán-rannpháirteach san fhoireann ilhdhisciplíneach.

Forbairtí

- Cuireadh tús leis an tseirbhís nua Epidermolysis Bullosa, ina mbíonn an tOibrí Sóisialta Míochaine ag tabhairt cuairteanna rialta ar othair ina dtithe ar fud na tíre, ag tabhairt cúnaimh le cúrsaí cosúil le faoiseamh, tacaíocht nó cúram agus oideachas á fháil
- Tugadh isteach i mí Mheán Fómhair seirbhís nua Oibre Sóisialta chun cuidiú le tabhairt isteach ‘Deontais Mhéadaithe’ maidir le cúram fadtéarmach
- Leanadh ar aghaidh le hobair san AMAU maidir le hobair Bháis/Iarbháis agus i ndiaidh brisidh mheasartha, cuireadh fuinneamh úr leis an tseirbhís do Chúram Maolaitheach nuair a ceapadh Oibrí Sóisialta Míochaine Sinsearach san Earrach

TEIRIPE SHAOTHAIR

Soláthraítear Seirbhís Teiripe Saothair do gach réimse den Ospidéal. I 2003 rinneadh 16,000 teagmháil le hothair.

Tá an t-éileamh ar an tseirbhís méadaithe go suntasach le cúig bliana anuas – ó thart ar 6,000 tarchur i 1998 go 16,000 acu i 2003. Léiríonn an fás sin tuiscint níos fearr ar an ról ar féidir a bheith ag Teiripe Shaothair i gcúram othar agus go deimhin san fhoireann ilhdhisciplíneach.

Forbairtí

- Bunaíodh Seirbhís Teiripe Saothair in Aonad Glactha Isteach na Géarmhíochaine, rud a éascaíonn scaoileadh amach díreach agus a sholáthraíonn cóireáil riachtanach d’othair a bhíonn ag fanacht le haghaidh aistrithe.
- Bunaíodh Foireann Chomhchúraim comhdhéanta de chomhaltaí foirne Teiripe Saothair agus Altranais chun scaoileadh abhaile othar Cúraim Fhadtéarmaigh ar ais chuig an bpobal a éascú. Faoi 31 Nollaig, scaoileadh amach deich n-othar go rathúil faoin tionscnamh
- Mar gheall ar an tSeirbhís Éascaithe Scaoilte Amach, bhí seirbhís ghasta scaoilte amach ann d’othair a raibh riachtanais mhíochaine nó athshlánaithe acu nach raibh chomh casta sin – rud a bhí mar thionscnamh cáilíochta a bhí éifeachtach ó thaobh costas de trí laethanta leapacha a shábháil don Ospidéal
- Bhunaigh speisialtóirí cliniciúla sa rannóg Dónna agus Mháinliachta Plaistí an chéad Chlinic Teiripe in Éirinn in éineacht leis an rannóg Fhisiteiripe
- Fuair an tSeirbhís OT don Ionad Lae Réamaiteolaíochta aischothú den scoth go leanúnach ó othair. Rinneadh pleananna chun an tSeirbhís Réamaiteolaíochta a chur chun cinn i 2004 chun níos mó oibre grúpa, idirghabhála




coiscthí agus gníomhaíochtaí um chur chun cinn sláinte a éascú

- Forbraíodh an tseirbhís um Baile Iasmuigh den Bhaile a thuilleadh chun freastal ar riachtanais na n-othar. Baineadh úsáid as an eolas agus an taithí a fuarthas sa réimse seo chun planáil don bhada nua le 12 leaba, Brú Chaoimhín, a osclaíodh i mí na Nollag 2003

Léirigh athbhreithnithe leanúnacha ar an tseirbhís gur dhírigh formhór na hoibre ar scaoileadh amach seachas athshlánú a éascú. Ba chóir go réiteofaí an mhíchthromaíocht sin go ceann dhá nó trí bliana mar gheall ar fhorbairtí seirbhísí.

Tarchuir Fhisiteiripe 2003



FISITEIRIPE

Is éard is aidhm le hidirghabháil fhisiteiripe ná pian a laghdú agus neamhspleáchas agus feidhm othar a uasmhéadú trína n-ábaltacht ghluaiseachta agus anáilithe a fheabhsú. Thug an rannóg níos mó ná 85,000 cóireáil d'othair agus sholáthair sí seirbhísí d'Ospidéal Naomh Séamas agus do 90 liachleachtóirí ginearálta.

Tháinig athruithe i líon na n-othar seachtrach a bhí ag fanacht le fisiteiripe i gcaitheamh na bliana. 19.4 seachtain an meánam feithimh d'othair a bhí tarchurtha ag comhairleoirí agus 6.5 seachtain dóibh siúd a bhí tarchurtha ag Liachleachtóirí Ginearálta.

Forbairtí

Mar gheall ar luacháil leanúnach ar chleachtadh i gcomhar le taighde agus oideachas, tá feabhas leanúnach tagtha ar cháilíocht. Léirítear an méid sin san éagsúlacht fhorbairtí i gcaitheamh na bliana.

- Bunaíodh Clinic Fisiteiripe Réamaiteolaíochta ar a

bhfuil rochtain dhíreach i mí na Samhna chun bealach cúraim a sholáthair d'othair a bhainfeadh leas as a leithéid

- Leathnaíodh seirbhísí fisiteiripe amach chuig an AMAU, Brú Chaoimhín, Cúram Brollaigh agus Limféidéime, Haemifile agus ICU chun an tseirbhís atá ann cheana féin a fhorbairt
- Mhaoinigh Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath post páirtaimseartha do theagascóirí clínicíúil. Tá feabhas mór tagtha ar nascanna idir na suímh chlínicíúla agus acadúla tríd an tionscnamh sin faoi réir chuspóirí na straitéise corparáidí
- Rinneadh "Tástáil Aclaíochta" Foirne mar chuid de "Move for Health". Bhí éileamh an-mhór ar fad ag an bhfoireann a bheith rannpháirteach ann. Léirigh na torthaí go bhfuil teacht aniar cardashoithíoch na foirne thar a bheith maith ach go bhfuil drochsholúbthacht nó solúbthacht an-dona ag baint le 81% dóibh siúd a tástáladh
- Rannpháirtíocht sa chéad chlinic ildhisciplíneach Epidermolysis Bullosa d'othair sheachtracha
- Mar gheall ar Chlinic Teiripe Plaisteach a bheith bunaithe, tá laghdú tagtha ar amanta feithimh na n-othar ag clínic na bplaisteach agus baintear úsáid níos éifeachtúla as am agus scileanna na dteiripeoirí
- Cuireadh isteach "PhysioTools" chun bileoga aclaíochta d'othair a uasdhátú
- Rinneadh an lá iontrála d'athshlánú cairdiach a athstruchtúrú. Chuathas i dteagmháil le hionaid ghleacaíochta áitiúla d'fhonn lacáiste a fháil ar tháillí ballraíochta d'othair atá i mbun athshlánaithe iarchairdigh
- D'fhorbraigh na Fisiteiripeoirí Sínséaraigh i gCúram Riospráide rólanna 'príomhoibrítheoirí' Fisiteiripe i réimse an Chúraim Éasafagaigh, an Chórais CareVue agus an Ghrúpa Cúraim Traicéatóime
- Bunaíodh rang cothromaíochta d'othair in Ospidéal 2

TEIRIPE URLABHRA AGUS THEANGA

Soláthraíonn an Rannóg Theiripe Urlabhra agus Teanga seirbhís mheasúnaithe, dhiagnóiseach agus bhainistíochta d'othair ar bhfuil deacrachtaí cumarsáide agus slogtha acu. Bhí méadú 20% ar líon na n-othar nua a cuireadh ar aghaidh chuig an rannóg i 2003.

Forbairtí

- Ceapadh teiripeoir nua urlabhra agus teanga mar chuid d'fhoireann ildhisciplíneach AMAU. Glacadh níos mó ná 40% de na tarchuir nua chuig teiripe

urlabhra agus theanga tríd an AMAU ó osclaíodh i mí Mhárta é

- Forbraíodh clár oideachais agus scagtha diosfaige don fhoireann altranais ó AMAU a chuirfear i ngníomh i 2004
- Tá roinnt tionscnamh cáilíochta tugtha isteach i gclinicí físeafluarascópachta a bhíonn ar siúl dhá uair in aghaidh na seachtaine. Tá athbhreithniú déanta ar fhoirmeacha tuarascála físeafluarascópachta chun eolas níos sonraíthe a áireamh agus tá achoimre na dtorthaí ó fhíseafluarascópachta ar fáil anois ar an gcóras OCM/PAS
- Bunaíodh grúpa chun cuidiú le hothair a bhfuil afáise orthu agus is éard is aidhm leis ná scileanna cumarsáide feidhmiúla a uasmhéadú. Bunaithe ar an rathúlacht táthar ag súil an fhormaid sin a leathnú do níos mó grúpaí othar i 2004
- Leanadh ar aghaidh le seirbhísí d'othair a thagann le hailsí cinn agus muinéil agus bhí méadú 90% ar tharchuir chuig an rannóg ón rannóg Chluas, Sróine agus Scornaí. Forbraíodh roinnt polasaithe agus modhanna don ghrúpa sin cliant agus leanadh ar aghaidh le grúpaí tacaíochta d'othair iarlaraingeachtóime agus dá dteaghlaigh
- Bhí teiripeoir sinsearach páirteach i gceithre clinic

iniúchta ildhisplíneacha sa tSeirbhís um Liopa agus Carball Scoilte

- Críochnaíodh polasaithe agus nósanna imeachta rannóige do:
 - Thraicéatóime
 - Neamhoird fhaighte chumarsáide
 - Laraingeachtóime
 - Oinceolaíocht chinn agus mhuinéil

Oideachas

- Tugadh isteach seisiúin rialta oideachais don fhoireann altranais in Ospidéal 4 maidir le lot slogtha
- Léiríodh riachtanais na n-othar a bhfuil diosfaige orthu ag tráthanna béilte ag seisiúin oideachais d'fhoirne lónadóireachta ar bhardaí
- Comhordnaíodh roinnt laethanta náisiúnta staidéir d'éagsúlacht réimsí lena n-áirítear diosfaige, neamhord faighte cumarsáide, neamhord gutha agus liopa agus carball scoilte
- Mar gheall ar fhás ar an bhfoireann, cuireadh i ngníomh níos mó córas foirmiúil méantóireachta i seisiúin oiliúna seirbhíse. Chríochnaigh trí chomhalta foirne oiliúint iarchéime um dhiosfaige
- Forbraíodh nascanna straitéiseacha leis an trí scoil nua de Theiripe Urblabhra agus Theanga ag Coláistí Ollscoile Chorcaí, na Gaillimhe agus Luimní. Lean an rannóg ar aghaidh de bheith ag soláthar áiteanna do mhic léinn ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath





Stiúrthóir na
Seirbhísí
Cógaseolaíochta
An tOllamh
Kamal Sabra

Príomhchógaiseoir
1
Veronica Treacy,
Uasal

Bainisteoir Gnó:
Sandra Conaty,
Uasal

CÓGASEOLAÍOCHT

Ceannaíonn agus dáileann an rannóg Chógaseolaíochta táirgí cógaseolaíochta agus parachógaseolaíochta laistigh den Ospidéal. Soláthraítear seirbhís chliniciúil chun úsáid shábháilte, éifeachtúil, eacnamaíoch de na táirgí seo a chinntiú. Áirítear le seirbhísí eile seirbhís chomhdhúilithe aiseiptigh, eolas faoi dhruaí, dáiliúcháin d'othair sheachtracha in Ospidéal 5 agus oideachas agus oiliúint d'othair agus comhaltaí foirne cliniciúla araon.


Forbairtí

Lean an rannóg Chógaseolaíochta ar aghaidh de bheith ag soláthar seirbhísí lárnacha agus méadaíodh iad chun freastal ar fhás agus forbairtí san Ospidéal. I measc na n-éachtaí eile bhí:

- Foilsiú Threoirleabhair do Lucht Ordaithe 2003
- Athmhúnlú de loighistic dáiliúcháin
- Iniúchadh ar an tseirbhís dualgais éigeandála

SEIRBHÍSÍ ÍOCLAINNE/DÁILIÚCHÁIN

Tháinig méadú leanúnach ar an ualach oibre cógaseolaíochta mar fhreagairt ar fhorbairtí san Ospidéal (m.sh. oscailt an AMAU) agus ar ghníomhaíochtaí méadaithe san Ospidéal. Tá méadú 12% tagtha ar ghníomhaíochtaí dáiliúcháin le dhá



bhliain anuas agus mhéadaigh ar riachtanais cheannaigh go suntasach mar fhreagairt air sin.

Lean an íoclann uirthi de bheith ag soláthar seirbhíse líonta suas do gach barda san Ospidéal, rud a rinneadh ní ba mhinice do chuid de na bardaí cliniciúla is gnóthaí, an tAonad Glactha Isteach Géarmhíochaine agus an ICU ina measc.

I measc na dtairsceana soláthair móra AE a glacadh

ar bord bhí:

- Glóbailin Imdhíonachta Infhéitheach
- Frith-nuaphlaisitgh
- Heipiríní de Mheáchan Íseal Mhóilíneach
- Cóirithe
- Sreabháin infhéitheacha

Mar thoradh ar athmhúnlú ar loighistic íoclainne agus dáiliúcháin, laghdaigh ar na fadhbanna maidir le bocsaí troma dáiliúcháin cógaseolaíochta a láimhseáil agus a sheacadadh.

SEIRBHÍSÍ AISEIPTIACHA/COMHDHÚILITHE

Baintear úsáid as Aonaid Chomhdhúilithe chun drugaí cíteatoscaineacha, antaibheathaigh agus táirgí steiriúla a atógáil ag baint úsáide as teicneolaíocht nua-aimseartha aonraitheora agus seomra ghlain. Déanann an rannóg Chógaseolaíochta trí Aonad a bhainistiú mar atá an príomhcheann bunaithe in Ospidéal 7 agus dhá Aonad sailtíte bunaithe i mBarda Burkitt, Ospidéal Naomh Séamas agus in Ospidéal Naomh Lúca.

As siocair go bhfuil Ospidéal Naomh Séamas ar an aon Ospidéal ina bhfuil Aonaid chomhdhúilithe Ospidéil le Céadúnas Déantúsaíochta agus Mórdhíola ó Bhord Cógas na hÉireann, cuireann an tAonad soláthairtí ar fáil d'ionaid cheimiteiripe ar fud na tíre agus an cheimiteiripe sin ar fáil i bhformáid atá réidh le húsáid. Soláthraíodh seirbhís dhíreach d'othair le fiobróis chisteach go dtig leo antaibheathaigh a fháil i bhfoirm atá réidh le húsáid. Cuireann sé sin le cáilíocht saoil na n-othair trí cóireáil a chur ar fáil sa bhaile.

Mhéadaigh ar éileamh na rannóige Oinceolaíochta/Haemaiteolaíochta in Ospidéal Naomh Séamas ar an tseirbhís ar 30% le linn na bliana.

Tá an comhthionscadal um sholáthar Breiseán Lárnaithe Infhéitheach d'Ospidéil agus othair chúraim bhaile rathúil i gcónaí, rud a bhfuil tionchar dearfa aige ar bhuiséad an Ospidéil.

SEIRBHÍSÍ CÓGASEOLAÍOCHTA GUIDE

Is í an t-aon fhreagracht amháin atá ar rannóg Chógaseolaíochta GUIDE ná cógais fhrith-aivíreasach a dháileadh agus cógais eile a bhaineann le HIV ar othair atá faoinár gcúram. Is éard atá i gceist leis sin ná:

- Dáiliúcháin drugaí agus comhairleoireacht d'othair

- faoina gcógais nuair a fhreastlaíonn siad ar chlinicí
- Cógais réamhphacáilte, dáilte go hindibhídiúil a sholáthar chomh maith le seirbhís eolais chun ordú sábháilte, éifeachtúil a chinntiú ag an gClinic STD
 - Seirbhís laethúil chliniciúil a sholáthar ag dul thart ar na bardaí
 - Gach druga trialach clínicíúla a dháileadh a mbaintear úsáid astu laistigh den seirbhís HIV. Coinnítear taifid atá cothrom le dáta ar thrialacha leanúnacha agus bíonn cur chuige forghníomhach ann maidir le comhairleoireacht a thabhairt d'othair a bhíonn rannpháirteach sna trialacha

SEIRBHÍSÍ CÓGASEOLAÍOCHTA CLINICIÚLA

Is éard is aidhm le páirtíocht na rannóige Cógaseolaíochta ag leibhéal na mbardaí ná úsáid shábháilte, éifeachtúil, eacnamaíoch drugaí a chur chun cinn. Áirítear le seirbhísí:

- Eolas riachtanach faoi úsáid chógas a sholáthar d'othair agus don fhoireann ar bhonn laethúil. Idirchaidreamh le cógaseoirí pobail chun a chinntiú nach dtagann fadhbanna ar bith chun tosaigh maidir le soláthar cógas nuair a scaoiltear othair amach
- Oideachas a thabhairt d'othair maidir le cógais sula scaoiltear amach iad agus oideachas d'othair sheachtracha sna suímh oiriúnacha
- Soláthar cártaí taifeadtha oideachais agus bileoga eolais chun comhlíonadh réimeanna casta míochnaithe a mhéadú
- Cuairteanna laethúla ar othair ag cógaseoirí clínicíúil chun soláthar drugaí agus athbhreithniú ordaithe a chinntiú
- Idirchaidreamh le foireann speisialtóra míochaine agus altranais chun treoirleabhar ordaithe don Ospidéal a athbhreithniú
- Seirbhís um eolas faoi chógais d'fhoireann chliniciúil an Ospidéil le linn uaireanta oscailte na cógaslainne

SEIRBHÍSÍ EACHTRACHA CÓGASLAINNE

Sholáthair an rannóg cógaseolaíochta na seirbhísí cógaseolaíochta uile d'Ospidéal Naomh Lúca agus Ospis na Bantiarna.

SEIRBHÍS CHÓGASLAINNE DHUALGAS ÉIGEANDÁLA

Bíonn cógaseoirí dhualgas éigeandála ar fáil chun freastal ar éilimh ar sholáthar cógas nó eolais d'fhoireann Ospidéil Naomh Séamas agus na nOspidéal atá ceangailte leis lasmuigh de

ghnáthuaireanta oibre. Críochnaíodh scéim phiolótach in éineacht le bainisteoirí altraí ar an suíomh agus leis an Maor Oíche agus mar thoradh air sin bhí laghdú suntasach i líon na nglanna ar an tseirbhís mar go rabhtas in ann go leor ceisteanna a réiteach ar leibhéal áitiúil na mbardaí. Léirigh iniúchadh leanúnach ar éilimh ar an tseirbhís:

- Méadú ar líon na nglanna ó Ospidéal sheachtracha nach bhfuil na háiseanna cuí acu
- Tá méadaithe ar an ualach oibre don seirbhís ag deirí seachtaine freisin

Forbairtí

- Sannadh cógaseoir clínicíúil sinsearach chuig an Aonad Glactha Isteach Géarmhíochaine mar chuid den fhoireann ildhisciplíneach
- Foilsíodh Treoirleabhar an Luchta Ordaithe i mí Bealtaine chun eolas a sholáthar ar roghnú réasúnach drugaí agus bhí na moltaí bunaithe ar fhianaise d'éifeachtúlacht chliniciúil agus ar thuairim speisialtóirí áitiúla. Soláthraíodh cóipeanna do gach dochtúir agus cógaseoir agus do gach cuid de na bardaí. Cuireadh tús le sraith chur i láthair i mí Dheireadh Fómhair chun an eolas sa treoirleabhar a threisiú
- Fuarthas aischothú luachmhar ó shuirbhé i mí na Nollag chun sásamh úsáideoirí leis an treoirleabhar a mheas agus áireofar é sin i leagan uasdháitithe den treoirleabhar i rith 2004.
- Dáileadh an Dara Eagrán de Threoirleabhar um Antaibheathaigh Eimpíreacha agus áiríodh iad i leagan 2003 den Treoirleabhar
- Dhírigh an coiste ildhisciplíneach um shábháilteacht chógas ar thionscnaimh oideachais agus eolais le béim ar leith ar réimsí 'ardriosca' cosúil le hinslineacha agus antaithéachtadh. Bíonn an Bainisteoir Riosca i dteagmháil go díreach leis na Stiúrthóireachtaí maidir lena dtuarascálacha um imeachtaí míochnaithe as an tslí

Gníomhaíochtaí Oideachais agus Taighde

Ceapadh an tOllamh Kamal Sabra mar Ollamh Cúnta i gCógaseolaíocht Chliniciúil sa Dámh Míochaine, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. Bíonn an Rannóg páirteach i dteagasc mac léinn fhochéime agus iarchéime cógaseolaíochta, altraí agus mac léinn leighis ar bhonn leanúnach.

Príomhchógaiseoir
II
Claudine Hughes

Stiúrthóir na
Seirbhísí
Cógaseolaíochta
An tOllamh
Kamal Sabra


Stiúrthóir
Míochaine
An tOllamh
John Feely

Lárionad Náisiúnta um Eolas ar Chógais (NMIC)


Soláthraíonn an NMIC eolas ar tháscairí do dhrugaí áirithe, lena n-áirítear ullmhúcháin atá nua-cheadúnaithe, frith-tháscairí agus dáileogacht i gcaoi ghalar, idirghníomhuithe drugaí agus éifeachtaí as an tslí, úsáid drugaí i dtoircheas agus luchtadh agus ullmhúcháin mhíochaine a aithint bunaithe ar thréithe fisiciúla.

Mhéadaigh ar an éileamh ar an Lárionad i dtéarmaí líon na gceisteanna agus castacht na gceisteanna araon. Bhí dúshlán ar leith ag baint le teiripithe ailtéarnacha nó comhlántacha, leigheasanna luibhe go háirithe.

Catagóir Eolais (Meán Fómhair 02-03)



Stádas Iarrthóra (Meán Fómhair 02-03)



Dháil an NMIC eolas ar chógais i ndá fhoilseachán mar atá an bhileog theiripithe a thagann amach gach dhá mhí agus an nuachtlitr mhíosúil um fheasacht reatha "Therapeutics Today". I measc na n-ábhar a clúdaíodh i 2003 bhí:

- Imleabhar 9 Uimhir 1 Teiripe Chógaseolaíochta Reatha in Airtríteas Réamatóideach

- Imleabhar 9 Uimhir 2 Ag Ordú do Leanáí
- Imleabhar 9 Uimhir 3 Teiripe Athsholáthair Hormón
- Imleabhar 9 Uimhir 4 Diaibéiteas Mellitus – Forbairtí Déanacha Teiripeacha
- Imleabhar 9 Uimhir 5 Réamhrá ar Thaighde Cliniciúil agus Luacháil Chriticiúil
- Imleabhar 9 Uimhir 6 Eolas uasdhátaithe ar Oistéapóróis

Dáiltear foilseacháin de chuid an NMIC ar gach dochtúir san Ospidéal, ar Liachleachtóirí agus ar chógaiseoirí ar fud na tíre agus bíonn siad ar fáil ar www.stjames.ie.

AN TIONAD UM ARDTHEIRIPITHE CLINICIÚLA

tiúrthóir: An Dochtúir Mary Teeling

Stiúrthóir Míochaine: An tOllamh John Feely

Stiúrthóir Feidhmeannach: An tOllamh Kamal Sabra

Soláthraíonn an t-ionad oideachas chun ligint do lucht gairmiúil chúram sláinte agus an tionscail chógaseolaíochta coinneáil cothrom le dáta maidir le forbairtí i réimse na cógaseolaíochta. I measc na gcúrsaí a réachtáladh i rith na bliana bhí:

- Ullmhúchán Aiséaptach
- Ardchúrsa i Staitisticí (SPSS)
- Réamhrá ar Mhodhanna Taighde Cliniciúla
- Réamhrá ar Eacnamaíocht Chógaseolaíochta.

Rinneadh amach plan sonraithe do chúrsaí i rith 2004 a d'áireodh:

- Gearrchúrsaí in Oinceolaíocht, Eipidéimeolaíocht Chógaseolaíochta agus Ullmhúchán Aiséaptach
- Dioplóma Iarchéime/MSc i Míochaine Chógaseolaíochta i gcomhar leis an Rannóg Cógaseolaíochta agus Teiripithe, Coláiste na Tríonóide

Bhí an t-ionad páirteach freisin i dhá thuarascáil a scríobh don Choiste Comhairleach Náisiúnta um Dhrugaí.

Tá mionsonraí faoi na cúrsaí uile ar leathanach Gréasáin an Ionaid ag www.stjames.ie/clinicalinformation

FISIC MHÍCHAINÉ AGUS BITHINNEALTÓIREACHT

Is í Rannóg na Fisice Míochaine agus Bithinnealtóireachta (MPBE) acmhainn saineolais an Ospidéal um threalamh míochaine. Soláthraíonn foireann na rannóige, atá comhdhéanta de fhisithe, innealtóirí agus teicneoirí, réimse leathan seirbhísí innealtóireachta agus eolaíochta chun tacú le seachadadh sábháilte, éifeachtúil chúram sláinte ardeicneolaíochta agus é sin a chur chun cinn.

Go feidhmiúil, oibríonn an rannóg i ngrúpa a dhíríonn ar íomháu míochaine, cúram criticiúil, córais ionscópachta agus radharcacha, seirbhísí steiriúla agus trealamh ginearálta míochaine. Áirítear le seirbhísí bainistiú trealamh, tacaíocht chliniciúil agus taighde ar uirlisí agus teicneolaíochtaí míochaine. Dearbhaítear go soláthraítear seirbhísí bunaithe ar eolas agus luach breise trí cheangaltas doimhin i leith oideachais, oiliúna agus taighde ardcháilíochta.

Forbairtí

Sholáthair MPBE ionchur teicniúil agus eolaíochta chun na córais agus na seirbhísí móra nua seo a leanas a chur i ngníomh:

- Osclaíodh seomra nua radaiteiripe iaidín i mí na Nollag 2003, ag ligint do chur i ngníomh teiripithe iaidín eisidiú tíoróidigh san Ospidéal den chéad uair riamh. Bhí ionchur láidir ag MPBE i ngnéithe sábháilteachta radaíochta de dhearadh an tseomra agus prótacal cóireála, agus leanann sé air de bheith ag tacú le réachtáil laethúil na gcóireálacha
- Cuireadh i gcríoch tionscadal mór i gcomhar leis an IMS agus an ionad Chúram Sláinte chun córas nua athphróiseálaithe (dífhabhtaithe) ionscóp a chur i ngníomh. Ligeann an córas do rianú ríomhairithe ar stair athphróiseálaithe ionscóp indibhidiúil
- Rinne an MPBE bainistíocht ar chur i ngníomh naisc íomháithe chairdigh dhigitigh idir Ospidéal Ginearálta Shligigh agus Ospidéal Naomh Séamas. Ligeann an nasc nuálach seo do theileachomhdháil idirghníomhach idir an dá láthair, rud a chuidíonn chun an tréimhse feithimh do chinntí faoi roghanna cóireála a laghdú
- I 2003, sholáthair MPBE seirbhísí seachtracha d'Ospidéal Ginearálta Nás na Rí i dtionscadal mór trealamhaithe a chlúdaíonn réimse trealamh

míochaine, lena n-áirítear córas nua pictiúr, aircivithe agus cumarsáide sa Rannóg Raideolaíochta. Soláthraíodh seirbhísí freisin d'Ospidéal Ginearálta na Tulaí Móire maidir le clár mór raideolaíochta, don AMNCH, Tamhlacht agus d'Ospidéal eile agus clinici fíaclóireachta

- Tionscnaíodh tionscadal EPR/PaRIS (Taifead Leictreonach Othar/Córas Aircivithe agus Eolas Raideolaíochta Othar) de chuid Ospidéal Naomh Séamas i 2003. Is é MPBE a dhéanann an tionscadal a bhainistiú
- Tá bainistiú tionscadail á sholáthar freisin do leathnú amach Chóras Eolais Chliniciúil CareVue ó Keith Shaw go ICU. I gcomhoibriú leis an bhfoireann chliniciúil, tá fíoraíochtaí nuálacha um shonraí idiréadáin taobh na leapan agus fíoraíochtaí um threalamh míochaine deartha ag MPBE chun ligint do bhainistiú othar ICU atá 'lárnaithe ar eolas'. Tá an rannóg ag déanamh bainistíochta freisin ar inshealbhú bunáite nua atá ceangailte le gréasán um threalamh anaistéisigh/mhonatóireacht in Obrádlanna
- Bhí comhaltaí foirne bainteach le roinnt coistí agus bord náisiúnta agus idirnáisiúnta lena n-áirítear:
 - Bord na hInstitiúide um Chosaint Radíochta na hÉireann
 - Grúpa Comhairleach na Roinne Sláinte agus Leanai um Threoir Nochtú Míochaine
 - Coiste an Choimisiúin Idirnáisiúnta Leictreicniúil 62B

Oideachas

Comhordnaíonn an rannóg an MSc in Eolaíochtaí Fisiciúla sa Leigheas ag TCD. I 2003, cláraíodh ocht mac léinn déag ar an gcúrsa sin a mhaireann dhá bhliain, cúigear atá bunaithe in Ospidéal Naomh Séamas ina measc.

Comhordnaíonn an rannóg an Dioplóma in Innealtóireacht Chliniciúil ag TCD freisin. Forbraíonn an cúrsa seo scileanna i mbainistíocht trealamh míochaine atá éifeachtúil, shábháilte agus éifeachtach ó thaobh costas de. Chríochnaigh cúigear d'fhoireann reatha MPBE an cúrsa i 2003.

Óstaíodh seimineár mar aitheantas ar thabhairt isteach na Treorach Eorpaí um Chosaint Radaíochta (an Treoir um Nochtú Míochaine) i ndlí na hÉireann. Rinne comhaltaí foirne cainteanna ag roinnt



Ceann Roinne
An tOllamh
Jim Malone

seimineár agus cúrsaí oiliúna freisin, lena n-áirtear cúrsa oiliúna i Tripoli na Libia de chuid na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta um Fhuinneamh Adamhach.

Bhí MPBE bainteach go mór le cúrsaí iarchéime i TCD atá ar fáil don fhoireann chliniciúil, cosúil leis an Dioplóma in Íomháu Athshondais Mhaignéadaigh agus le cúrsa Chomhaltacht Dhámh na Raideolaíochta ag RCSI.

Oiliúint Foirne

Cuireann MPBE le seachadadh sábháilte chúram sláinte trína ról oiliúna. I measc na gcúrsaí a comhordnaíodh i 2003 bhí na cúrsaí bliantúla um Shábháilteacht Radaíochta agus Sábháilteacht Léasair agus oiliúint mhíosúil d'altraí maidir le hUirlisí Insilte.

Gníomhaíochtaí Taighde

Leanadh ar aghaidh le comhobair ar dhá chlár mhóra atá maoinithe ag an AE i 2003:

- DIMOND III: Clár mór AE maidir le heolas agus dáileog a uasmhéadú i raideolaíocht dhigiteach, ina bhfuil 13 comhpháirtí i 11 stát páirteach. Bíonn MPBE i gceannas ar na comhpháirtithe maidir le taighde comhordnaithe ar thoisí teicniúla agus cliniúla maidir le cáilíocht íomháu
- MEDICASE: Taighde ar iompar tháirgí míochaine atá íogarach do theocht cosúil le cógais de luach ard agus táirgí fola

Cuireadh tús le nó leanadh ar aghaidh le taighde ar:

- Chruinneas atáirgeadh dathanna in ionscóp físe
- Chruinneas méadar Tháirgeadh Réimse Dáileoga (DAP) i ndáileoga a mheas
- Uasmhéadú scananna Angagrafaíochta Athshondais Mhaignéadaigh
- Shábháilteacht agus tomhas dáileog i dteiripe Ultraivolaite
- Chórais tástálacha do mheaisíní anaistéiseacha

Chríochnaigh beirt comhaltaí foirne MPBE taighde agus bronnadh MSc orthu faoina choinne:

- Mapáil Pharaimhéadrach Staitistiúil d'íomhanna míochaine núicléí i ngalar Alzheimer
- Bithfhísic thomhas brú fola ar an artaire bracach

Treochtaí Seirbhíse

- Ról níos comhoibrí i bhfíorú seirbhísí steiriúla
- Láidrígh MPBE mar bhunionad oiliúna/oideachais ina réimse féin
- Tá éagsúlacht ag teacht ar scileanna na foirne mar fhreagairt ar fhorbairtí teicneolaíochta
- Aithníodh an gá atá le freagairtí nuálacha agus le comhpháirtíochtaí chun deiseanna taighde a fhorbairt
- Tá ag méadú ar an éileamh do scileanna arda teicniúla agus eolaíochta go leanúnach de réir mar a éiríonn soláthar seirbhísí agus an teicneolaíocht níos casta agus níos ilghnéithí



SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA GINEARÁLTA

Soláthraíonn na Seirbhísí Tacaíochta Ginearálta tacaíocht thábhachtach mar bhunús ar fheidhmiú gníomhaíochtaí atá rathúil, sábháilte agus éifeachtach ar fud an Ospidéil. Tharla roinnt forbairtí i rith na bliana as ar eascair méadú ar sheirbhísí sna réimsí is tábhachtaí.

SÉIPLÍNEACHT

Mar fhreagairt ar riachtanais na n-othar, soláthraíonn an fhoireann Shéiplíneachta tacaíocht 24 uair a'chloig trí na sacraimintí a thabhairt, cúram spioradálta agus comhairleoireacht. Oibríonn an fhoireann go dlúth in éineacht le lucht gairmiúil chúram sláinte eile agus leathnaíodh an chomhairleoireacht do chúramóirí na ndaoine breoite nuair ba ghá. Soláthraíodh roinnt seimineár do mhic léinn altranais maidir le cúram tréadach.

Bíonn seirbhísí liotúirge ar siúl i rith na seachtaine i séipéal an Ospidéil, ar na bardaí agus sa mharbhlann agus san aireagal le linn na hAidhbhinte, an Charghais agus ar ócáidí speisialta. Bhí trí 'Shearmanas Coinnle Cuimhneacháin' speisialta ann i rith na bliana. Ócáid iontach a bhí i Seirbhís na gCarúl Nollag i mbliana le tacaíocht ó Chór Guinness.

SEIRBHÍSÍ LÍNÉADAIGH

I measc na bpríomhfhorbairtí bhí méadú na seirbhíse chun níochán éifeachtúil a sholáthar don chóras nua glanta suas a tugadh isteach ar fud an Ospidéil. Leanadh ar aghaidh le hobair sna réimsí seo a leanas freisin:

- Fáil agus dáileadh línéadaigh Ospidéil
- Níochán do réimse Chúram na nDaoine Scothaosta
- Glanadh cuirtíní don Ospidéal ar fad
- Níochán cótaí bána agus éidí áirithe foirne
- Seirbhísí fúála

SEIRBHÍSÍ PÓIRTÉIREACHTA

Bíonn an tseirbhís Phóirtéireachta ar fáil don Ospidéal 24 uair a'chloig, seacht lá na seachtaine. I rith na bliana, leathnaíodh an tseirbhís inmheánach aistrithe othar ar fud an Ospidéil amach go seirbhís 24 uair a'chloig. Chlúdaigh

seasca póirtéir gach áit sa champas agus lean siad orthu de bheith:

- Ag aistriú othar idir bardaí agus rannóga diagnóise m.sh. Cairdiach, Íomháu Diagnóiseach agus Othair Sheachtracha
- Ag bailiú agus ag seachadadh eiseamal, fola, táirgí fola, cairteacha, x-gathanna agus nithe cógaseolaíochta
- Ag seachadadh beart agus postais ar fud na cathrach
- Ag soláthar seirbhíse inmheánaí poist

LÓNADÓIREACHT

D'ullmhaigh agus dháil an rannóg lónadóireachta beagnach aon mhilliún béile d'othair, sholáthair sí seirbhís bhialainne agus bheáir chaifé do chomhaltáí foirne agus rinne sí lónadóireacht do réimse leathan imeachtaí ar fud an Ospidéil.

Athmhaisíodh an bhialann foirne mar chuid de



Bainisteoir
Jim Deegan



chlár athchóirithe áiseanna bialainne na foirne. Baineadh an méid sin amach leis an íosmhéid cur isteach ar sheirbhísí agus le comhoibriú iomlán ón bhfoireann lónadóireachta nuair a athlonaíodh na seirbhísí go sealadach i seomra caifé Rialto.

CUMARSÁID

Oibríonn an rannóg Cumarsáide an lasc-chlár agus soláthraíonn sí seirbhís rithábhachtach don fhoireann agus d'othair araon. Glacann agus aistríonn na hoibrítheoirí níos mó na 3.5 milliún glaoch in aghaidh na bliana. D'fheidhmigh an rannóg córais ghlaoireachta agus alaram éigeandála, a leathnaíodh amach i rith na bliana.

SLÁNDÁIL

Soláthraíodh seirbhís thiomanta chun timpeallacht shábháilte a chinntiú d'othair, cuairteoirí agus comhaltaí foirne. I measc na bpríomhfhorbairtí bhí:

- Insealbhú córas P.A. Pinpoint sa chlinic GUIDE agus in Ospidéal 5, Aonad 3
- Méadú ar chlúdach CCTV don chlinic GUIDE, don Saotharlann Lárnach Phaiteolaíochta agus don rannóg Éigeandála
- Soláthar córas brúite cnaipí P.A. sa rannóg Éigeandála
- Tabhairt isteach rialú rochtana don Rannóg Éigeandála, don Chlinic GUIDE, don Saotharlann Lárnach Phaiteolaíochta agus d'Ospidéal 7
- Cuireadh teilisfíseáin agus meicníochtaí taifeadtha i ngníomh i seomra rialaithe slándála
- Rinneadh cártaí aitheantais foirne a chomhtháthadh le córais nua páirceála carranna
- Fuair 180 comhalta foirne oiliúnt um idirghabháil ghéarchéime neamhfhoreigeanach

COINNEÁIL TÍ

Soláthraíonn an rannóg Choinneáil Tí seirbhísí riachtanacha glantóireachta ar fud thimpeallacht an Ospidéil. Déanann an fhoireann thiomanta a seacht ndícheall an caighdeán is airde glaineachta a sholáthar chun freastal ar riachtanais othar agus chun sásamh an phobail an chur chun cinn.

Chomh maith le seirbhís thiomanta a sholáthar, cuireadh tús le hobair ar chóras nua strailleán cothrom agus tugadh isteach dhá chlár riachtanacha oiliúna:

- Clár ionductaithe do gach fostaí nua
- Athoiliúint ar pholasaithe rialaithe ionfhabhtuithe ar bhonn rialta

SEIRBHÍS CHOMHSHAOIL

Tá córais nua tugtha isteach ag an bhfoireann chun a fháil réidh le dramhaíl go sábháilte agus chun nithe ábhartha a athchúrsáil go héifeachtúil.

- Tugadh isteach taomán nua de mhéid muilinn
- Córas rúndachta bailiúcháin agus mionghearrtha pháipéar oifige
- Córas chun dramhaíl bhia a shórtáil do mhúirín
- Eisíodh conradh nua do dhramhaíl líonta talún agus scipeanna, a coinníodh ag an leibhéal

céanna le meáchain na bliana seo caite d'ainneoin méadú ar phointí bailiúcháin

- Tugadh pointí nua bailiúcháin isteach chun a fháil réidh le píobáin fhluaraiseacha agus scairdeanna dúigh/cartúis

SEIRBHÍSÍ TEICNIÚLA

Soláthraíonn an rannóg seirbhís chuimsitheach innealtóireachta agus chothabhála ar fud an Ospidéil.

- Fuair an deasc chabhrach 15,917 iarratas do thacaíocht/chothabháil – d'fhreagair an rannóg ar 90% de na hiarratais chuig an deasc chabhrach laistigh de 24 uair a'chloig agus críochnaíodh 76% de chásanna éigeandála ardtosaíochta laistigh de 30 nóiméad
- Cuireadh i gcríoch 1,065 mionobriúchán san iomlán a raibh luach airgid €567,066 d'Ospidéal Naomh Séamas ag baint leo

I measc na móroibriúcháin, ar éachtaí móra iad don TSD bhí:

- Athchóiriú Bhialann Garden Hill
- Tabhairt i gcrích thionscadal 'Baile lasmuigh den Bhaile' in Ospidéal 4. Léirigh an clár speisialta athchóirithe sin an luach a bhaineann le cur chuige comhpháirtíochta idir na foirne cliniciúla agus innealtóireachta san Ospidéal. Léiríodh torthaí na comhoibre éifeachtúla i bhfreagair dhearfa na n-othar, na foirne agus na gcuariteoirí maidir leis an athchóiriú.

SEIRBHÍSÍ DÓITEÁIN

Leathnaigh agus d'fhorbraigh na Seirbhísí Dóiteáin go leanúnach. Soláthraíodh seirbhísí leanúnacha maidir le hoiliúint um shábháilteacht, chosaint agus ffeasacht dóiteáin. Dhírigh na gníomhaíochtaí nua ar:

- Fhorbairt agus cur i ngníomh chlár nua tréigthe maoir dhóiteáin atá ag feidhmiú anois sa Saotharlann Lárnach Phaiteolaíochta
- Idirchaidreamh leis an Rannóg Phleanála maidir le cur i ngníomh seirbhísí dóiteáin i ngach forbairt nua Ospidéil

BAINISTÍOCHT FHUINNIMH

Bíonn na Seirbhísí Fuinnimh freagrach as soláthar slán, sábháilte, éifeachtúil leictreachais, gáis

nádúrtha agus seirbhísí uisce agus gaile do láthair an Ospidéil.

Mar gheall ar thabhairt isteach cánach carbóin agus trádáil astuithe gáis cheaptha teasa faoi dheireadh 2004, bhí comhpháirtíocht i dtionscadal Píolótach Chomhaontú Idirbheartaithe Fuinnimh a reáchtáil Fuinneamh Inbhuanaithe na hÉireann mar phríomhfhócas.

Bhain na gníomhaíochtaí le:

- Fearas Teasa agus Cumachtacht Comhcheangailte (CHP) a bhainistiú, a sholáthraíonn beagnach 40% d'éileamh leictreachais an tsuímh agus a bhaineann úsáid as teas dramháola aisghabháilte chun cuid mhór den éileamh teasa a sholáthar
- Feidhmiú an Chórais Bhainistíochta Foirgníochta (BMS), a rialaíonn agus a dhéanann monatóireacht ar theas, fuarú, aer-oiriúnú agus fearas uisce the tí an tsuímh uile beagnach
- Caitheadh fuinnimh a thuairisciú bunaithe ar an gCóras Monatóireachta agus Dírithe, atá nasctha leis an BMS



ALTRANAS

Is iad ról agus feidhm an rannóg Riaracháin Altranais ná altraí agus cúntóirí Ospidéal a earcú agus a fhorbairt, riarachán párolla agus pearsanra d'altraí agus do chúntóirí a fhorbairt agus bainistíocht Ospidéal a sholáthar lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre trí fhoireann Bhainisteoirí Altraí ar an Láthair agus Bainistíochta Altraí Oíche. Tá an Stiúrthóir Altranais freagrach freisin as an Aonad Forbartha Chleachtadh Altranais agus as an Ionad d'Oideachas Altraí.

Tháinig laghdú leanúnach ar an ráta folúntas altranais i 2003 mar gheall ar chomhiarrachtaí bhainisteoirí altraí na stiúrthóireachta, bhainisteoirí altraí cliniciúla, na foirne pearsanra agus mar gheall ar an gceannasaíocht a sholáthair an Bainisteoir HR i Riarachán Altranais.

Ó thaobh gairmiúil de, baineadh amach creidiúniú i 2003 d'Ard Altrachleachtóir (Altranais Éigeandála) ón gComhairle Náisiúnta d'Fhorbairt Ghairmiúil Altranais agus Cnáimsheachais. Leanann Ospidéal Naomh Séamas ar aghaidh de bheith chun tosaigh maidir le forbairt an ról nuálach altranais seo in Éirinn.

AN tAONAD FORBARTHA UM CHLEACHTADH ALTRAÍ (NPDU)

Is í bunaidhm an NPDU ná cur i ngníomh an chleachtais is fearr i gcúram altranais do gach othar, a dteaghligh agus a gcúramóirí a éascú in Ospidéal Naomh Séamas. Chun an méid sin a bhaint amach, cruthaíonn an tAonad timpeallacht cliniciúil a thacaíonn le forbairt agus foghlaim mhac léinn altranais.

Forbairtí i 2003

- Straitéis Fhorbartha Chleachtaidh – d'fhonn cur leis an gceangaltas láidir d'fhorbairt chleachtaidh agus ghairmiúil, forbraíodh straitéis chun altraí a bhíonn ag obair ar na bardaí a thabhairt isteach i gcleachtadh agus i gcúram altranais. Ag éirí as sin, cruthaíodh pleananna gníomhaíochta áitiúla do bhardaí a bhfuil sceidil ama bhunaithe agus córais tacaíochta ag baint leo chun bunchloch a chur faoi fhorbairt chleachtaidh agus ghairmiúil
- Forbairt Phunainne – a chuidigh le haltraí i bpleanáil fhorbartha pearsanta agus gairmiúla
- Anailís ar oiliúint ghlúcóis – a chuidigh le hoideachas/oiliúint leanúnach altraí

- Reachtáil an fhoireann oideachais in-seirbhíse clár oideachais míosúil bunaithe ar ábhair a d'éiligh an fhoireann. Tháirg siad freisin bunachar sonraí de gach altraspeisialtóir/altra idirchaidrimh san Ospidéal, a scaipeadh mar fhoinsé thagartha do gach comhalta foirne cliniciúil
- Lig an clár rothlaithe 12-18 mí d'altraí nuacháilithe a n-oideachas agus a n-oiliúint a threisiú agus an t-aistriú ó mhac léinn go haltra foirne a éascú trí tréimhsí socraithe ama a chaitheamh i dtrí réimse chliniciúla shonracha – dhá réimse ghinearálta agus réimse amháin speisialtóireachta
- Gníomhaíocht Thaighde – d'éirigh le 16 altra 'Réamhrá ar mhodhanna taighde d'Altraí' a chríochnú agus fuair siad creidiúintí sa mhódúl taighde más rud é go bhfuil siad i mbun fochéime/ard-dioplóma san altranais

Grúpaí Oibre

Lean éagsúlacht ghrúpaí leo ag bunú prótacal agus polasaithe, ag forbairt cleachtas nua, ag cur i ngníomh cleachtas nua ag leibhéal cliniciúil, ag forbairt acmhainní, ag soláthar laethanta staidéir agus ag measúnú an ról altranais i réimsí áirithe lena n-áirítear:

- Cleachtadh Altranais
- Ionlocadh Piobán Srónghastrach
- Taománú Úiréadrach i bhFír
- Iondoirte Fo-chraicneacha
- Cúram Traicéatóime
- Féin-Mhíochnú
- Gastrastómach Ionscópach Tréchraicneach (PEG)
- Cúram infhéitheach
- Cleachtais doiciméadaithe altrachta.
- Inmharthanacht Fhíochán

ALTRAÍ TACAÍOCHTA CLINICIÚLA

Aimsíonn Altraí Tacaíochta Cliniciúla riachtanais fhoghlama altraí nuacháilithe nó sóisearacha agus forbraíonn siad pleananna gníomhaíochta cuí agus struchtúir thacaíochta chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh eolais/scileanna. Bhí an grúpa páirteach go gníomhach i gcuid mhaith de na tionscnaimh fhorbartha cleachtas/seimineáir leanúnacha oideachais a bhfuil imlíne déanta orthu tuas.

Tháinig borradh go leanúnach faoi altranais foirne le hionchur ó Altraí Tacaíochta Cliniciúla agus thug seacht mbarda eile an córas seachadtha chúram othar seo isteach.

Stiúrthóir Altranais
Eilish Hardiman

Tugadh 122 altra san iomlán ó thar sáile tríd an bpróiseas 'íonduchtaithe', a chinntíonn go bhfaigheann altraí neamhEorpacha tacaíocht ag an leibhéal cliniúil chun na critéir mheasúnaithe atá riachtanach do chlárú leis an mBord Altranais a bhaint amach. D'fhreastail 163 altra cliniúil eile ar sheisiúin eolais chun foghlaim faoi uirlis nua um measúnú cumas d'altraí neamhEorpacha.

CLÁR OIDEACHAIS DO MHIC LÉINN ALTRANAIS

Lean an NPDU ar aghaidh lena ról lárnach in oideachas cliniúil mac léinn fochéime altranais lena n-áirítear:

- Socrúcháin chliniciúla de réir an leibhéal eolais theoiriciúil agus riachtanais Threorach AE/an Bhoird Altranais
- Timpeallacht fhoghlama a uasmhéadú a chinntigh gur chomhlíon mic léinn a gcuid torthaí foghlama le linn socrúcháin cliniúil i gcomhar leis an Ionad d'Oideachas Altraí agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
- Grúpaí oibre cumas agus teagaisc chun an t-eolas agus an saineolas cuí a thabhairt d'altraí chun tacú le cumas mac léinn ag leibhéal cliniúil agus é a mheasúnú

AN TIONAD D'OIDEACHAS ALTRAÍ

Soláthraíonn an tionad d'Oideachas Altraí cláir oideachais agus oiliúna ag leibhéal fochéime agus iarchéime agus réimse cúrsaí gearra agus laethanta staidéir in-seirbhíse.

I 2003, chríochnaigh seachtó mac léinn Clárú/Clár Diplóma san Altranais i gcomhar le Coláiste na Tríonóide agus bhain ceithre mhac léinn oirirceas amach.

Chríochnaigh trí mhac léinn is tríocha an Diplóma Iarchéime in Altranais Speisialtóireachta (i gcomhar le Coláiste na Tríonóide) sna réimsí speisialtóireachta seo a leanas – Altranais Timpistí agus Éigeandála, Altranais Dianchúraim/Chúraim Chorónaigh, Altranais Imobráide agus Altranais Dónna, Altranais Plaisteach agus Oramascaille. Bhain trí cinn de na mic léinn oirirceas amach.

Cuireadh tús le Teastas nua F.E.T.A.C. leibhéal 2 i dTacaíocht Chúram Sláinte do chúntóirí Ospidéal agus Pobail i mí na Samhna 2003.

OIDEACHASÚIL AGUS TAIGHDE

INSTITIÚID HAUGHTON

Stiúthóir Feidhmitheach: Jerry O'Dwyer

Forbraíodh Institiúid Haughton níos mó le linn 2003, bunaithe agus rialaithe ag Coláiste na Tríonóide, Ospidéal Naomh Séamas agus Ospidéal Adelaide agus na Mí a chorpraíonn na hOspidéal Náisiúnta Leanaí i gcomhpháirtíocht lena chéile.

Ba é an príomhrud a rinneadh le linn na bliana ná straitéisí taighde a fhorbairt don AMNCH agus d'Ospidéal Naomh Séamas araon, d'fhonn ligint do sheachadadh comhaontaithe fhoriomláin thaighde idir an dá Ospidéal agus Coláiste na Tríonóide. Tá comhairliúchán ag dul ar aghaidh go leanúnach leis an Roinn Sláinte agus Leanaí agus leis an mBord Taighde Sláinte maidir le forbairt na straitéisí sin. Leanadh ar aghaidh le hobair freisin ar na moltaí chun institiúidí um eolaíocht chardashoithíoch, cosc ar ailse agus dul in aois go sláintiúil a bhunú chomh maith le ionad a bhunú do rialú sláinteachais agus ionfhabhtaithe.

I ndiaidh di Tuairisc ar an Tionscadal Biostart a chríochnú – a d'fhéach ar ról an Ospidéal teagaisc sa gheilleagar eolas-bunaithe – tá Institiúid Haughton ag obair le gníomhaireachtaí Stáit, Comhairle Chontae Átha Cliath Theas agus an earnáil phríobháideach chun roinnt dá moltaí a chur i ngníomh ag leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.

Mhéadaigh an Institiúid na seirbhísí atá ar fáil dóibh siúd a bhfuil baint acu le taighde agus tháinig méadú suntasach ar líon na gcistí taighde faoi bhainistíocht. Méadóidh ar réimse na seirbhísí atá ar fáil do thaighdeoirí le ceapachán Bithstaitisteora, an Dochtúir Anthony Fitzgerald a thosaigh ar a phost go luath i 2003.

I Scoil Chéimithe na nEolaíochtaí Sláinte - a riarann Institiúid Haughton go díreach – díróidh ar tacaíocht níos fearr a sholáthar do chomhordnaitheoirí cúrsaí, ar cúrsaí nua Máistreachta agus Dioplóma a fhorbairt, agus ar moltaí a ullmhú do bhainistiú agus forbairt na scoile amach anseo.

Sholáthair an Institiúid tacaíocht do pháirtíocht i Eurolífe Scoil na Fisice, i gcomhar leis an dá Ospidéal teagaisc. Tugann Eurolífe le chéile ionadaithe de

sheacht gcinn de na scoileanna leighis is sine san Eoraip, ag soláthar go leor deiseanna do chomhoibriú sa taighde agus san oideachas.

IONAD IARCHÉIME WILLIAM STOKES

Stiúthóir Míorchaine An Dochtúir Finbarr O'Connell
Riarthóir Michael O'Hagan, Uasal
Rúnaí Grainne Redican

Tá Ionad Iarchéime William Stokes mar léiriú ar chomhthionscnamh idir an Bord Iarchéime Míochaine agus Fiaclóireachta, Ospidéal Naomh Séamas, Údarás Sláinte Réigiúnach an Oirthir, dámh William Stokes de Choláiste Liachleachtóirí na hÉireann agus Coláiste na Tríonóide. I gcomhar le hIonad Iarchéime Robert Graves in Ospidéal Tamhlachta, soláthraíonn an t-ionad áiseanna agus acmhainní do réimse leathan gníomhaíochtaí iarchéime do dhochtúirí i ndeisceart agus in iardheisceart Bhaile Átha Cliath.

Bíonn roinnt cruinnithe seachtainiúla ar siúl san ionad lena n-áirítear Babhtáí Móra Ospidéal, cruinnithe de chuid Dhámh Liachleachtóireachta William Stokes, cruinnithe do Liachleachtóirí faoi oiliúint, uasdhátuithe agus cúrsaí míochaine, seimineáir agus cruinnithe faoi mhíochaine mhóilíneach, ardtacaíocht bheatha chairdiach agus cruinnithe eile de chuid na speisialtóireachtaí míochaine agus máinliachta.

OIFIG AN CHUIBHREANNAIS UM THRIALACHA CLINICIÚLA 2003

Stiúthóir Míorchaine An Dochtúir John Kennedy
Stiúthóir Eolaíochta: An Tollamh John Reynolds
Bhainistóir Clár: Jennifer Feighan

Éascaíodh forbairt an bhonneagair chun tacú le níos mó forbartha ar ghníomhaíochtaí trialacha cliniciúla trasna gach institiúid pháirteach de chuid an Chuibhreannais um Thrialacha Cliniciúla trí dheontas a bhronn an Bord um Thaighde Shláinte. Ba é an toradh ná gur cruthaíodh an chéad fhoirgneamh in Éirinn tiomanta do thrialacha cliniciúla, ina bhfuil Oifig na dTrialacha Cliniciúla Ailse (CCTO) agus ina n-oibríonn foirne bainistíochta sonraí, taighde altranais agus taighde gineolaíochta. Feidhmíonn an Oifig, atá bunaithe in Ospidéal Naomh Séamas, mar lárionad riaracháin freisin chun tacaíocht do thrialacha cliniciúla a sholáthar do gach Institiúid sa Chuibhreannas.

Tá trialacha cliniúla á ndéanamh le blianta fada in Ospidéal Naomh Séamas agus in Ospidéal na Bantiarna do Leanaí Breoite, Cromghlinn, le maoiniú ó chistí daonchairdiúlacha go príomha. Mar gheall ar dheontas an Bhoird um Thaighde Sláinte, tá Ospidéal Naomh Séamas agus Ospidéal na Bantiarna do Leanaí breoite araon in

ann a bhfoirne taighde a mhéadú chun clár trialacha cliniúla atá níos cuimsithí a fhorbairt.

I gcaitheamh na bliana, fostaíodh foireann taighde ag dhá láthair nua mar atá, Ospidéal Ban an Choim agus Bord Sláinte Lártíre in Ospidéal na Tulaí Móire, a chuirfidh le clár taighde a fhorbairt d'urchóidgh liachta ban agus a mhéadóidh rochtain áitiúil ar chlár taighde do othair Lártíre.

SEIRBHÍSÍ AILSE AG OSPIDÉAL NAOMH SÉAMUS

Caithaoirleach Ghrúpa Straithéis

Ailse Ospidéal Naomh Séamus An Tollamh Mark Lawlor

Is é Ospidéal Naomh Séamas an soláthróir is mó de chúram ailse i measc na géarospidéal go léir in Éireann. Tá méadú faoi thrí tagtha ar an ualach oibre ailse sa tréimhse 1993-2003, agus tugadh cóireáil do chóir a bheith 18,000 othar nua ailse le linn na tréimhse sin. Déanann Ospidéal Naomh Séamas bainistíocht ar bhreis is fiche faoin gcéad den chóireáil náisiúnta do leicicéime, liomfóma, agus ailse éasafagais, goile, scámhóige, mascaille agus cinn agus muinéil. Is é Aonad na bPlaisteach agus na hAtógála an príomhsholáthróir máinliachta d'ailsí forbartha craicinn go náisiúnta agus tá sé nasctha go dlúth ó thaobh na seirbhíse sin le hOspidéal Naomh Lúca. Soláthraíonn an tAonad Brollaigh agus an tAonad Calaireiteach seirbhís mhór réigiúnach, ag déanamh bainistíochta ar bhreis is 150 cás nua go bliantúil.

Tá éabhlóid tagtha go scioptha ar an struchtúr chun cúram ailse a sheachadadh le blianta beaga anuas in Ospidéal Naomh Séamas go múnla na foirne ildhisciplíní (MDT). Tá an múnla sin ann anois do gach foireann ailse. Tá struchtúr an ailse bhrollaigh, mar shampla amháin, comhdhéanta d'fhoireann shonraithe máinlianna, oinceolaithe, altraí, raideolaithe, cíteapaiteolaithe agus histeapaiteolaithe, fisiteiripeoirí, foireann trialacha cliniúla agus taighde saotharlainne, bainisteoir bunachar sonraí agus tacaíocht riaracháin. Feidhmíonn an struchtúr trí chlinic agus comhdháil sheachtainiúil bhrollaigh ina ndéanann an fhoireann plé ar gach cás ailse agus ar gach cás a bhfuiltear in amhras faoi ailse a bheith i gceist. Déantar gach gné de

thuras an othair atá le teacht trí dhiagnóis agus cóireáil – an próiseas cúraim – agus torthaí na chóireála a dhoiciméadú i mbunachar sonraí leictreonach. Tá múnla den chineál céanna ann d'ailsí eile. Mar gheall ar an struchtúr feabhsaithe seo de sheirbhísí ailse, tá feabhas tagtha ar phróiseas an othair síos tríd an phróisis fhiosrúcháin agus cóireála. Tá a fhios againn ó iniúchadh ar ár seirbhísí go bhfuil torthaí ailse Ospidéal Naomh Séamas ar chomhchéim le tagarmharcálacha ó ionaid mhóra idirnáisiúnta ailse.

Ní bhíonn an múnla MDT sonrach do na stiúirthóireachtaí in Ospidéal Naomh Séamas agus tá an straitéis ailse le deich mbliana anuas ag iarraidh an t-ospidéal ailse – ar ospidéal fíorúil i láthair na huairé – a shainmhíniú laistigh den champas chun comhtháthú laistigh den mhúnla sin a chinntiú. Tá grúpa straitéise ailse le bunús leathan, le hionadaithe ó gach stiúirthóireacht, ag stiúradh forbartha ailse le deich mbliana anuas – le tacaíocht nach beag ó riarthóirí sinsearach ag an Ospidéal. Le blianta beaga anuas, mar gheall ar leathnú ar an mbonneagar do thrialacha cliniúla ailse ar an láthair seo, le tacaíocht ón mBord um Thaighde Shláinte, agus fionasc idir cúram othar agus taighde gineolaíochta agus móilíneach, éascaithe ag áiseanna Ionad na Míochaine Móilíní, Baile Átha Cliath agus Choláiste na Tríonóide, tá rochtain ag ár n-othair ailse ar theiripithe nua trí thrialacha cliniúla. Chruthaigh sé sin an deis do thaighdeoirí Ospidéal Naomh Séamas urfhuascailtí eolaíochta a dhéanamh i dtaighde ailse.

BUAICPHOINTÍ 2003

Tá roinnt buaicphointí ann ar fiú aird a dhíriú orthu. Bhí an chéad Chomhdháil Idirnáisiúnta Ailse de chuid Ospidéal Naomh Séamas ar siúl i mí Mhárta agus tugadh le chéile ceannairí tuairimíochta ó gach cearn den domhan. Bhí roinnt saineolaithe i láthair ón Lárionad Náisiúnta Ailse (NCI) i Washington agus mar gheall ar nascanna foirmiúla leis an NCI ag go leor leibhéal – lena n-áirítear oideachas, oiliúint agus taighde – cruthaíodh deiseanna den scoth do chomhaltáí foirne ag Ospidéal Naomh Séamas.

Bunaíodh an tAonad Acadúil d'Oinceolaíocht Chliniciúil agus Mhóilíneach, a bhfuil an tOllamh Donal Hollywood, agus Scoil na Radaiteiripe, a bhfuil Mary Coffey, Uasal i gceannas uirthi, ar an láthair faoi chomaoin Choláiste na Tríonóide i mí Mheán Fómhair 2003. Tá córas Teileshinéirge/Teilemhíochaine lonnaithe san Aonad sin anois agus bíonn sé nasctha leis an NCI, le hOspidéal Naomh Lúca, Baile Átha Cliath agus le hOspidéal Chathair Bhéal Feirste. Táthar ag súil go ligfidh an áis seo do chliniceoirí agus d'eolaithe in Éirinn cásanna a phlé agus a

phleanáil i bhfóram le comhghleacaithe san NCI, rud atá mar dhul chun cinn ollmhór ar fad i gcúram othar – go háirithe d’othair a bhfuil ailsí casta nó neamhchoitianta orthu a dteastaíonn raidíteiripe uathu. Ar sheachtháirge eile den teicneolaíocht sin, atá curtha i bhfeidhm cheana féin, is féidir le hospidéal ar bith sa tír a bhfuil áiseanna fisichomhdhála acu nasc a dhéanamh leis an saineolas ailsé ag Ospidéal Naomh Séamas. Ba cheart go mbeadh tionchar ag an acmhainn seo ar chúram foriomlán ailsé go náisiúnta.



An tOllamh Mike Richards (UK), An tAire Sláinte agus Leanaí An tUasal Micheal Martin agus an Doc Manolo Morentes Centro Nacional de Investigaciones Oncológicas (CNIO), Madrid, an Spáinn ag oscail Cancer 2003

Tá forbairt mhór i leith tacú le folláine shíceolaíochta othar ailsé, agus cóireáil a thabhairt d’othair ailsé a dtagann tinneas síciatrach orthu, forbartha. Tá an tAonad Sícoinceolaíochta, faoi cheannas an Dochtúra Ann-Marie O’Dwyer, ar an gcéad cheann dá shórt in Éirinn agus is é an cúram atá air ná múnla a fhorbairt, sa réigiún seo ar dtús, a líonfaidh an bhearna shuntasach a bhí ann go dtí seo sa chur chuige iomlánaíoch i leith chúram othar agus a dteaghlaigh.

Léiríonn cúram ailsé beagnach 30% den chúram a thugann Ospidéal Naomh Séamas d’othair. Níl aon rannóg san Ospidéal tiomanta d’ailsé, mar sin, bíonn othair ailsé lonnaithe i mbeagnach gach barda san Ospidéal. Bíonn teagmháil ag beagnach gach comhalta foirne san Ospidéal le hothair atá ag iarraidh déileáil leis an diagnóis is mó a chuireann eagla orthu. Ar son an Ghrúpa Straitéise Ailsé, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le gach comhalta foirne as an gcomhbhá, cineáltas agus cúram a thugtar dár n-othair. Ba mhaith liom aird a dhíriú go háirithe ar an bhfoireann altranais, a bhfuil a gceangaltas lán-aimseartha bunaithe ar chúram ailsé, tiomantas neamhghnáthach mar shainmhíniú ar cháilíocht an chúraim ailsé in Ospidéal Naomh Séamas.



Comhdháil Ailsé 2003

Bhí an chéad Chomhdháil Ailsé de chuid an Ghrúpa Straitéise Ailsé in Ospidéal Naomh Séamas ar siúl i mí Mhárta 2003. Bhí an-rath go deo ar an gcomhdháil agus chuala siadsan a bhí i láthair léachtaí den cháilíocht is airde ó chainteoirí clúiteacha ó Éirinn, ón Ríocht Aontaithe, ón Spáinn agus ó na Stáit Aontaithe, lena n-áiríodh toiscaireacht nach beag ón Lárionad Náisiúnta Ailsé i Washington. I measc na n-ábhar a clúdaíodh sa chomhdháil bhí straitéis ailsé, eolas uasdhátaíochta ar an leicéime, ailsé próstatach, míochaine mhóilíneach agus comhpháirtíochtaí thuaidh-theas san altranais idir Ospidéal Naomh Séamas agus Ospidéal Chathair Bhéal Feirste. Ba í Oifig Réigiúnach an Chláir Oinceolaíochta a d’eagraigh an chomhdháil.



AN CLÁR TIONSCNAIMH CHÁILÍOCHTA

D'aithin Tionscnamh Cáilíochta Ospidéil Naomh Séamas trí phríomhchuspóir atá le baint amach le linn na tréimhse chúig bliana 1998-2003:

- Seirbhísí lán-éifeachtúla trí tagairt a dhéanamh do chaighdeáin chomhaimseartha idirnáisiúnta
- Seirbhísí a bhaineann go hiomlán le riachtanais an daonra ar a bhfuiltear ag freastal
- Cumhacht ag an bpobal ar a bhfreastlaíonn an tOspidéal idirghníomhú leis an Ospidéal

Cuireadh na Tionscnaimh Cháilíochta sin chun cinn trí Chreidiúnú, Bainistíocht Riosca, Tacaíocht ó Othair agus na cláir um Tháscairí Feidhmíochta.

CREIDIÚNÚ

Is éard atá i gceist le creidiúnú ná próiseas féinmheasúnaithe agus athbhreithnithe sheachtraigh ó chomhghleacaithe a bhaintear úsáid as in Ospidéal chun an leibhéal feidhmíochta a mheas go cruinn maidir le caighdeáin a aithnítear go hidirnáisiúnta agus is éard is aidhm leo ná bealaí chun na seirbhísí a sholátháitear a fheabhsú go leanúnach a chur i ngníomh. Bhí bliain an-ghníomhach ag baint le creidiúnú agus ag an trí fhoireann chreidiúnaithe déag ildhisplíneacha san Ospidéal

- Thug grúpa de sheisear athbhreithneoirí comhghleacaithe cuairt ar an Ospidéal go déanach i mí Eanáir chun scóranna féinmheasúnaithe an Ospidéal a fhíorú agus chun stádas creidiúnaithe a shocrú
- Bronnadh Ardstádas Réamchreidiúnaithe ar an Ospidéal chomh maith le tuarascáil agus moltaí
